FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL & CUNTAIS 2020

Méadaigh gnó, cuir leis an aimsiú

ENTERPRISE IRELAND

DON AIRE FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA

I gcomhlíonadh an Achta um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, cuireann Fiontraíocht Éireann i láthair leis seo a tuarascáil agus cuntais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020.

Leo Clancy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Terence O'Rourke
Cathaoirleach

Íomhá ar an gclúdach tosaigh: €6.5m i ndeontais don earnáil mhiondíola, faoin Scéim Mhiondíola ar Líne, á fhógairt ag an Tánaiste Leo Varadkar.
C-D: Tánaiste Leo Varadkar; John Smith, SB, Best Menswear; David Jones, Nascúinéir, Best Menswear; Stephen Hughes, Ceannasaí Tomhaltóirí, Fiontraíocht Éireann agus Julie Sinnamon ag Best Menswear (iarratasóir ar éirigh leis páirt a ghlacadh sa Scéim Mhiondíola ar Líne) in Ionad Siopadóireachta Shráid Jervis, Baile Átha Cliath.

CÉARD A DHÉANAIMID

Is é misean Fhiontraíocht Éireann ná feabhas mór a chur ar neart idirnáisiúnta fhiontraíocht na hÉireann ar fud gach réigiúin trí chumais nuála agus iomaíocha cuideachtaí Éireannacha a athrú ó bhonn.

Bainfimid ár gcuspóir amach trí cheannairí uaillmhianacha gnó a spreagadh agus a thacú chun cur le scála a ngnóthaí agus méadú ar a n-aimsiú isteach i margaí nua easpórtála.

Táimid ag obair le cliaint trí líonra comhairleoirí margaidh agus earnála bunaithe in:

10

láthair in Éirinn

40

láthair go hidirnáisiúnta

CUIR LEIS AN NGNÓ

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cuideachtaí uaillmhianacha Éireannacha de gach aon mhéid chun scála níos mó a bhaint amach trí:

- Fiontraíocht a chothú agus a fhorbairt
- Leibhéil nuála a mhéadú
- Cur le forbairt ceannaireachta
- Iomaíochas a fheabhsú.

MÉADAIGH AN CHUMHACHT

Tacaíonn Fiontraíocht Éireann le cliaint chun dlús a chur leis an bhfás ar an easpórtáil dhomhanda agus gníomhaíocht a dhaingniú sa Ríocht Aontaithe (RA) trí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

- Tionchar ár mbonn cliant a mhéadú ar fud an domhain
- Easpórtálacha chuig an limistéar euro a mhéadú
- Easpórtálacha chuig an RA a dhaingniú
- Deiseanna margaidh agus earnála na todhchaí a fhorbairt.

TÁ SAINCHÚRAM SPEISIALTA AGAINN:

- Oibriú i gcomhar leis an líonra de 31 Oifig Fiontair Áitiúil trínár Lárionad Feabhais chun tacú le gnólachtaí beaga agus micreaghnólachtaí
- Infheistíocht dhíreach choigríche (IDC) sa tionscal bia a mhealladh isteach in Éirinn
- Éire a chur chun cinn thar lear mar an áit chéadroghnaithe chun staidéar a dhéanamh thar lear don ardoideachas.

CLÁR AN ÁBHAIR

FORBHREATHNÚ AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN POF 1

CUIR LEIS AN NGNÓ 8

SMAOINIGH AS AN NUA 8

MÉADAIGH AN CHUMHACHT 13

DÁILEADH CISTÍ 2020 17

RIALACHAS CORPARÁIDEACH 19

BORD FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN 2020 21

RÁITIS AIRGEADAIS

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais 30

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Bord 32

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach 36

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas and Cúlchistí Ioncaim Coinnithe 38

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach 39

Ráiteas faoin Staid Airgeadais 40

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid Thirim 41

Polasaithe Cuntasaíochta 42

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais 44

Líonra Oifigí Fhiontraíocht Éireann 65

FORBHREATHNÚ AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN POF

Agus an bhliain dheireanach dár straitéis 'Cuir leis an nGnó, Méadaigh an Chumhacht' 2017-2020 ag tosú, bhí Fiontraíocht Éireann ar an mbealach chun an chuid is mó dá príomhspriocanna a shárú. In 2019, rinne na cuideachtaí a dtugaimid tacaíocht dóibh an leibhéal fostaíochta is airde riamh a thaifeadadh, mar aon le heaspórtálacha os cionn €25bn agus caiteachas de €29bn i ngeilleagar na hÉireann, an méid is mó riamh.

Mar sin féin, tháinig míshuaimhneas nach bhfacthas riamh cheana in 2020 mar gheall ar phaindéim COVID-19 agus ar an éiginnteacht mar thoradh ar na caibidlíochtaí leanúnacha maidir le Brexit. Chun na tionchair sin a fhritháireamh, lean Fiontraíocht Éireann ag tacú leis an gclár oibre iomaíochais, nuála agus éagsúlaithe ar fud an bhoinn fiontair agus raon leathan de thacaíochtaí agus tionscnaimh nua spriocdhíritheacha á bhforbairt agus á dtabhairt isteach aici, a bhí ann go díreach chun cuidiú le cuideachtaí iad féin a chobhsú, a athshocrú agus a théarnamh agus a ngnólachtaí á mbainistiú trí na dúshláin maidir le Brexit agus le COVID-19.

Mar thoradh ar an gcomhpháirtíocht a cuireadh i gcrích go comhpháirteach le cuideachtaí agus i gcomhcheangal le hidirghabhálacha rialtais eile a cuireadh i bhfeidhm chun tacú a thabhairt don gheilleagar le linn phaindéim COVID-19, bhí 220,613 ar an iomlán fostaithe i gcliant-chuideachtaí Fhiontraíocht Éireann. Laghdú 0.4% ar 2019 a bhí ann, ach léiríodh cobhsaíocht choibhneasta in am inar cuireadh isteach go mór ar chúrsaí.

Go suntasach, ó thaobh fhorbairt chothromúil na réigiún, bhí 65% den fhostaíocht iomlán i gcuideachtaí Fhiontraíocht Éireann in 2020 taobh amuigh de réigiún Bhaile Átha Cliath.

Bhí feidhmíocht easpórtála na gcuideachtaí Éireannacha láidir le linn phaindéim COVID-19 in ainneoin na ndúshlán ollmhór, agus tháinig fás 0.3% ar easpórtálacha go €25.486bn in 2020.

I measc na mbuaicphointí eile in 2020 bhí:

- **125 gnólacht nuathionscanta nua a fuair tacaíocht ó chúnamh GNTA ón gCiste Tosaithe Iomaíoch (CTI)**
- **194 tionscadal taighde agus forbartha (T&F) a fuair deontais le luach níos mó ná €50k**
- **1,408 conradh thar lear a athnuadh nó a buadh le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann**

I mbliain thar a bheith dúshlánach, ba é geilleagar na hÉireann an t-aon gheilleagar san Aontas Eorpach (AE) a tháinig fás air in 2020.

In ainneoin thionchar phaindéim COVID-19 agus an dúnadh a bhain léi, tháinig fás 0.7% agus 0.3% faoi seach ar fhás díolachán agus easpórtálacha chliaint Fhiontraíocht Éireann i rith na bliana. Is codarsnacht suntasach é sin leis an meánchrapadh de 6.8% thar an AE. I Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa - Geimhreadh 2021, thuar an Coimisiún Eorpach go dtiocfaidh méadú 3.4% ar olltáirgeacht intíre na hÉireann in 2021 agus méadú beagán níos mó de 3.5% air in 2022.

AG DUL I NGLEIC LE DÚSHLÁN NA PAINDÉIME

Bhí straitéis Fhiontraíocht Éireann chun cúnamh a thabhairt d'fhiontair a bhí ag fulaingt de bharr ráig COVID-19 bunaithe ar chúrsaí a 'chobhsú, a athshocrú agus a théarnamh'. Tugadh comhairle do 8,650 cuideachta (cliaint nach raibh baint acu le Fiontraíocht Éireann san áireamh) agus díríodh iad i dtreo roghanna maoinithe tríd ár Mol Freagartha Gnó. Mar thoradh ar sin rinneadh €142m a thabhairt do 1,919 cuideachta i rith na bliana trí réimse tacaíochtaí, na cinn seo a leanas san áireamh:

- **An Ciste um Fhiontraíocht a Chothú – €124m go 418 cuideachta ina bhfuil níos mó ná 17,000 duine fostaithe**
- **Scéim Mhiondíola ar Líne COVID-19 – ar fáil do chliaint nach bhfuil baint acu le Fiontraíocht Éireann; Cuireadh €11.8m ar fáil do 330 gnólacht i ndá ghairm in 2020**
- **Deontas Pleanála Airgeadais do Ghnó – 989 ceadú do chuideachtaí, €4.9m san iomlán**

Is mór an spreagadh é go bhfuil gnólachtaí Éireannacha tar éis dul i ngleic leis an bpaindéim trí athruithe a dhéanamh chun freastal ar riachtanais margaí éiritheacha, i réimsí amhail eolaíochtaí saoil, sláinte dhigiteach agus miondíol do thomhaltóirí.

D'fhorbair na cuideachtaí sin freagraí ar an bpaindéim a d'athródh an saol. Mar thoradh, tá Éire sa chúigiú áit ar domhan anois maidir le heaspórtálacha earraí agus seirbhísí a bhaineann le COVID-19, de réir na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta.

FREAGAIRT AR BREXIT

Le cúpla bliain anuas, an tosaíocht a bhí ag Fiontraíocht Éireann ná a chinntiú go mbeadh easpórtálaithe Éireannacha réidh do Brexit. Chun é sin a bhaint amach, chuir an ghníomhaireacht clár i bhfeidhm chun tacú le heaspórtálaithe a bheith níos nuálaí agus níos iomaíche agus níos mó éagsúlacht a chur sa mhargadh, lena n-áirítear maoiniú €125m do chliaint a bheadh cosaint ar Brexit ag teastáil uathu in 2018 agus 2019.

Cuireadh fáilte roimh an gComhaontú Trádála agus Comhair idir an AE agus an Ríocht Aontaithe. Tugadh soiléiriú ann, a bhí ag teastáil go géar, ar an gcaidreamh trádála atá tar éis athrú idir an AE agus an Ríocht Aontaithe.

Tá an Ríocht Aontaithe mar an margadh easpórtála is mó atá ag Éirinn agus ní athróidh sé sin, agus léirítear leis an bhfianaise atá ann faoi láthair go bhfuil cuideachtaí Éireannacha ullmhaithe go maith do na socruithe nua. Glacadh go forleathan leis an deontas 'Réidh le haghaidh Custaim' ó Fhiontraíocht Éireann, le €11.9m curtha ar fáil faoi dheireadh mhí an Mhárta 2021.

Tugann an deontas 'Réidh le haghaidh Custaim' cabhair do ghnólachtaí an acmhainneacht a mhéadú maidir leis an bpróiseas custaim a bhainistiú, rud a chinntíonn go mbeidh leanúnachas i dtrádáil agus go gcuirfear le costais earcaíochta, costais fostaíochta agus soláthar bonneagair TF. Beidh an scéim oscailte d'iarratasóirí go dtí 31 Lúnasa 2021.

Leanfaimid de chabhair a thabhairt d'easpórtálaithe Éireannacha agus iad ag iarraidh costais mhéadaithe sa slabhra soláthair a mhaolú, custaim agus dúshláin lóistíochta a bhainistiú agus dul i ngleic le haon chur isteach eile ar thrádáil mar thoradh ar Brexit.

Dírímid ar chúnamh a thabhairt do chuideachtaí leas a bhaint as na deiseanna atá fós ann sa Ríocht Aontaithe. Léirítear leis an infheistíocht in oifig nua Fhiontraíocht Éireann a oscailt i Manchain ár ngealltanas leanúnach tacaíocht a thabhairt dár gcliaint i margadh na Ríochta Aontaithe.

FORBHREATHNÚ AN CHATHAOIRLIGH AGUS AN POF (Ar lean)

I gcomhthráth, táimid ag tabhairt tacaíocht do chuideachtaí Éireannacha a gcuid easpórtálacha chuig margaí eile a mhéadú, go háirithe réigiún limistéar an euro, atá mar an dara margadh easpórtála is mó do chliant-chuideachtaí Fhiontraíocht Éireann, agus luach €5.856bn san iomlán ar na heaspórtálacha don limistéar sin in 2020. Go comhréireach, tá laghdú tagtha ar easpórtálacha mhargadh na Ríochta Aontaithe do chuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann ó 42% d'easpórtálacha in 2009 go 29% d'easpórtálacha in 2020. Tháinig méadú ar luach na n-easpórtálacha sin ó €5.6bn go €7.510bn ar aon líne le méadú iomlán ar easpórtálacha thar an tréimhse chéanna.

INFHEISTIÚ I NGNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA

Rinne Fiontraíocht Éireann maoiniú de €48m, an méid is mó riamh, a cheadú do ghnólachtaí nuathionscanta Éireannacha in 2020. Ina measc bhí cuideachtaí sna príomhearnálacha seo a leanas: teicneolaíocht an airgeadais, cibearshlándáil, sláinte dhigiteach agus teicneolaíocht talmhaíochta. Bhí bean mar bhainisteoir ar ocht gcinn is tríocha de na gnólachtaí nuathionscanta sin.

Buíochas leis an Scéim um Chaipiteal Síl agus Fiontar ó Fhiontraíocht Éireann, tagann méadú ar an gcaipiteal riosca atá ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta in Éirinn. Le 25 bliain anuas, tá infheistíocht de €175m curtha ar fáil ag Fiontraíocht Éireann tríd an scéim chun tacú leis na riachtanais mhaoinithe a bhíonn ag cuideachtaí luath-chéime nuálacha Éireannacha, cuideachtaí le huaillmhianta domhanda.

Seoladh dhá chomórtas Chiste Tosaithe Iomaíoch (CTI) ó thús 2020, agus cuireadh maoiniú de €2m ar fáil. Tá an CTI dírithe ar fhiontraithe luath-chéime a bhfuil táirge nó seirbhís nuálach acu i monaraíocht nó i seirbhísí is féidir a thrádáil go hidirnáisiúnta. Faigheann tionscnaimh rathúla suas le €50,000.

Chomh maith leis sin tá clár Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (GNTA) ag Fiontraíocht Éireann chun cabhrú le cuideachtaí forbairt a dhéanamh ar a gcuid smaointí agus a bheith réidh le haghaidh infheisteoirí.

AG TACÚ LE MNÁ I GCÚRSAÍ GNÓ

Aithníonn Fiontraíocht Éireann go mbeidh rath eacnamaíoch na hÉireann bunaithe ar na scileanna agus na buanna go léir atá againn a bharrfheabhsú ach rannpháirtíocht na mban i bhfiontraíocht agus i gceannasaíocht ghnó a mhéadú.

In 2011, ní raibh ach 7% de GNTAnna le bean ar an mbunfhoireann. Tá feabhas mór tagtha ar an staid sin. In 2020, bhí bean mar bhunaitheoir ar 24% dár GNTAnna, agus bhí dul chun cinn maith déanta againn maidir lenár sprioc de 30% de GNTAnna a bhaint amach faoi 2025.

In Eanáir 2020, sheolamar Plean Gníomhaíochta do Mhná i gCúrsaí Gnó, arb plean cuimsitheach sé bliana é. An réasúnaíocht atá taobh thiar den straitéis ná na ceithre phríomhchuspóir seo: méadú ar an líon ban atá ina bhfiontraithe a mhéadú, ar an líon ban atá ina mbunaitheoirí i GNTAnna a mhéadú, ar an líon cuideachtaí a bhfuil bean mar cheannaire orthu atá ag fás go hidirnáisiúnta, agus ar an líon ban atá i róil shinsearaigh ceannaireachta i gcuideachtaí in Éirinn.

Tá bearta déanta ag Fiontraíocht Éireann chun dul i ngleic leis na bacainní atá ann maidir le maoiniú do mhná atá ina mbunaitheoirí. Inár gCiste Tosaithe Iomaíoch (CTI) áirítear ciste sainiúil do mhná atá ina mbunaitheoirí.

Tugaimid tacaíocht freisin do roinnt clár um fhorbairt acmhainní do mhná atá mar fhiontraí. Leis sin, áirítear Going for Growth, Exxcel Female Entrepreneurship at the Rubicon agus Clár 'Innovate' ag an Ionad Nuálaíochta Gnó i mBaile Átha Cliath.

Cé go bhfuil aithne ar Fhiontraíocht Éireann as a tacaíochtaí fiontraíochta do mhná, tá an méadú ar éagsúlacht inscne i gceannasaíocht ghnó fós mar chuspóir measartha úr. Thug Fiontraíocht Éireann Deontas an Phríomhbhainisteora Pháirtaimseartha isteach anuraidh chun earcaíocht na mbainisteoirí sinsearacha páirt-aimseartha a éascú - tá an deontas ar fáil d'fhir agus do mhná araon agus tá mar aidhm aige níos mó ban a mhealladh go róil na hardbhainistíochta.

AG TACÚ LE GNÍOMHAÍOCHT AR SON NA HAERÁIDE

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta don inbhuanaitheacht ina formáidí go léir, tacaíocht d'astaíochtaí san earnáil fiontraíochta san áireamh. Beidh sé sin ina sainréimse straitéiseach sna blianta atá amach romhainn.

Seolta in 2021, is é an Ciste Gníomhaíochta d'Fhiontar Aeráide an chéad chlár atá ag Fiontraíocht Éireann chun cur le sprioc an rialtais astaíochtaí a laghdú níos mó ná 50% faoi dheireadh na ndeich mbliana seo.

Buíochas leis an gciste tosaigh de €10m, cuideofar le cuideachtaí comhairleoirí a fhostú chun cabhrú leo pleananna a fhorbairt sna réimsí seo a leanas: éifeachtúlacht acmhainní agus fuinneamh in-athnuaite, tomhas a dhéanamh ar a lorg carbóin agus na gníomhaíochtaí atá ag teastáil chun é a laghdú a aithint, agus pleananna ilbhliantúla athraithe aeráide a fhorbairt atá i gcomhréir le caighdeáin agus creataí idirnáisiúnta.

CUMHACHTÚ NA RÉIGIÚN

Is é Cumhachtú na Réigiún an straitéis atá ag Fiontraíocht Éireann d'fhorbairt réigiúnach, agus cuireann sé lenár ndea-theist maidir le soláthar d'Éirinn réigiúnach.

Leagtar amach sa straitéis pleananna sonracha do gach réigiún sa tír, pleananna atá bunaithe ar an mbonn fiontair atá ann cheana, ar a gcuid nasc le hinstitiúidí tríú leibhéal agus ar a gcumas uathúil le haghaidh fáis. An aidhm atá leis an straitéis ná fiontair réigiúnacha níos láidre, a chruthaíonn fostaíocht inmharthana agus rachmas áitiúil, a sholáthar. Tá an Ciste Réigiúnach um Fhorbairt Fiontair 2017–2020 á riar againn mar chuid den straitéis seo.

Chomh maith leis sin, tacaíonn Fiontraíocht Éireann le roinnt ionad fiontair réigiúnach, an chuid is mó díobh lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Beidh ról tábhachtach acu inár n-obair chun Straitéis an rialtais maidir le Cianobair a chur chun cinn. I Samhain 2020, cuireadh €8.24m ar fáil do réimse ionad fiontair brabúis agus neamhbhrabúis chun na dúshláin shonracha a bhí acu mar thoradh ar an bpaindéim COVID-19 a aithint, agus chun cinntiú go mbeidh siad fós mar thiománaithe i bhfás réigiúnach.

UAILLMHIAN IDIRNÁISIÚNTA

Príomhghné den mhisean atá ag Fiontraíocht Éireann ná tacaíocht a thabhairt d'easpórtálaithe atá ann cheana, agus d'easpórtálaithe a d'fhéadfadh a bheith ann, cur lena ngnó agus a gcumhacht a leathnú isteach i margaí nua. Cuirimid maoiniú, léargas ar an margadh, rochtain ar ár líonra de 40 oifig thar lear agus réimse leathan tacaíochtaí eile ar fáil chun cabhrú leo a n-uaillmhian dhomhanda a bhaint amach.

Cuireann ár bhfoireann thar lear, a bhfuil eolas domhain aici ar an margadh agus ar an earnáil, léargas agus taithí ríthábhachtach ar fáil, agus déanann sí cuideachtaí Éireannacha atá ag tosú amach ar nó ag leathnú a dturas easpórtála a chur i láthair do ghnólachtaí an-tábhachtacha eile.

Sa bhliain is dúshlánaí do thrádáil dhomhanda ar feadh ar a laghad 70 bliain, bhí feidhmíocht easpórtála láidir eile ag cuideachtaí Éireannacha. €25.486bn a bhí ar dhíolacháin easpórtála le linn 2020, méadú 0.3% ar 2019.

Go spreagúil tháinig méadú ar easpórtálacha chuig margaí Eorpacha mar chuid den fheidhmíocht sin. Tháinig méadú 1.6% ar easpórtálacha chuig limistéar an euro go €5.856bn, nó 23% d'easpórtálacha iomlána, agus tháinig méadú an-láidir 29% go €1.435bn ar dhíolacháin le Tuaisceart na hEorpa, sin 6% d'easpórtálacha iomlána.

Mar fhianaise bhreise ar acmhainneacht agus ar ghastacht easpórtálaithe Éireannacha, lean díolacháin le Tuaisceart Mheiriceá agus le réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise ag déanamh go maith, gan ach titeadh de 1% i ngach cás, go díolacháin de €4.465bn agus €2.141bn, faoi seach.

Tá áit cheannaireachta idirnáisiúnta fhiontar na hÉireann i raon leathan earnálacha mar bhonn faoin fheidhmíocht láidir sin. Is iad seo a leanas cuid de na hearnálacha sin: teicneolaíocht an leighis, foirgníocht ardteicneolaíochta, teicneolaíocht an airgeadais, teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide (TFC) agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn. Ar na hearnálacha a sheas amach i rith na bliana bhí: foirgníocht, le méadú de 12% go heaspórtálacha de €2.512bn; miondíol tomhaltais, ar a tháinig méadú de 6.1% go €989m; agus teicneolaíocht an airgeadais, ar a tháinig méadú 2% go €658m.

D'éirigh go han-mhaith freisin le bia, an earnáil easpórtála is mó atá againn, in ainneoin an bhrú agus an chuir isteach, agus tháinig méadú 0.6% uirthi go heaspórtálacha de €12.172bn.

NUÁLAÍOCHT

Mar thír bheag, tá an taighde agus an nuáil thar a bheith tábhachtach chun iomaíochas na hÉireann a choinneáil i margaí domhanda, agus tá siad ríthábhachtach chun dul i ngleic le go leor de na dúshláin dhomhanda. Tá cáil an fheabhais eolaíochta orainn atá ag méadú i gcónaí, mar aon le cáil maidir le heolas nua a ghiniúint agus a úsáid don dul chun cinn eacnamaíoch agus sóisialta. Is iad sin na saintréithe a thugann buntáiste iomaíoch dúinn agus a chuireann cuideachtaí Éireannacha ar thús cadhnaíochta i bhfreagraí a sholáthar ar cheisteanna atá againn inniu agus a bheidh againn amárach.

Bhí sé sin níos soiléire i bhfreagairt gnólachtaí Éireannacha ar ghéarchéim COVID-19 thar aon am eile. Beagnach láithreach, chonaiceamar cuideachtaí Éireannacha ag freagairt le gastacht agus le nuáil chun athruithe a dhéanamh mar fhreagairt ar na riachtanais nua don cheannaitheoir agus don mhargadh a tháinig chun cinn ón bpaindéim.

Tá Fiontraíocht Éireann ina ceann feadhna i gcnuasach teicneolaíochta digití na Éirinn atá ag dul ó neart go neart. Tacaítear sa chnuasach sin le héiceachóras taighde agus forbartha den chéad scoth

agus le tírdhreach láidir infheistíochta an chaipitil fiontair, atá ag cur leis an nuáil agus ag tabhairt Bhuntáiste na hÉireann go raon leathan tionscal go hidirnáisiúnta.

Tá tionscnaimh amhail an Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha de €500m ag cur le nuáil dhigiteach, agus tá maoiniú á chur ar fáil acu do chomhoibriú idir bhonn taighde na hÉireann agus earnáil na tionsclaíochta chun teicneolaíochtaí bunathraitheacha agus feidhmchláir a fhorbairt ar bhonn tráchtála.

Braitheann na tacaíochtaí nuála a thugann Fiontraíocht Éireann ar mhéid agus ar mhian na gcuideachtaí, agus áirítear orthu Dearbháin Nuálaíochta le luach suas go €5,000 chun cabhrú le gnólachtaí obair a dhéanamh le soláthraithe eolais phoiblí agus réitigh nua á bhforbairt; Clár na dTairseach Teicneolaíochta, a eagraítear i gcomhpháirt le GFT Éireann, lena nasctar daoine éirimiúla inár n-ollscoileanna teicneolaíochta agus institiúidí teicneolaíochta le gnólachtaí; agus deontais dhíreacha do TF&N (taighde, forbairt and nuáil) chun tacaíocht a thabhairt do thaighde agus nuáil i gcuideachtaí ag gach aon leibhéal d'fhás.

FÍS EORPACH

Le buiséad de níos mó ná €95bn idir anois agus 2027, beidh clár nua taighde agus infheistíochta an AE, Fís Eorpach, mar an clár is mó ar tugadh faoi san Eoraip riamh. Fuair Éire níos mó ná €1bn thar thréimhse an chláir roimhe, Fís 2020, agus leanfaimid ag obair le cuideachtaí Éireannacha, le taighdeoirí agus le geallsealbhóirí eile chun an t-eolas ar na deiseanna a bheidh ann faoin gclár nua a uasmhéadú.

ÁR GCUSPÓIRÍ DO 2021

Bliain chriticiúil a bheidh ann in 2021 do gheilleagar na hÉireann agus tá an earnáil fiontraíochta ríthábhachtach do théarnamh sna míonna agus sna blianta atá amach romhainn. Beidh Fiontraíocht Éireann ag obair go dlúth le gnólachtaí Éireannacha chun cabhrú leo luas a chur faoin téarnamh sin. Tá sé ríthábhachtach cuideachtaí easpórtála láidre nuálaíocha, atá lonnaithe go réigiúnach, a bheith ann chun forbairt chothrom gheilleagrach a chinntiú, agus chun poist ardluacha a chruthú agus a choinneáil san am atá le teacht.

Le linn 2021, beidh tacaíocht fós ag teastáil ónár gcliaint chun dul i ngleic le paindéim COVID-19 agus chun iad féin a chur in oiriúint don Chomhaontú Trádála agus Comhair nua idir an AE agus an Ríocht Aontaithe.

In 2021, tabharfaimid tacaíocht d'athrú ó bhonn laistigh dár mbonn cliant agus, go háirithe, tabharfaimid cabhair d'fhiontair Éireannacha bheaga agus mheánmhéide bhreise na rudaí seo a leanas a dhéanamh: a gcuid múnlaí gnó a athrú agus infheistíocht a dhéanamh i T&F, glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha a mhéadú, agus dul i ngleic le hathrú aeráide agus le deiseanna carbóin a laghdú ar mhaithe le fás gnó sa todhchaí.

Ag teacht lenár bpríomhchuspóirí, tá sé i gceist againn an líon gnólachtaí nuathionscanta a uasmhéadú, an líon cliant ardfháis a mhéadú atá ag cur lena ngnó, agus an líon cuideachtaí easpórtála a mhéadú.

Agus ár straitéis nua á cruthú agus á cur i bhfeidhm againn chun fás leanúnach agus téarnamh láidir a chinntiú dár gcliant-chuideachtaí tar éis na paindéime COVID-19, déanfaimid é sin faoi cheannasaíocht ár bPríomhoifigigh Feidhmiúcháin nua, Leo Clancy. Tháinig Leo go Fiontraíocht Éireann ónár gcomhghníomhaireacht GFT Éireann, áit ina raibh sé ina Cheannasaí Seirbhísí Teicneolaíochta, Tomhaltais agus Gnó.

Déanfaidh Leo maoirseacht ar ár n-obair ach leanúint ar aghaidh le gnó agus cumhacht na ngnólachtaí Éireannacha a mhéadú, agus béim níos mó á cur ar cheisteanna mar an t-athrú chuig geilleagar ísealcharbóin agus digitiú breise ar fhiontar Éireannach.

Terence O'Rourke
Cathaoirleach

Leo Clancy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

CUIR LEIS AN NGNÓ

Tosuithe Ardacmhainne (HPSUnna)

In 2020 cheadaíomar 80 infheistíocht i nGnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne (GNTAnna) and 45 infheistíocht i gCiste Tosaithe Iomaíoch (CTI), 50% a bhí lonnaithe taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath. Cheadaigh Fiontraíocht Éireann maoiniú de €48m chun cabhrú le cuideachtaí GNTA a mianta d'fhás idirnáisiúnta a bhaint amach.

I measc na ngnólachtaí nuathionscanta in 2020 bhí:

- **38 gnólacht nuathionscanta le mná mar cheannairí** a fuair infheistíocht (19 CTI and 19 GNTA)
- **12 GNTA** a tráchtáladh i gcomhpháirt lenár n-institiúidí taighde tríú leibhéal
- **44 GNTA breise** a fuair maoiniú leantach d'infheistíocht de réir mar a tháinig fás ar a ngnó

€48m
An méid iomlán a cheadaigh Fiontraíocht Éireann i ngnólachtaí nuathionscanta

80
Gnólacht Nuathionscanta Ardacmhainne a fuair tacaíocht

45
Ciste Tosaithe Iomaíoch (CTI) Nua

38
gnólacht nuathionscanta le mná mar cheannairí (19 GNTA agus 19 CTI)

12
Ghnólacht Nuathionscanta Ardacmhainne ó thaighde tríú leibhéal

44
Infheistíocht Leantach

Seóthaispeántas de Ghnólachtaí Nuathionscanta 2021 (D'fhógair an Tánaiste €48m ceadaithe do ghnólachtaí nuathionscanta ó Fhiontraíocht Éireann in 2020). *C-D: Kevin Sherry, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann; Tánaiste Leo Varadkar agus Jennifer Melia, Bainisteoir Roinne, Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne, Fiontraíocht Éireann.*

MAOINIÚ AGUS INFHEISTÍOCHT

Tá sé i gceist againn a chinntiú go mbeidh rochtain sásúil ag ár gcliaint ar mhaoiniú chun dul ó neart go neart. Cheadaíomar maoiniú cothromais agus deontais ar mhaithe le méadú, nuáil, traenáil, fostaíocht agus forbairt acmhainne.

- €124m a bhí mar mhaoiniú COVID-19 faoin **gCiste um Fhiontraíocht a Chothú.** Chabhraigh sé sin le 418 cuideachta agus 17,710 post a chothú trasna na tíre. San iomlán, cuireadh €142m i maoiniú ar fáil do 1,919 cuideachta faoi raon de thionscnaimh mhaoinithe COVID-19 a tugadh isteach mar fhreagairt ar an bpaindéim, €11.8m faoin Scéim Mhiondíola ar Líne COVID-19 san áireamh. Ceadaíodh €8.2m freisin faoin gCiste d'Ionaid Fiontair. Chomh maith leis sin, tugadh tacaíocht do 8,650 cuideachta trí mhol faisnéise, tacaíocht ar líne agus líne chabhrach Fhiontraíocht Éireann faoi COVID-19.
- Cuireadh **Deontas do Phleanáil Airgeadais** €5k ar fáil dár gcliaint, agus bhain 989 díobh leas as in 2020 chun pleananna airgeadais struchtúrtha a ullmhú, a bheadh mar thacaíocht dá n-iarratais ar mhaoiniú chun an bhainc nó soláthraithe maoinithe eile.

Ní hamháin go gcothaíonn maoiniú cuideachtaí, tugtar deis dóibh freisin a dtáirgí nó a múnlaí gnó a athshamhlú agus mairfidh na buntáistí a bhaineann leis sin níos faide ná an phaindéim COVID-19.

Scéim Mhiondíola ar Líne nua ar luach €5.5m á seoladh ag an Aire Damien English.
C-D: Stephen Creaner, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann; Derek Moody, Úinéir agus Stiúrthóir, Great Outdoors (iarratasóir a fuair maoiniú faoin Scéim Mhiondíola ar Líne) agus an tAire Damien English taobh amuigh de Great Outdoors, Baile Átha Cliath.

Tríd ár bhFoireann Seirbhísí Infheistíochta:

Le linn 2020, rinneadh an dara gairm ar léirithe spéise faoin Scéim um Chaipiteal Síl agus Fiontar (2019–2024), agus cuireadh béim ar chistí chun an taighde tríú leibhéal a thráchtálú. I ndiaidh na gairme, tá tiomantais déanta againn i gceithre chiste faoin Scéim atá ann faoi láthair:

- €16m i gCiste Teicneolaíochta Cliste na hÉireann, ciste luath-chéime lena ndéanfar infheistíocht, go príomha, i gcuideachtaí bogearraí agus feistí leighis ar fud na hÉireann
- €15m do Atlantic Fund IV, ciste cothromais fáis a infheistíonn in earnálacha teicneolaíochta bunathraithí
- €10m do MiddleGame Ventures Fund 1, ciste teicneolaíochta airgeadais a bheidh dírithe go gníomhach ar ghnólachtaí nuathionscanta Éireannacha
- €20m do Universe Bridge Fund II, ciste tráchtálaithe a infheistíonn i mac-chuideachtaí tríú leibhéal.

Le chéile, tá luach iomlán €343m ar na cistí seo.

Chomh maith leis sin, cuireadh €10m ar fáil don Chiste um Chaipiteal Síl agus Fiontar mar chuid den phacáiste spreagthaí i mí Iúil. Buíochas leis sin cuireadh infheistíochtaí breise i roinnt cistí reatha a raibh drochthionchar ag COVID-19 ar a n-institiúidí infheistiúcháin Éireannacha.

Chomh maith leis sin, trí ghníomhaíochtaí Halo Business Angel Network (HBAN), rinneadh níos mó ná €11.1m a infheistiú thar raon 39 beart i gcuideachtaí nuathionscanta agus luath-chéime in Éirinn, Deciphex, Glavloc agus FoodMarble san áireamh.

TACAÍOCHT DON EARNÁIL CAIPITIL FIONTAIR IN ÉIRINN

Chun rochtain ar chaipiteal riosca a chinntiú do chliaint trí Fhiontraíocht Éireann, rinne rialtais i ndiaidh a chéile infheistíocht in earnáil caipitil fiontair agus caipitil forbartha na hÉireann le 27 bliain anuas.

- Faoi na scéimeanna éagsúla (Scéimeanna um Chaipiteal Síl agus Fiontar agus Scéimeanna Caipitil Forbartha) go dtí seo, táimid tar éis tacú le 60 ciste, agus mar thoradh táimid tiomanta do chistí ar luach iomlán de €2.9bn.
- In 2020 rinne Fiontraíocht Éireann €39m a infheistiú i gcistí caipitil fiontair/cistí cothromais phríobháidigh.
- In 2020 fuair Fiontraíocht Éireann tuairisceáin de €65.7m ón infheistiú i gcistí caipitil fiontair/cistí cothromais phríobháidigh.

INFHEISTÍOCHTAÍ COTHROMAIS DHÍRIGH ARNA SEALBHÚ AG FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Déanann Fiontraíocht Éireann infheistíocht i ngnólachtaí chun críocha fiontraíocht a fhorbairt agus poist a chruthú, agus is minic go ndéantar infheistíocht ag céim an-luath nuair is airde an phróifíl riosca.

Nuair a dhéanann muid infheistíocht dhíreach i gcuideachtaí nua agus cuideachtaí forbartha, is é ár straitéis ná bun cothromais a thógáil mar mhalairt ar mhaoiniú.

- In 2020 rinneamar 439 infheistíocht nua i 397 cuideachta, ar luach iomlán €68.86m. As sin, baineann €34.1m le réamhíocaíochtaí in-aisíoctha faoin Scéim um Fhiontraíocht a Chothú i 178 cuideachta. Rinne infheisteoirí baile agus idirnáisiúnta an infheistíocht chéanna.
- Bliain láidir eile a bhí ann in 2020 d'ioncam infheistíochta arna ghineadh ag Roinn Cothromas Fhiontraíocht Éireann, le €39.9m ó dhíolacháin scaireanna, ó fhuascailtí scaireanna agus ó dhíbhinní.
- Ag deireadh na bliana bhí 3,149 infheistíocht i dtimpeall 1,600 cliant-chuideachta i bPunann Infheistíochta Dírí Fhiontraíocht Éireann.

Fógraíodh ciste €12m chun cabhrú le hionaid fiontair a raibh tionchar ag an bpaindéim COVID-19 orthu.
Julie Sinnamon ag labhairt ag seoladh an Chiste d'Ionaid Fiontair €12m ag an Ionad Fiontair Guinness, Baile Átha Cliath.

RÉIGIÚIN AGUS FIONTRAÍOCHT

In 2020 leanamar de chlár oibre réigiúnach Fhiontraíocht Éireann a chur chun cinn, le béim faoi leith ar thacaíocht a thabhairt d'fhiontar réigiúnach dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le Brexit agus COVID-19. Is é Cumhachtú na Réigiún freagra Fhiontraíocht Éireann ar straitéisí an rialtais atá dírithe ar fhorbairt gheilleagrach réigiúnach, Tionscadal Éireann, an Creat 'Future Jobs Ireland' agus na Pleananna d'Fhiontar Réigiúnach san áireamh. Déanfaidh Fiontraíocht Éireann réigiúin scála a thógáil trína hinfheistíocht i bhfiontar réigiúnach a uasmhéadú. Leis an bplean tugtar spreagadh d'Fhiontraíocht Éireann a dtionscadail réigiúnacha a chur chun cinn. Coimeádfaidh sé sin ár réigiúin slán sa todhchaí, coinneofar scileanna agus buanna, agus tógfar táirgiúlacht agus acmhainneacht inár mbonn cliant trasna na hÉireann.

Seoladh an Ciste Fiontraíochta Teorann agus an Scéim Fiontraíochta Pobail in 2020, a fhaigheann maoiniú ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Faoin gCiste Fiontraíochta Teorann, ceadaíodh maoiniú ar luach níos mó ná €17m do 17 dtionscadal agus ceadaíodh tacaíocht do níos mó ná 90 Ionad Fiontair mar chuid den chiste iomlán de €8.2m

Buann Bevcraft an Dámhachtain Náisiúnta Fiontar do 2020/2021. *C-D: Darren Fenton agus Ciaran Gorman, comhbhunaitheoirí Bevcraft san Iarmhí, ag fáil chorn na mBuaiteoirí Iomlána do Dhámhachtainí Náisiúnta Fiontar 2020/202, tionscnamh de chuid na nOifigí Fiontair Áitiúla.*

OIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA – Á THABHAIRT I gCRÍCH

Tríd ár nIonad Feabhais, agus i gcomhpháirt le húdaráis áitiúla i ngach contae, thugamar tacaíocht do na 31 Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ) mar an chéad acmhainn do shainchomhairle, faisnéis agus tacaíochtaí praiticiúla. In 2020 d'éirigh le OFÁnna príomhthacaíochtaí a sholáthar don líon is mó gnólachtaí beaga riamh, rud a chabhraigh leo dul i ngleic le paindéim COVID-19 agus le deireadh na hidirthréimhse Brexit.

Feidhmíocht na OFÁnna in 2020

- 35,236 duine fostaithe ag cliaint OFÁnna
- 5,585 post cruthaithe (in ollthéarmaí) ag 7,529 cliant-chuideachta, an toradh ná gur tháinig glanlaghdú 1,494 ar líon na bpost
- €22,001,367 ceadaithe mar chúnamh airgeadais díreach do 1,112 tionscadal gnó
- 12,946 gnóthas beag ceadaithe chun Dearbháin do Thrádáil ar Líne a fháil (ar luach iomlán €30,774,903)
- 12,077 Dearbhán Leanúnachais Ghnó ceadaithe d'fhiontair bheaga go meánmhéide (ar luach iomlán €25,850,156)
- 77,466 duine a ghlac páirt i 3,422 clár traenála ar líne eagraithe ag na OFÁnna
- 16,231 tasc meantóireachta curtha i gcrích tríd na OFÁnna
- 397 cuideachta a d'fhoghlaim conas a bheith níos iomaíche tríd an gclár Lean for Micro
- 133 cuideachta a d'aistrigh go Fiontraíocht Éireann, le tacaíocht óna OFÁ
- 508 iarratas ceadaithe d'iasachtaí ó Mhicrea-Airgeadas Éireann ar rátaí lascaine
- 185 cliant ceadaithe don deontas Cúnamh Teicniúil do Mhicrea-Easpórtálaithe, chun rochtain a fháil ar mhargaí nua
- 1,782 cliant a traenáladh ar na nósanna imeachta custaim nua trí cheardlanna 'Ullmhaigh do Ghnólacht le haghaidh Custaim'

SMAOINIGH AS AN NUA

TÁ RÓL RÍTHÁBHACHTACH AG FIONTRAÍOCHT ÉIREANN SA CHÓRAS NÁISIÚNTA NUÁLAÍOCHTA ATÁ ANN CHUN CABHRÚ LE GNÓLACHTAÍ NUATHIONSCANTA SUAITEACHA NUA A CHRUTHÚ.

Buaiteoirí chomórtas Dhámhachtainí Réimse Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann 2020 á bhfógairt ag an Aire Damien English.
C-D: Mark Christal, Bainisteoir Rannáin, Réigiúin agus Fiontraíocht, Fiontraíocht Éireann agus an tAire Damien English.

- In 2020 tháinig 30 mac-chuideachta nua as an gcóras taighde. Is bealach suntasach iad mac-chuideachtaí chun an nuáil a bhaint amach; déanann na cuideachtaí sin teicneolaíocht cheannródaíoch agus maoin intleachtúil a fhorbairt agus cruthaíonn siad poist nua d’ardluach.
- Le Clár an Chiste Tráchtálaithe atá ag Fiontraíocht Éireann faightear réidh leis na rioscaí a bhaineann le taighde sa chaoi gur féidir é a thráchtálú mar tháirgí, seirbhísí agus/nó cuideachtaí nua. In 2020 ceadaíodh 47 tionscadal taighde.
- Tharla Smaointe Móra 2020 ar líne den chéad uair riamh ar an 25 Samhain; an 12ú ócáid de Smaointe Móra a bhí ann. Ag an ócáid cuireadh dhá mhac-chuideachta déag i láthair; bhí bean mar chomhbhunaitheoir ar sheacht gcinn de na cuideachtaí sin, bhí baint ag trí chuideachta leis an gclár BioInnovate agus bhí POF ag dhá cheann díobh a bhí mar Chomhpháirtí Gnó le Fiontraíocht Éireann. Bhuaigh Galenband ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh an dámhachtain “One to Watch” agus an dámhachtain “Audience Choice” as an gcóras monatóireachta croí atá forbartha acu, córas atá ar a chumas rátaí braite d’Fhibriliú Aitriamach Ciúin a mhéadú. Tháinig méadú suntasach (3x) ar an lucht féachana agus ar thinreamh i mbliana le díreach os cionn 1,260 i láthair.

TACAÍOCHT DUINE LE DUINE:

TACAÍOCHTAÍ A THUGANN CABHAIR DO CHUIDEACHTAÍ AR LEITH PÁIRT A GHLACADH I DTAIGHDE, FORBAIRT AGUS NUÁIL

- **194 infheistíocht TF&N de níos mó ná €50k ceadaithe do chliant-chuideachtaí**
- **Chaith 1,078 cliant €100k nó níos mó ar thaighde agus forbairt (T&F) in 2020**
- **Chaith 182 cliant €1m nó níos mó ar T&F in 2020**

936

tionscadal comhoibríoch idir chuideachtaí agus thaighdeoirí ardoideachais

477

Dearbhán Nuála

54

Comhpháirtíocht Nuála ceadaithe, 61% díobh le cliaint de chuid Fhiontraíocht Éireann

405

tionscadal tionscal-mhaoinithe curtha i gcrích le Tairseacha Teicneolaíochta. In ainneoin bhliain dhúshlánach de bharr COVID-19, d'oibrigh 570 cuideachta le Tairseacha Teicneolaíochta ar níos mó ná 830 tionscadal

FEIDHMÍOCHT T&F IONCHUIDEACHTA

Faoi thacaíocht T&F ionchuideachta rinneadh 171 deontas os cionn €50k a cheadú, 76 díobh ceadaithe faoin gCiste T&F 'Agile'. Is tacaíocht é an Ciste Nuálaíochta 'Agile' do ghníomhaíocht T&F i bhFiontraíocht Éireann, Údarás na Gaeltachta agus cliaint OFÁ de gach méid. Fuarthas 135 iarratas san iomlán. Astu sin, ceadaíodh 116 do 76 cliant de chuid Fhiontraíocht Éireann a bhí ceadaithe do dheontais níos mó ná €50k, 20 cliant OFÁ agus cúig chliant de chuid an Údaráis. Faoin gCiste TF&N ionchuideachta, ceadaíodh 97 iarratas breise. Cuireadh gníomhaíocht T&F chun cinn trí naoi n-ócáid Nuálaíochta 'Agile' agus sé sheimineár ghréasáin ar Phleanáil agus Costáil Tionscadal T&F, agus tharla comhoibriú le heagraíochtaí eile mar an Grúpa um Thaighde agus um Fhorbairt Tionsclaíochta.

Bhí luach €13.3m ar chonarthaí leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis in Éirinn in 2020; fuair 28 cuideachta Éireannach €11.5m den mhéid iomlán sin. In 2020 tháinig an méadú is mó riamh ar líon na gcuideachtaí Éireannacha a bhí ag obair leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis. Fuair 13 chuideachta nua a gcéad chonradh leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis; is é sin an líon is mó cuideachtaí Éireannacha a bhí mar iontrálaí nua, a taifeadadh in aon bhliain amháin go dáta.

FORBAIRT STRAITÉIS NUÁLAÍOCHTA FHIONTRAÍOCHTA ÉIREANN

Is gné chriticiúil í an nuáil in iomaíochas a bhaint amach agus a choimeád nuair atá borradh leanúnach faoi luas an athraithe agus faoin suaitheadh ar an margadh domhanda. Buíochas le Straitéis Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann 2020 -2024 spreagfar an nuáil thar bhonn na gcliant, agus déanfar eagraíocht nuálaíochta iontach d'Fhiontraíocht Éireann. In 2020 bhain cliaint triail as an Scórchárta Nuálaíochta nua den chéad uair. Úsáidfear an scórchárta sin chun eolas a dhéanamh do threoir straitéiseach Fhiontraíocht Éireann agus chun cabhrú léi fás inbhuanaithe a bhaint amach.

TAIRSEACHA TEICNEOLAÍOCHTA

Tá fás leanúnach ag teacht ar na tairseacha tionscal-dhírithe sin agus iad ag dul ó neart go neart. In 2020 sheol Fiontraíocht Éireann gairm eile ar chiste Trealaimh Chaipitiúil chun a chur ar chumas na dTairseach sin leanúint de rochtain a thabhairt don tionscal ar threalamh agus bonneagar criticiúil ceannródaíoch, chun cabhrú le cuideachtaí acmhainneacht a chothú agus a bheith iomaíoch i gcónaí ar leibhéal domhanda in ainneoin na ndúshlán tionsclaíochta. Tugadh €9m le haghaidh 53 píosa trealaimh do na Tairseacha Teicneolaíochta agus do na Lárionaid Teicneolaíochta.



Tugann Fiontraíocht Éireann €1.3m go trí thionscadal chun tacaíocht a thabhairt do thaighde tríú leibhéal a reáchtáil ar bhonn tráchtála (fógra ón gCiste Tráchtálaithe).
Sally-Ann Cryan, Ollamh in Ollscoil na Míochaine agus na nEolaíochtaí Sláinte RCSI.

TACAÍOCHTAÍ AON LE MORÁN

AG CABHRÚ LE GRÚPAÍ CUIDEACHTAÍ OBAIR LE CHÉILE AR TF&N

LÁRIONAID TEICNEOLAÍOCHTA

Cuireann na Lárionaid Teicneolaíochta ar chumas cuideachtaí Éireannacha agus cuideachtaí ilnáisiúnta a thugann infheistíocht dhíreach eachtrach (IDE) obair le chéile ar thionscadail T&F straitéiseacha atá dírithe ar an margadh. Cuireann na lárionaid éiceachóras uathúil ar fáil maidir le comhar i réimsí a aithníonn tionscal mar réimsí a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Ó thaobh rannpháirtíocht an tionscail, bhí baint ag 1,228 cuideachta le clár na Lárionad Teicneolaíochta ag deireadh 2020. Tá líon na gcuideachtaí atá bainteach le Lárionaid Teicneolaíochta chomh mór sin mar gheall ar an éileamh ollmhór atá ar ócáidí a bhaineann le COVID-19 agus mar gheall ar an athrú go seisiúin fhíorúla/ar líne. In 2020 cheadaigh Fiontraíocht Éireann céim nua maoinithe (€10m agus €14m faoi seach) do Lárionad um Chiorcaid Mhicrileictreonaice na hÉireann agus Lárionaid Teicneolaíochta Dhéiríochta.

CISTE NUÁLAÍOCHTA UM THEICNEOLAÍOCHTAÍ BUNATHRAITHEACHA

Lean Fiontraíocht Éireann leis an gCiste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB) a chur ar fáil, ina bhfuil buanna ó FBManna, ó chuideachtaí móra agus ó chóras taighde na hÉireann comhtháthaithe. Déantar é sin mar fhreagra ar na deiseanna atá curtha ar fáil ó fhorbairt agus úsáid Teicneolaíochtaí Bunathraitheacha, teicneolaíochtaí atá dírithe ar dhul i ngleic le dúshláin náisiúnta agus dhomhanda. Lean Fiontraíocht Éireann leis an bpunann tionscadal a ceadaíodh i nGairm 1 agus Gairm 2 a bhainistiú. Osclaíodh Gairm 3 don CNTB ar an 24 Meán Fómhair agus dúnadh í ar an 17 Nollaig 2020.

TÁ FIONTRAÍOCHT ÉIREANN MAR CHEANNAIRE I RANNPHÁIRTÍOCHT RATHÚIL NA HÉIREANN I BHFÍS 2020, CLÁR AN AE DO THAIGHDE, FORBAIRT AGUS NUÁLAÍOCHT

Lean Fiontraíocht Éireann leis an gClár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht de chuid an AE, Fís 2020, a chomhordú agus páirtíocht leis a threorú. Faoi dheireadh na bliana iomláine deireanaí den chlár, bhí taighdeoirí agus nuálaithe Éireannacha tar éis maoiniú de €1.09bn* a fháil, is é sin ráta ratha 14.9% ar iarratais. Is ionann an rath sin agus 1.75% den mhaoiniú iomlán a bronnadh, in aghaidh ranníocaíocht bhuiséid na hÉireann de 1.2%. Bronnadh níos mó ná 55% den mhaoiniú ar institiúidí ardoideachais, agus fuair cuideachtaí príobháideacha níos mó ná 35% de. Meastar go mbeidh na torthaí deireanacha faoi Fhís 2020 ar fáil in 2021. Seoladh Fís Eorpach, an clár €95.5bn i ndiaidh Fhís 2020, i Márta 2021. Leis sin, tabharfar deiseanna suntasacha breise do thaighdeoirí agus nuálaithe Éireannacha.

**Conarthaí sínithe idir an 1 Eanáir 2014 agus an 31 Nollaig 2020 san áireamh. Tógtha ó bhunachar sonraí ECORDA an Choimisiúin Eorpaigh, d'fhéadfadh go dtiocfadh athrú ar an bhfigiúr mar gheall ar uasdátú fíor-ama.*

MÚNLÚ A DHÉANAMH AR CHÓRAS NUÁLAÍOCHTA ÉIREANNACH, A MHAOINÍTEAR GO POIBLÍ, CHUN FREAGAIRT DON TIONSCAL AGUS TACAÍOCHTAÍ A CHUR AR FÁIL CHUN AN CÓRAS TF&N A OIRIÚNÚ DO RIACHTANAIS AN TIONSCAIL

AISTRIÚ EOLAIS A SCAOILEADH

Seoladh an tsraith seimineár gréasáin mhíosúil 'Knowledge Transfer Ireland (KTI) Unlocking Knowledge Transfer' in 2020. Bhí tóir uirthi, le thart ar 130 duine i láthair gach mí. Labhair sainphainéalaithe ar ábhair éagsúla, mar shampla maoin intleachtúil a bhainistiú i gcomhthéacs Brexit, saineolas taighde a aimsiú, treochtaí sa todhchaí maidir le IS, agus freagraí T&F ar athrú aeráide. Tugtar deis sna seimineár gréasáin aird a tharraingt ar na tacaíochtaí airgeadais agus neamhairgeadais atá ar fáil do chuideachtaí obair le taighdeoirí acadúla agus a dtaithí a chomhroinnt.

I gcomhthéacs na paindéime, d'oibrigh KTI le hinstitiúidí tríú leibhéal chun teimpléad neamheisiach simplí ceadúnais a fhorbairt. An aidhm a bhí ann ná mear-rochtain saor in aisce ar theicneolaíocht agus maoin intleachtúil a chur ar fáil do chuideachtaí a d'fhéadfadh a bheith mar chabhair do T&F dírithe ar dhúshláin a bhaineann le COVID-19 a réiteach.

AGUS AN TAIGHDE ARNA MHAOINIÚ GO POIBLÍ Á THRÁCHTÁLÚ:

- Thugamar tacaíocht do theacht chun cinn 30 mac-chuideachta nua ó eagraíochtaí déanta taighde agus 12 Ghnólacht Nuathionscanta Ardacmhainne ó thaighde
- Thugamar tacaíocht do 144 teicneolaíocht, a bhfuil luach tráchtála ag baint leo, a aistriú go cuideachtaí in Éirinn

AN RANNÁN FORBARTHA BAINISTÍOCHTA CLIANT

In 2020 tharla aistriú rathúil de 32 clár ar chumas bainistíochta ó aghaidh ar aghaidh go 100% ar líne. Chuir an Rannán roinnt clár agus tacaíochtaí oiriúnaithe ar fáil a bhí dírithe ar uaillmhian, ar cheannasaíocht, agus ar chumais fheidhmiúla agus straitéiseacha a fhorbairt.

Ghlac 250 feidhmeannach de leibhéal C páirt i gcláir a mhair bliain amháin, amhail Fás Ceannasaíochta 4, Téigh Isteach i Limistéar an Euro agus ár bhFóram do Bhunaitheoirí Gnólachtaí Nuathionscanta Ardacmhainne.

Tugadh tacaíocht do 564 bainisteoir sinsearach eile agus ár n-ardranganna á ndéanamh acu, lena n-áirítear Díol go Fíorúil, Faisnéis Faoin Margadh, Daoine Éirimiúla a Mhealladh agus a Choimeád agus clár ar Luach Tairisceana Custaiméirí.

Meaitseáladh 568 cuideachta nua, luath-chéime agus seanbhunaithe, le meantóir in 2020 mar chuid dár gclár líona meantóirí.

Rinne 8,000 úsáideoirí nua (méadú 100% ó 2019) ceangal le eiLearn, clár foghlama digití Fhiontraíocht Éireann, in 2020. Leis an gclár ríomhfhoghlama sin, tugtar cabhair do chliaint dul i ngleic le príomhdhúshláin maidir lena ngnólacht a fhorbairt go hidirnáisiúnta . Bhí an t-éileamh is láidre ar ábhar nua, lena n-áirítear cumais airgeadais, foireann oibre a bhainistiú ar líne, díolacháin agus margaíocht dhigiteach.

Fógraíodh ciste €12m chun cabhrú le hionaid fiontair a raibh tionchar ag an bpaindéim COVID-19 orthu.
C-D: Garrett Ryan, comhbhunaitheoir, Selio Medical; Colm McGarvey, POF agus comhbhunaitheoir, Selio Medical; Tánaiste Leo Varadkar agus Julie Sinnamon.

In 2020 d'oibrigh Fiontraíocht Éireann i gcomhpháirt leis an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta agus Foras Bainistíochta na hÉireann chun an Clár Spotsolas ar Scileanna a chur ar fáil. Rinneadh an clár sin a athdhearadh chun é a chur ar fáil ar líne agus chun tacaíocht a thabhairt do na cliant-chuideachtaí le pleanáil foirne. Chuireamar ceithre chlár ar fáil in 2020 inar ghlac 80 bainisteoir sinsearach ó 47 cuideachta páirt. Chomh maith leis sin, rinne Scileanna Cliant bainistíocht ar an gclár GradStart, thug sé tacaíocht do chliant-chuideachtaí dul i ngleic leis an gcóras do cheadanna oibre, agus bhí sé mar ionadaí d'Fhiontraíocht Éireann ar ghrúpaí stiúrtha scileanna náisiúnta agus réigiúnacha le geallsealbhóirí inmheánacha agus seachtracha.

In 2020, chríochnaigh 500 rannpháirtí New Frontiers, clár fiontraíochta náisiúnta Fhiontraíocht Éireann, thar 26 chlár ar chéim 1, a cuireadh ar siúl i gcomhpháirtíocht le 15 Institiúid Teicneolaíochta/Ollscoil Teicneolaíochta. Astu sin, lean 157 ar aghaidh chun céim 2 a chríochnú thar 13 chlár, agus fuair 72 tacaíocht leanúnach ó New Frontiers i gcéim 3.

AG MEALLADH IDE SA TIONSCAL BIA GO HÉIRINN

Cuspóir thar a bheith tábhachtach do Rannán Bia Fhiontraíocht Éireann ná forbairt a dhéanamh ar liosta d'ionchais maidir le IDE a chomhlánaíonn tionscal bia agus deochanna na hÉireann agus obair leis na cuideachtaí sin chun infheistíochtaí nua a chinntiú d'Éirinn.

In 2020 bhí beagnach 11,000 duine fostaithe trasna na tíre lenár gcliaint IDE Bia agus d'easpórtáil siad bia agus deochanna ar luach €3.75bn ó Éirinn. Leanaimid ag cur leis an bhfoinse thábhachtach fostaíochta sin; bímid ag obair ar fud an domhain chun aird a tharraingt ar bhuntáistí na hÉireann do chuideachtaí bia agus deochanna, lena n-áirítear ár gcumas amhábhair inbhuanaithe ardchaighdeáin a tháirgeadh, ar ár gcóras nasctha taighde agus ar ár lucht saothair an-chumasach. Dhá shampla de thionscadail a buadh ar son na hÉireann in 2020, le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, ná Kilkenny Cheese agus Crust and Crumb.

- Kilkenny Cheese: Buíochas leis an gComhfhiontar seo idir Royal A-Ware Food Group (an Ísiltír) agus Glanbia Ireland DAC, déanfar an tsaoráid próiseála cáis is mó in Éirinn a thógáil chun cáiseanna Eorpacha a tháirgeadh do mhargaí easpórtála. Beidh an mhonarcha úrnua seo ar luach €140m+, a buadh ar son na hÉireann le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann, lonnaithe i mBaile Fearainn, Contae Chill Chainnigh agus cruthófar níos mó ná 80 post nuair a bheidh sí críochnaithe.
- Crust & Crumb: I ndiaidh na hinfheistíochta rathúla i saoráid nua úrscothach i mBaile Chonaill, Co. an Chabháin in 2018, tá saoráid eile (saoráid táirgthe do phíotsaí adhmadbhreoslaithe) á bunú ag an déantóir seo ó Thuaisceart Éireann le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann. Déanann Crust & Crumb píotsaí fuaraithe, boinn píotsa agus arán leathan. Tabharfaidh an tsaoráid nua, an chéad cheann mar sin in Éirinn, tacaíocht do 160 post breise, agus meastar go dtiocfaidh méadú ar an líon fostaithe i saoráidí i mBaile Chonaill go 240 duine thar an dá bhliain amach romhainn.

OIDEACHAS IN ÉIRINN

Tagann an t-ioncam a fhaigheann institiúidí ardoideachais Éireannacha go hidirnáisiúnta ó shoghluaisteacht mac léinn idirnáisiúnta go hÉirinn, an chuid is mó díobh ó thaobh amuigh den AE. Le teacht COVID-19 in 2020 cuireadh earcaíocht mac léinn agus soláthar an oideachais trína chéile.

An chéad tosaíocht a bhí ann ná leas na 40,000+ mac léinn idirnáisiúnta a bhí in Éirinn in earrach na bliana 2020, agus ina dhiaidh sin, teacht slán sábháilte na mac léinn nua i Meán Fómhair 2021. I rith 2020, reáchtáladh 24 aonach bliantúil intíre ar Oideachas in Éirinn do mhic léinn thar an Afraic, réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise, Meiriceá Thuaidh, Meiriceá Laidineach, an Meánoirthear agus margaí forbartha ar líne, agus d'éirigh linn líon na mac léinn le suim acu staidéar a dhéanamh in Éirinn a mhéadú faoi dhó go dtí níos mó ná 100,000. Bhí ar institiúidí ardoideachais a ngníomhaíochtaí earcaíochta agus a soláthar cúrsa a oiriúnú do mhúnla cumaisc ar líne, agus dóchais mac léinn maidir leis an saol ar an gcampas agus lasmuigh de a bhainistiú ag an am chéanna. In ainneoin na ndúshlán, bhí ioncam €478m ag institiúidí ardoideachais in 2020, laghdú 7% ar 2019. Bhí rudaí le foghlaim ag na geallsealbhóirí ar fad le méadú claochlaitheach ar ghníomhaíocht dhigiteach ar fud an domhain, i gcásanna áirithe ag dul i ngleic le margaí nach ndíríodh orthu riamh.

Cuireadh isteach go mór ar earnáil theagasc an Bhéarla in 2020. Thug a lán gnólachtaí le fios gur tháinig laghdú 70-80% ar a n-ioncam agus iad ag druidim leis an am is mó gnó dóibh i mí an Mhárta, toisc go raibh na scoileanna dúnta. Rinne go leor scoileanna cúrsaí a oiriúnú go tapa; thosaigh siad ag obair ar líne chun gealltanais a chomhlíonadh agus chun deiseanna nua a aimsiú.

MÉADAIGH AN CHUMHACHT

AG TACÚ LE HIDIRNÁISIÚNÚ CUIDEACHTAÍ ÉIREANNACHA

- **Díolacháin easpórtála de €25.486bn**
- **1,408 conradh nua faighte thar lear** le cúnamh ó Fhiontraíocht Éireann
- **420 cuideachta le láithreacht nua thar lear**
- **€5.856bn** d'easpórtálacha chuig réigiún limistéar an euro (an dara críoch is mó do chliaint Fhiontraíocht Éireann)
- **Cuireadh cliaint in aithne do cheannaitheoirí 8,213 uair**
- **337 ceannaitheoir idirnáisiúnta tugtha d'Éirinn (Ráithe 1 2020)**
- **Cuireadh deiseanna soláthair le cuideachtaí idirnáisiúnta i láthair do 281 cliant** tríd ár gclár Global Sourcing

Seoladh fheachtas idirnáisiúnta Fhiontraíocht Éireann 'Réidh do Thodhchaí Ghlas'.
'Réidh do Thodhchaí Ghlas', feachtas nuálaíochta glas idirnáisiúnta Fhiontraíocht Éireann, á sheoladh ag an Aire Troy.

EASPÓRTÁLACHA CLIANT 2020 DE RÉIR LIMISTÉIR



Aip NearForm COVID

EASPÓRTÁLACHA CLIANT DE RÉIR EARNÁLA

Teicneolaíochtaí digiteacha

€1.969bn -5%

Leictreonaic

€0.663bn -3.1%

An Tógáil

€2.512bn 12%

Miondíol tomhaltóirí

€0.989bn +6%

Teic an airgeadais

€0.658bn +2%

Innealtóireacht

€1.672bn -6.2%

Bia

€12.172bn +0.6%

DÁILEADH CISTÍ AG FIONTRAÍOCHT ÉIREANN IN 2020



€39m
Forbairt cumas

€36m
Forbairt cumas

€63m
Cothromas, iasachtaí agus cistí caipitil fiontair

€74m
An Ciste um Fhiontraíocht a Chothú

€127m
Bonneagar teicneolaíochta agus eolaíochta

€754m
Cistí riartha thar ceann tríú páirtithe

€4m
Eisíocaíochtaí le Gníomhaireachtaí Stáit eile

€85m
Glanchostas oibriúcháin

MIONDEALÚ AR GHLANCHOSTAIS OIBRIÚCHÁIN

1. Gréasán de sheirbhísí cliant	**€35m**
2. Gréasán d'oifigí thar lear	**€24m**
3. Tacaíocht eolaíochta agus nuálaíochta	**€8m**
4. Gréasán d'oifigí réigiúnacha	**€6m**
5. Tacaíocht seirbhísí corparáideacha	**€12m**
Iomlán	**€85m**



CISTIÚ D'FHORBAIRT NA FION-TRAÍOCHTA

1. Bonneagar teicneolaíochta agus eolaíochta	**€127m**
2. An Ciste um Fhiontraíocht a Chothú	**€74m**
3. Cothromas, iasachtaí agus cistí caipitil fiontair	**€63m**
4. Forbairt cumas	**€39m**
5. Forbairt cumas	**€36m**
Iomlán	**€339m**



CISTÍ A RIARTAR THAR CEANN GNÍOMHAIREACHTAÍ TRÍÚ PÁIRTÍ

1. Scéim Deontais Atosaithe	**€646m**
2. Oifigí Fiontair Áitiúla	**€102m**
3. Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann	**€4m**
4. Ionaid Nuálaíochta Ghnó	**€2m**
Iomlán	**€754m**

MIONDEALÚ AR MHAOINIÚ DO CHLIANT-CHUIDEACHTAÍ DE RÉIR RÉIGIÚIN



Áirítear leis: *Deontais chun cumas tionsclaíochta a chistiú, chun taighde, forbairt agus nuáil a chistiú, agus tacaíocht ón gCiste Mairteola agus Caoireola.*

Fágtar amach: *Íocaíochtaí do ghorlanna ar champas, íocaíochtaí Chiste Síl agus Fiontair, an Ciste Réigiúnach um Fhorbairt Fiontair, an Tionscnamh Fiontraíochta Pobail agus and Ionaid Fiontair Phobail.*

COSTAS IN AGHAIDH AN PHOIST

Déantar an costas in aghaidh an phoist a ríomh tríd an gcaiteachas gníomhaireachta go léir ar gach comhlachas sa tréimhse a thógáil san áireamh. Ní dhéantar ach poist arna gcruthú agus arna gcoimeád ag deireadh gach tréimhse seacht-mbliana a chur san áireamh sna ríomhaireachtaí.



Foinse: an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta: Ríomhanna an Chostais in aghaidh an jab

MÉADÚ AR FHOSTAÍOCHT DE RÉIR RÉIGIÚIN 2020

220,613
fostaí i gcliant-chuideachtaí Fhiontraíocht Éireann

-872
athrú glan ar fhostaíocht

16,496
post cruthaithe

65%
fostaíocht iomlán lasmuigh de Bhaile Átha Cliath



Foinse: Suirbhé Bliantúil Fostaíochta 2020.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Is comhlacht corparáideach Fiontraíocht Éireann arna bhunú leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998. Mar chomhlacht reachtúil, tá pearsantacht dlíthiúil leithleach agus comharbas buan aici. Is iad comhaltaí Bhord Fhiontraíocht Éireann comhaltaí na gníomhaireachta.

Feidhmíonn an ghníomhaireacht i gcomhréir le forálacha Achtanna um Fhorbairt Tionscail 1986–2019, an Achta um Eolaíocht agus Teicneolaíocht, agus faoi choimirce an Aire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta, a bhfuil sé de chumhacht aige cistí a thabhairt don ghníomhaireacht chun a oibleagáidí a chomhlíonadh; treoracha polasaí ginearálta a eisiúint; agus faisnéis a lorg ar ghníomhaíochtaí na gníomhaireachta.

I dteannta a cuid reachtaíocht cheannais féin, caithfidh an ghníomhaireacht cloí le réimse eile riachtanas reachtúil (náisiúnta agus AE) agus riaracháin. Caithfidh sí nósanna imeachta a chur i bhfeidhm, ach go háirithe, chun comhlíonadh na riachtanas sonrach seo a leanas a chinntiú:

Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Tá an Bord tar éis an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 a ghlacadh chuige féin agus tá nósanna imeachta agus athbhreithnithe curtha i bhfeidhm aige chun comhlíontacht a fhorálacha a chinntiú.

Deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird, i dtuarascáil ar leith a chuirtear ar fáil gach bliain don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, gur comhlíonadh riachtanais aonair an Chóid.

Tá Fiontraíocht Éireann deimhnithe chuig Cód Cleachtais SWiFT 3000:2010 i gcomhair Measúnaithe an Rialaithe Chorparáidigh in Éirinn.

Treoirlínte maidir le measúnú agus bainistiú tograí caiteachais chaipitiúil

Tá nósanna imeachta seanbhunaithe láidre ag Fiontraíocht Éireann chun measúnú agus bainistíocht a dhéanamh ar thionscadail an chaiteachais chaipitiúil a eascraíonn as a cláir deontas caipitiúil. Cloíonn na nósanna imeachta sin leis na prionsabail atá leagtha amach sna treoirlínte.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 2014

Síníodh an tAcht um Shaoráil Faisnéise ina dhlí in 2014. Foráiltear leis an Acht seo ceart dlíthiúil do dhaoine rochtain a fháil ar fhaisnéis atá ag comhlachtaí poiblí, a mhéid is mó agus is féidir, i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta. Tá tuilleadh faisnéise faoi chur i bhfeidhm Fhiontraíocht Éireann den Acht um Shaoráil Faisnéise le fáil ar ár suíomh gréasáin www.enterprise-ireland.com.

Gheobhaidh tú ansin freisin Scéim Foilseachán ina dtugtar faisnéis ghinearálta agus faisnéis a iarrtar go coitianta faoi Fhiontraíocht Éireann de réir oibleagáidí na heagraíochta faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014.

An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, tá nósanna imeachta curtha ar bun ag Fiontraíocht Éireann chun forálacha an Achta a chomhlíonadh agus tá ráiteas sábháilteachta ullmhaithe aici a chuimsíonn gach gné a théann i gcion ar leas na foirne agus leas cuairteoirí.

Íoc pras na gcuntas

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997, arna leasú ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (I.R. Uimh. 580 de 2012), a rialaíonn íocaíochtaí sonrasc Fhiontraíocht Éireann. Soláthraítear leis na rialacháin seo, a bhaineann leis na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon, teidlíocht as féin d'ús agus do chúiteamh má bhíonn moill ar íocaíocht idirbheart tráchtála (tar éis 30 lá ón dáta a fhaightear í). Is é polasaí Fhiontraíocht Éireann a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras agus déantar gach iarracht, i gcomhréir le nósanna imeachta cuí airgeadais, a chinntiú go n-íoctar gach soláthraí laistigh den fhráma ama sin. Tá rialuithe i bhfeidhm chun gealltanas réasúnta, ach ní gealltanas iomlán, a chur ar fáil i gcoinne neamhchomhlíonadh an Achta agus na rialachán.

Íoc pras na soláthraithe

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do na hoibleagáidí a shásamh faoin Riail um Íocaíocht Phras laistigh de 15 lá, a tháinig i bhfeidhm ar 1 Iúil 2011.

Cinntíonn an fhoráil seo go bhfaighidh soláthraithe íocaíochtaí ar gach sonrasc bailí laistigh de 15 lá féilire. Déanann Fiontraíocht Éireann tuairisc gach ráithe ar fheidhmiú na Rialach um Íocaíocht Phras laistigh de 15 lá ar a suíomh idirlín.

Léirítear sa tábla thíos feidhmíocht Fhiontraíocht Éireann maidir leis an íocaíocht 15 lá a bhí riachtanach i gcaitheamh 2020.

Sonraí	Líon	Luach €	Céatadán de líon iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh
Líon na n-íocaíochtaí a rinneadh laistigh de 15 lá	8488	€34,247,572.74	99.80%
Idir 16 agus 30 lá	15	€48,377.29	0.18%
Níos mó ná 30 lá	2	€15,843.56	0.02%
Íocaíochtaí iomlána	8505	€34,311,793.59	100.00%

Cód Iompair na nÍocaíochtaí Prasa

Tá Fiontraíocht Éireann ina sínitheoir le Cód Iompair na nÍocaíochtaí Prasa.

An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001

Tugadh Fiontraíocht Éireann faoi raon feidhme na Rialachán um Eitic in Oifigí Poiblí (Comhlachtaí Poiblí Forordaithe, Stiúrthóireachtaí Ainmnithe de chuid Comhlachtaí Poiblí agus Poist Ainmnithe i gComhlachtaí Poiblí). 2004 (I.R. Uimh. 699 de 2004) le héifeacht ón 1 Eanáir 2005. Tugann comhaltaí Bhord Fhiontraíocht Éireann ráitis leasa gach bliain don Rúnaí, agus tugadh cóipeanna díobh sin do Rúnaí an Choimisiúin, an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí. Ina theannta sin, tá na rialacháin á gcomhlíonadh ag baill foirne Fhiontraíocht Éireann atá i bpoist ainmnithe.

Cosaint sonraí

Tá Fiontraíocht Éireann cláraithe mar rialaitheoir sonraí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí. Tá Fiontraíocht Éireann faoi réir ag an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí 2018 agus an Acht um Chosaint Sonraí, 2018 in Éirinn. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ó Oifigeach Cosanta Sonraí Fhiontraíocht Éireann, An Plaza, Páirc Gnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath D03 E5R6 nó ó GDPROnline@enterprise-ireland.com.

Polasaí maidir le Nochtadh Íocaíochtaí agus Infheistíochtaí

Is é polasaí Fhiontraíocht Éireann eolas a chur ar fáil faoi íocaíochtaí tacaíochta airgeadais a rinneadh le cuideachtaí cliaint. Tá tuarascáil ina liostaítear gach íocaíocht den saghas sin a rinne Fiontraíocht Éireann in aon bhliain ar leith ar fáil ach é a iarraidh tar éis don Tuarascáil Bhliantúil a bheith scaoilte.

An tAcht um Nochtadh Cosanta, 2014

Ní dhearnadh aon nochtadh cosanta d'Fhiontraíocht Éireann in 2020.

Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998–2015

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta do pholasaí comhionannas agus glacann sí cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagraíocht.

Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann líon áirithe scéimeanna lena dtugtar don lucht foirne roghanna maidir lena riachtanais gairme agus pearsanta a shásamh, ar nós cláir oideachasúla, saoire staidéir, uaireanta oibre laghdaithe agus sosanna gairme. Tá polasaí maidir le Cosaint Dhínit ag an Obair i bhfeidhm agus é curtha in iúl don fhoireann ar fad.

Misiún an Aontais Eorpaigh

In 2020 rinne Fiontraíocht Éireann raon clár a riar atá incháilithe do chómhaoiniú ó Chistí Struchtúracha an AE, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Clár Oibriúcháin don Earnáil Tháirgiúil agus an Clár Oibriúcháin um Fhorbairt Fostaíochta agus Acmhainní Daonna do na réigiúin Theas agus Thoir agus do réigiúin na Teorann.

Investment Funds Programmes 2014-2020
Co-funded by the Irish Government and the European Union

European Union
European Structural and Investment Funds

Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann Fiontraíocht Éireann faoi choimirce Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003, a achtaíodh ar an 14 Iúil, 2003 chun creat reachtúil a chruthú maidir le seirbhísí a sholáthar trí mheán na Gaeilge. De réir Alt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo i nGaeilge agus i mBéarla.

Cairt na gCliant

Leagtar amach i gCairt na gCliant ó Fhiontraíocht Éireann an tiomantas atá againn do sheirbhís ar ardchaighdeán a chur ar fáil dár gcustaiméirí agus tá an chairt sin le fáil sna foilseacháin ar ár suíomh gréasáin.

Éifeachtúlacht agus caomhnú fuinnimh

Tá Fiontraíocht Éireann tiomanta dá seacht ndícheall a dhéanamh chun a bheith fuinneamh-éifeachtúil agus tá sí ag obair go dlúth le SEAI chun sprioc an Rialtais, maidir le laghdú 33% ar úsáid fuinnimh a bhaint amach faoi 2020, a chomhlíonadh. Tá a cuid spriocanna á mbaint amach ag an ngníomhaireacht chun a húsáid fuinnimh a laghdú 60%, ón mbonnlíne a tomhaiseadh in 2009. Glacann an ghníomhaireacht páirt freisin i gcreat-chomhaontuithe do sholáthar fóntas ar nós leictreachais agus gáis, faighte go lárnach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais, dá hoifigí i mBaile Átha Cliath agus dá hoifigí réigiúnacha. Ó Iúil 2015 i leith, is ceanglas é go dtaispeánfaí teastas fuinnimh i ngach foirgneamh poiblí os cionn 250 méadar cearnach in achar. Tá rátálacha D1 agus E1 sonraithe ar an teastas fuinnimh atá ann faoi láthair i gceannoifigí Fhiontraíocht Éireann.

Éagsúlacht agus Cuimsiú

Is eagraíocht dhomhanda í Fiontraíocht Éireann agus cothaíonn agus cuireann sí luach ar éagsúlacht. Tá éagsúlacht, cuimsiú agus muintearas lárnach sa bhealach a oibrímid le chéile agus tugann ár luachanna tacaíocht dóibh.

I ndiaidh ár gclár feasachta É&C, bhunaigh Fiontraíocht Éireann grúpa stiúrtha É&C atá tiomanta dá straitéis É&C a thacú agus a fhorbairt.

Leo Clancy,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

BORD FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN 2020

Tá Bord Fhiontraíocht Éireann freagrach as straitéis agus polasaithe a leagan amach don eagraíocht. Tá sé freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaí airgeadais agus as próisis agus nósanna imeachta a chur i bhfeidhm le cinntiú go mbeidh an córas éifeachtach. Tá freagracht maoirsithe aige freisin as gníomhaíochtaí na heagraíochta. Tarmligeann sé an fhreagracht dá gcur i bhfeidhm don lucht bainistíochta agus do na fochoistí.

Tá údarás reachtúil ag an mBord maoiniú suas leis na leibhéil atá leagtha amach san Acht um Fhorbairt Tionscail, 1986 go 2019, arna leasú, agus san Acht um Eolaíocht agus Teicneolaíocht, 1987, a cheadú agus moltaí a dhéanamh don Rialtas faoi chúnamh maoinithe a thabhairt os cionn na leibhéal sin. Tá údarás ag Bord Fhiontraíocht Éireann agus ag a choistí ábhartha deontais a thabhairt, iasachtaí a thabhairt, agus scaireanna (gnáthscaireanna agus scaireanna tosaíochta) a cheannach i gcliant-chuideachtaí.

De réir théarmaí an Achta um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, tá na feidhmeanna agus cumhachtaí ar fad forchoimeádta don Bhord, seachas iad sin a tharmligeann an Bord go foirmeálta. Leagtar síos na cumhachtaí tarmligthe sin ar fad agus formheasann an Bord iad go foirmeálta.

Ina cuid gníomhaíochtaí féin agus ina húsáid d'fhochoistí, feidhmíonn an Bord ar son na bprionsabal dea-chleachtais is fearr sa rialachas corparáideach.

I gcomhréir leis an Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995, agus leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, tá dualgas ar chomhaltaí den Bhord Ráiteas ar Léiriú Spéise a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus an Rúnaí. Comhlíonann Fiontraíocht Éireann beartas an rialtais maidir le pá do phríomhfheidhmeannaigh agus fostaithe comhlachtaí stáit agus treoirlínte an rialtais ar íocaíocht táillí le comhaltaí Boird.

Is é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a ainmníonn na comhaltaí Boird, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Gach bliain, ar chuimhneachán an lae bhunaidh, éiríonn an dá chomhalta (seachas an Cathaoirleach agus an Príomhfheidhmeannach), a chaith an seal is faide in oifig óna gceapachán deireanach, as oifig. Nuair a cheaptar na comhaltaí Boird nua, tugtar faisnéis mhionsonrach dóibh faoin ngníomhaireacht agus a hoibríochtaí.

Fágtar faoin mBord é Rúnaí an Bhoird a cheapadh agus a chur as oifig. Tá rochtain ag gach comhalta Boird ar an Rúnaí atá freagrach as a chinntiú go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird.

Bord Fhiontraíocht Éireann, an 15 Bealtaine 2021

Terence O'Rourke
(Cathaoirleach), Iar-Chomhpháirtí Bainistíochta, KPMG
Ceaptha: 1 Lúnasa 2013
Athcheapadh: 1 Lúnasa 2018

Julie Sinnamon
POF, Fiontraíocht Éireann
Ceaptha: 3 Samhain 2013
Athcheapadh: 3 Samhain 2018

Declan Hughes
Ard-Rúnaí Cúnta, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta
Ceaptha: 4 Meán Fómhair 2017
Athcheapadh: 3 Eanáir 2019

Geoff Meagher
Sainchomhairleoir
Ceaptha: 15 Deireadh Fómhair 2012
Athcheapadh: 26 Meitheamh 2020

Colum Horgan
Príomhfheidhmeannach, InverCloud
Ceaptha: 15 Deireadh Fómhair 2012
Athcheapadh: 26 Meitheamh 2020

Dave Shanahan
Bunaitheoir agus Príomhfheidhmeannach, Adagio Ventures Commercialisation Partners
Ceaptha: 23 Deireadh Fómhair 2015
Athcheapadh: 18 Iúil 2019

Lisa Dillon
Bainisteoir Ginearálta EMEA Inside Sales, Microsoft
Ceaptha: 17 Samhain 2015
Athcheapadh: 18 Iúil 2019

John McMahon
Sainchomhairleoir
Ceaptha: 26 Márta 2014
Athcheapadh: 10 Iúil 2017

Helen Ryan
Stiúrthóir, Hakata Holdings Ltd.
Ceaptha: 26 Márta 2014
Athcheapadh: 10 Iúil 2017

Elaine Coughlan
Comhbhunaitheoir agus Comhpháirtí Bainistíochta, Atlantic Bridge Capital Ltd.
Ceaptha: 12 Bealtaine 2014
Athcheapadh: 3 Eanáir 2019

Clodagh Cavanagh
POF, Abbey Machinery Ltd.
Ceaptha: 3 Eanáir 2019

Conor Hanley
Uachtarán agus POF, Foundry Innovation and Research 1 Ltd **(FIRE1)**
Ceaptha: 3 Eanáir 2019

Is é **Joe Healy** Rúnaí an Bhoird

Athruithe Boird i rith 2020 / 2021:

Ceapadh Joe Healy mar Rúnaí ar an 13 Bealtaine 2020
Chuaigh Paul McKeown ar scor ó ról an Rúnaí ar an 13 Bealtaine 2020

BALLRAÍOCHT DE CHOISTÍ BAINISTÍOCHTA FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN

ar an 15 Bealtaine 2021

Coiste Straitéise agus Bainistíochta Beartais

Déanann an Coiste Bainistíochta Straitéisí agus Polasaithe plé agus comhaontú ar ghníomhartha ar phríomhcheisteanna straitéiseacha a bhaineann le gnó na gníomhaireachta, lena n-áirítear an plean straitéiseach, táirgí airgeadais, straitéisí earnála agus gach ábhar ábhartha a bhaineann leis an mBord.

Comhaltaí an choiste:

Julie Sinnamon (Cathaoirleach)

Kevin Sherry

Stephen Creaner

Paul McKeown

Paula Maguire

Mark Christal

Jenny Melia

Tom Kelly

Carol Gibbons

Orla Battersby

Leo McAdams

Joe Healy

Gearoid Mooney

Tom Cusack

Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2020/2021:

Rowena Dwyer

Mairead Hennessy, Rúnaí ag an gCoiste Straitéise agus Bainistíochta Beartais

Coiste Feidhmíochta agus Oibriúchán

Déanann an Coiste Feidhmíochta agus Oibriúchán gníomhartha a cheadú, a phlé agus a chomhaontú, agus déanann sé monatóireacht ar an dul chun cinn a dhéantar ar phríomhcheisteanna corparáideacha a bhaineann le riarachán agus oibríochtaí na gníomhaireachta, lena n-áirítear an Plean Bliantúil Corparáideach, an Buiséad Bliantúil, an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais, agus Riosca Corparáideach.

Comhaltaí an choiste:

Julie Sinnamon (Cathaoirleach)

Kevin Sherry

Stephen Creaner

Paul McKeown

Paula Maguire

Mark Christal

Jenny Melia

Tom Kelly

Carol Gibbons

Orla Battersby

Leo McAdams

Joe Healy

Gearoid Mooney

Tom Cusack

Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2020/2021:

Rowena Dwyer

Mairead Hennessy, Rúnaí, an Coiste Feidhmíochta agus Oibriúchán

Coiste Bainistíochta na gCeaduithe

Fochoiste den Choiste Infheistíochta is ea Coiste na gCeaduithe Bainistíochta, a bhfuil an chumhacht aige maoiniú suas le €250,000 a cheadú.

Comhaltaí an choiste:

Tom Early (Cathaoirleach)

Enda McDonnell

Fergus McMahon

Imelda Lambkin

Niall McEvoy

Nicola NicPhaidin

Donald Black

Ciara Fitzpatrick

Keelin Fagan

Jean O'Sullivan

Conor O'Donovan

Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2020/2021:

Jonathan McMillan

Lorraine Frewen, Rúnaí ag Coiste Bainistíochta na gCeaduithe

BALLRAÍOCHT DE CHOISTÍ BAINISTÍOCHTA FHIONTRAÍOCHT ÉIREANN ar an 15 Bealtaine 2021 (Ar lean)

An Coiste Infheistíochta

Tá sé de chumhacht ag an gCoiste Infheistíochta pacáistí maoinithe suas go dtí €3 mhilliún a cheadú do thionscadail nach bhfuair ceadú maoinithe de bhreis is €5 mhilliún cheana féin d'aon tionscadal eile san dá bhliain roimhe.

Comhaltaí an choiste:

Julie Sinnamon, (Cathaoirleach), Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Kevin Sherry, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Paul McKeown, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Stephen Creaner, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Leo McAdams, Bainisteoir Rannáin, Seirbhísí Infheistíochta

Thomas Murray, Príomhoifigeach, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Bernie Cullinan, Sainchomhairleoir, an earnáil phríobháideach

Liam Ryan, Sainchomhairleoir, an earnáil phríobháideach

Maurice Hickey, an earnáil phríobháideach

Angela Robinson, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Brendan Lenihan, an earnáil phríobháideach

Ghlac na baill seo a leanas ballraíocht sa choiste le linn 2020/2021:

Natasha Stanley, Rúnaí an Choiste Infheistíochta

Leo McAdams, Bainisteoir Rannáin, Seirbhísí Infheistíochta

Angela Robinson, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Brendan Lenihan, an Earnáil Phríobháideach

An Coiste um Fhorbairt, Taighde & Nuálaíochta (TF&N)

Tá cur chuige Fhiontraíocht Éireann maidir le TF&N faoi threoir Straitéis Nuálaíochta an Rialtais 2020, atá á comhordú ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Déanann an Coiste TF&N maoiniú a cheadú faoin gCiste T&F a seoladh go luath in 2008 agus ceapadh é chun tacaíocht a thabhairt do thaighde, forbairt agus nuálaíocht teicneolaíochta atá ábhartha ag gach céim d'fhorbairt chuideachta. Cuireann sé tacaíocht ar fáil chun cabhrú le cuideachtaí dul ar aghaidh ón gcéad tionscadal taighde a dhéanann siad go dtí gníomhaíochtaí nuálaíochta agus T&F ardleibhéil.

Comhaltaí an choiste:

Stephen Creaner, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann (Cathaoirleach)

Gearóid Mooney, Bainisteoir Rannáin, Taighde agus Nuálaíocht, Fiontraíocht Éireann

Leo McAdams, Bainisteoir Rannáin, Rannán na Seirbhísí Infheistíochta, Fiontraíocht Éireann

Deirdre Glenn, Stiúrthóir, Eolaíocht na Beatha agus Tráchtálú Bia, agus Bainisteoir, an Earnáil Eolaíochtaí Beatha, Fiontraíocht Éireann

Tom Beresford, Ceann Ionad Taighde Bia Moorepark, Teagasc

Denis Hayes, Bainisteoir Ginearálta, Grúpa Taighde Tionsclaíochta agus Forbartha

Brian McCoy, Sainchomhairleoir

Miriam Ní Néill, Forbairt an Fhiontair Chlosamhairc, Údarás na Gaeltachta

Aidan O'Connor, Sainchomhairleoir

Johnnie Phillips, Sainchomhairleoir

Padraig Somers, Sainchomhairleoir, DSM Designs Ltd

Linda Cullen, Speisialtóir sa Straitéis agus Pleanáil, Bord Bia

Mairead Hennessy, Rúnaí an Choiste TF&N

An Coiste Caipiteal Síl agus Fiontair

Cuspóirí chláir um Chaipiteal Síl agus Fiontar de chuid Fhiontraíocht Éireann ná forbairt bhreise a dhéanamh ar earnáil chaipitil fiontair na hÉireann, caipiteal riosca a chur ar fáil le haghaidh FBManna atá ag an staid síl, nuathionscanta agus forbartha, infheistíocht phríobháideach agus institiúideach a ghiaráil agus cistí atá inmharthana ó thaobh na tráchtála a fhorbairt. Is scéim iomaíoch í seo.

Comhaltaí an choiste:

Kevin Sherry, (Cathaoirleach) Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Forbairt Ghnó Domhanda, Fiontraíocht Éireann

Donnchadh Cullinan, Bainisteoir Roinne, Caipiteal Fáis agus Caidrimh Bhaincéireachta, Fiontraíocht Éireann

Don Harrington, Stiúrthóir Airgeadais Chorparáideach, Goodbody Stockbrokers, earnáil phríobháideach

Bernadette Hawkes, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Paul McKeown, Stiúrthóir Feidhmiúcháin, Fiontraíocht Éireann

Nick Ashmore, POF, Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann, an earnáil phríobháideach

Natasha Stanley, Rúnaí Choiste na gCistí um Chaipiteal Síl agus Fiontar

Chuaigh na comhaltaí seo a leanas ar scor ón gcoiste i rith 2020/2021:

Jean Carberry, Príomhoifigeach, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

An Coiste um Taighde Tionsclaíochta agus Tráchtálaíochta

Ceadaíonn an Coiste um Thaighde Tionscail agus Tráchtálú maoiniú suas go dtí €1.25 milliún do thaighde agus tráchtálú feidhmeach a bhfuil ollscoileanna agus institiúidí teicneolaíochta, taighde comhoibritheach agus líonraí atá á stiúradh ag an tionscal bainteach leo. Díríonn sé isteach ar thionscadail atá stiúrtha ag an tionscal nó a d'fhéadfadh toradh tráchtála a bheith acu in Éirinn.

Comhaltaí an choiste:

Gearóid Mooney, (Cathaoirleach), Bainisteoir Rannáin, Aonad Gnó um Thaighde agus Nuálaíocht, Fiontraíocht Éireann

Jennifer Brennan, Cumann an Ardoideachais Teicneolaíochta (THEA)

Mike Brosnan, Sainchomhairleoir

Carol Gibbons, Bainisteoir na Roinne Leictreonaice agus Stiúrthóir an Tráchtálaithe TFC

Seamus Grant, Sainchomhairleoir

Lisa Keating, Cumann Ollscoileanna Éireann

Richard Howell, Ceann Taighde, an Rannán Comhordaithe Bia agus Codex, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara

Alan Kelly, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta

Frank Kennedy, Feidhmeannach Scortha, Tionscal Príobháideach

Siobhan Roche, Fondúireacht Eolaíochta Éireann

Mairead O'Driscoll, an Bord Taighde Sláinte

Ghlac na baill seo a leanas ballraíocht sa choiste le linn 2020/2021:

Joseph Curtis, Bainisteoir na Roinne, Taighde agus Nuálaíocht agus Seirbhísí Corparáideacha, Fiontraíocht Éireann

Darrin Morrissey, an Bord Taighde Sláinte

Mary Shire, Leasuachtarán Taighde, Ollscoil Luimnigh

Mairead Hennessy, Rúnaí ag an gCoiste Taighde Thionsclaíoch agus Tráchtálaithe

RÁITIS AIRGEADAIS

Tuarascáil le cur i láthair Thithe an Oireachtais Fiontraíocht Éireann

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 mar a éilítear faoi fhorálacha alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998. Cuimsíonn na ráitis airgeadais:

- an ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí coinnithe
- an ráiteas faoi ioncam cuimsitheach
- an ráiteas faoi sheasamh airgeadais
- an ráiteas faoi shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, achoimre ar pholasaithe cuntasaíochta suntasacha san áireamh.

I mo thuairimse, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais Fhiontraíocht Éireann ar an 31 Nollaig 2020 agus ar a hioncam agus caiteachas do 2020 i gcomhréir leis an gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime

Rinne mé iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) mar a chuirtear i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Is iad na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin ná iad siúd a bhfuil tuairisc orthu san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar Fhiontraíocht Éireann agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam i gcomhréir leis na caighdeáin.

Measaim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.

Tuairisc faoi fhaisnéis eile seachas na ráitis airgeadais agus faoi ábhair eile

Tá faisnéis eile curtha i láthair ag Fiontraíocht Éireann in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsíonn sé seo an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas rialaithe agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird san áireamh, agus an ráiteas faoi rialú inmheánach. Tá mo chuid freagrachtaí as tuairisc a thabhairt i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ábhair áirithe eile a dtugaim tuairisc orthu trí eisceachtaí, leagtha amach san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis sin.

Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
17 Meitheamh 2020

AGUISÍN LEIS AN TUARASCÁIL

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird

Mar atá mionsonraithe sa ráiteas rialaithe agus i dtuarascáil na gcomhaltaí Boird, tá na comhaltaí Boird freagrach as:

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998
- déanamh cinnte go dtugtar léargas fírinneach cóir i gcomhréir le FRS102 sna ráitis airgeadais
- déanamh cinnte go mbíonn idirbhearta rialta
- measúnú cibé acu gur cuí úsáid a bhaint as bonn an ghnóthais leantaigh sa chuntasaíocht, agus
- an sórt rialaithe inmheánaigh a mheasann siad atá riachtanach chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cé gur de dheasca calaoise nó de dheasca earráide é.

Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998 ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann a iniúchadh agus tuarascáil a dhéanamh orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Is í an aidhm atá agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh ná gealltanas réasúnta a fháil faoi cibé acu an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomlán saor ó mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann gealltanas réasúnach agus leibhéal ard gealltanais, ach ní deimhniú é go mbraithfidh iniúchadh, arna chur i bhfeidhm de réir CICanna, míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar gur míráitis ábhartha iad más féidir a bheith ag súil leis go réasúnta, go mbeadh tionchar acu ina n-aonar, nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha úsáideora arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na CICanna, cleachtaim breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim amhras gairmiúil le linn an iniúchta.

Agus é sin á dhéanamh,

- Déanaim rioscaí an mhíráitis ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, cibé acu de thoradh calaoise nó earráide, a aithint agus a mheas; ceapaim agus cuirim i bhfeidhm nósanna imeachta iniúchóireachta chun freagairt do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchta atá leordhóthanach agus cuí le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim. Tá an riosca nach mbraithfí míráiteas ábhartha de thoradh calaoise níos airde ná an riosca de thoradh earráide, mar d’fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, neamhghníomhartha d’aon turas, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach is cuí don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá cuí sna cúinsí, ach ní chun críocha tuairim a chur in iúl faoi éifeachtacht na rialuithe airgeadais.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán airgeadais agus na nochtuithe bainteacha.
- Cinnim faoina oiriúnaí is atá sé leas a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, ar bhonn na fianaise iniúchta a fuair mé, cibé acu an bhfuil neamhchinnteacht ábhartha i gceist a bhaineann le teagmhais nó dálaí a d’fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Fhiontraíocht Éireann leanúint ar aghaidh ina gnóthas leantach. Má thagaim ar an gconclúid go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe bainteacha sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nochtuithe sin, mo thuairim a athrú. Déanaim mo chuid conclúidí a bhunú ar fhianaise a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D’fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó dálaí ann sa todhchaí, áfach, a chuirfeadh faoi deara nach leanfadh Fiontraíocht Éireann ar aghaidh ina gnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar na ráiteas airgeadais go ginearálta, na nochtuithe san áireamh, agus cibé an dtugtar léargas cothrom sna ráitis airgeadais ar na bun-idirbhearta agus na himeachtaí bunúsacha.

Déanaim cumarsáid le daoine a bhfuil dualgas rialaithe acu maidir leis an bpeanáil do raon feidhme agus uainiú na hiniúchóireachta agus do thorthaí iniúchta suntasacha, i measc cúrsaí eile, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a aithním le linn na hiniúchóireachta.

Faisnéis eile seachas na ráitis airgeadais

Ní chlúdaíonn mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní léirím aon fhoirm eile de chonclúid dearbhaithe i leith sin.

I ndáil le m’iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na CICanna an fhaisnéis eile atá curtha i láthair a léamh, agus é sin á dhéanamh agam breithniú cibé acu an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas faighte le hiniúchadh, nó más cosúil go bhfuil sé míshonraithe go hábhartha ar bhealach eile. Má cheapaim, ar bhunús na hoibre atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann maidir leis an bhfaisnéis eile sin, tá de cheanglas orm an méid sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Déanaim m’iniúchadh agus mé ag dul i muinín na gceisteanna speisialta a ghabhann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistí agus a n-oibriú. Déanaim tuairisc má shainaithním nithe ábhartha a bhaineann leis an mbealach inar stiúradh gnó poiblí.

Tá mé ag iarraidh fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Déanaim tuairisc má shainaithním ásc ábhartha ar bith inar caitheadh airgead poiblí chun críche seachas an chríoch a beartaíodh nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú.

Déanaim tuairisc mar eisceacht má cheapaim go bhfuil na nithe seo a leanas fíor,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin go léir a theastaigh uaim do m’iniúchadh, nó
- nárbh leor na taifid chuntasaíochta chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh gan mhoill agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL NA GCOMHALTAÍ BORD

Rialachas

Bunaíodh Bord Fhiontraíocht Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998. Tá feidhmeanna an Bhoird leagtha amach in Alt 22 den Acht sin. Tá an Bord freagrach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus tá sé freagrach as dea-rialachas a chinntiú, rud a dhéantar trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan síos agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh faoi gach príomhcheist a bhaineann leis an ngnó. Is ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus ar an bhfoireann shinsearach bainistíochta atá freagracht as bainistiú, rialú agus stiúradh rialta Fhiontraíocht Éireann ó lá go lá. Ní mór don POF agus don fhoireann ardbhainistíochta an treoir ghinearálta straitéiseach atá leagtha síos ag an mBord a leanúint, agus ní mór dóibh a chinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir ag na comhaltaí Boird uile ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar aon riosca suntasach a d'fhéadfadh a theacht aníos. Feidhmíonn an POF mar theagmhálaí idir an Bord agus lucht bainistíochta Fhiontraíocht Éireann.

Freagrachtaí an Bhoird

Tá obair agus freagrachtaí an Bhoird leagtha amach i dtéarmaí tagartha an Bhoird, ina bhfuil na hábhair maidir le cinntí an Bhoird forchoimeádta go sonrach. Áirítear leis na míreanna buana a phléann an Bord:

- Dearbhú leasanna
- Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh
- Tuarascálacha ó fhochoistí an Bhoird
- Tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta, tuarascálacha ar fheidhmíocht
- Míreanna maidir le Rialachas Corparáideach
- Míreanna le plé
- Tionscadail le cinneadh
- Míreanna le nótáil

Éilítear le hAlt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, ar Bhord Fhiontraíocht Éireann, i gcibé foirm a cheadóidh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, na cuntais go léir is cuí agus is gnách a choinneáil ar an airgead a gheobhaidh sé agus a chaithfidh sé.

Ag ullmhú na ráitis airgeadais sin, caithfidh Bord Fhiontraíocht Éireann:

- Polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh sé ar aghaidh ag oibriú, agus
- A shonrú cibé an bhfuil na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme á gcomhlíonadh, faoi réir aon imeachtaí ábhartha nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais

Tá an Bord freagrach as taifid chuntasaíochta dhóthanacha a choinneáil a nochtann, le cruinneas réasúnta am ar bith, a staid airgeadais agus a chumasaíonn dó a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 22 den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Tá sé de fhreagracht ar an mBord an t-eolas corparáideach agus airgeadais ar shuíomh gréasáin Fhiontraíocht Éireann a choinneáil suas chun dáta agus a chruinneas a chinntiú.

Tá an Bord freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Ar an 10 Feabhra 2021, rinneadh measúnú ar fheidhmíocht Fhiontraíocht Éireann ag úsáid an phlean agus an bhuiséid bhliantúil mar thagairt.

Tá an Bord freagrach freisin as a acmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí a chosc agus a bhraith.

Is í tuairim an Bhoird go dtugtar i ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht agus ar staid airgeadais Fhiontraíocht Éireann amhail an 31 Nollaig 2020.

Struchtúr an Bhoird

Tá Cathaoirleach, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus deichniúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin ar an mBord, iad go léir ceaptha ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ceaptar na comhaltaí Boird ar feadh tréimhse cúig bliana nó de réir mar a chinntear sa reachtaíocht agus tagann siad le chéile ar bhonn míosúil. Níl aon fholúntas ann faoi láthair.

Léiríonn an tábla thíos sonraí maidir le tréimhse cheaptha na gcomhaltaí reatha:

Comhalta Boird	Ról	Dáta Ceaptha
Terence O'Rourke	Cathao-irleach	1 Lúnasa 2013, Athcheapadh ar an 1 Lúnasa 2018
Julie Sinnamon	POF	3 Samhain 2013, Athcheapadh ar an 3 Samhain 2018
Clodagh Cavanagh	Comhalta Boird	3 Eanáir 2019
Elaine Coughlan	Comhalta Boird	12 Bealtaine 2014, Chuaigh ar scor ar an 23 Iúil 2018, Athcheapadh ar an 3 Eanáir 2019
Lisa Dillon	Comhalta Boird	17 Samhain 2015, Athcheapadh ar an 18 Iúil 2019
Conor Hanley	Comhalta Boird	3 Eanáir 2019
Colum Horgan	Comhalta Boird	15 Deireadh Fómhair 2012, Athcheapadh ar an 26 Meitheamh 2020
Declan Hughes	Comhalta Boird	4 Meán Fómhair 2017
John Mc Mahon	Comhalta Boird	26 Márta 2014, Athcheapadh ar an 10 Iúil 2017
Geoff Meagher	Comhalta Boird	15 Deireadh Fómhair 2012, Athcheapadh ar an 26 Meitheamh 2020
Helen Ryan	Comhalta Boird	26 Márta 2014, Athcheapadh ar an 10 Iúil 2017
Dave Shanahan	Comhalta Boird	23 Deireadh Fómhair 2015, Athcheapadh ar an 18 Iúil 2019

Rinneadh Meastóireacht Sheachtrach ar Éifeachtúlacht an Bhoird in 2020 agus cuireadh na torthaí faoi bhráid an Bhoird ar an 14 Deireadh Fómhair 2020 chun críocha athbhreithnithe. Pléadh plean gníomhaíochta chun dul i ngleic le moltaí ón meastóireacht ag Ceardlann an Bhoird ar an 2 Nollaig 2020.

Tháinig an Bord le chéile 14 huaire in 2020.

Tá sé fhochoiste ag an mBord:

1. Fochoiste Comhairleach an Bhoird: Tá ceathrar comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste seo, duine amháin díobh ainmnithe mar Chathaoirleach agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin. Is é ról Fhochoiste Comhairleach an Bhoird ábhair a bhaineann le tograí práinneacha agus/nó suntasacha a athbhreithniú agus a phlé sula ndéanann an Bord athbhreithniú orthu agus cinneadh ina leith.

Is iad seo a leanas comhaltaí Fhochoiste Comhairleach an Bhoird: Terence O'Rourke (Cathaoirleach), Julie Sinnamon (POF), Declan Hughes, Geoff Meagher agus Elaine Coughlan.

Bhí dhá chruinniú ag Fochoiste Comhairleach an Bhoird in 2020.

2. An Coiste Iniúchta agus Riosca: Tá ceithre chomhalta Boird neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste seo. Is é ról an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena fhreagrachtaí maidir le ceisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas agus ráthaíocht bhainteach. Tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Déanann an Coiste deimhin de go ndéantar monatóireacht ghníomhach, neamhspleách ar na córais inmheánacha rialaithe, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tuairiscíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca chuig an mBord tar éis gach cruinniú, agus go foirmeálta i scríbhinn uair amháin sa bhliain.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca: Geoff Meagher (Cathaoirleach), Colum Horgan, Helen Ryan agus Clodagh Kavanagh.

Bhí ceithre chruinniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca in 2020.

3. An Coiste um Athbhreithniú ar Phunann Infheistíochta (CAPI): Tá beirt comhaltaí Boird neamhfheidhmiúcháin ar an gcoiste seo, a ceapadh ag an mBord, duine amháin díobh ainmnithe mar Chathaoirleach, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach Airgeadais agus comhalta amháin ón earnáil phríobháideach. Is é ról an Choiste um Athbhreithniú ar Phunann Infheistíochta (CAPI) maoirsiú a dhéanamh ar bhainistíocht Phunann Infheistíochta Fhiontraíocht Éireann.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste um Athbhreithniú ar Phunann Infheistíochta: John Mc Mahon (Cathaoirleach), Declan Hughes, Julie Sinnamon (POF) and Paul McKeown (POA). Ceapadh Michael Murphy ar an 10 March 2021.

Bhí ceithre chruinniú ag CAPI in 2020.

4. An Coiste Straitéise agus Beartais: Cúigear comhalta neamhfheidhmeannach den Bhord arna gceapadh ag an mBord. Is é ról an Choiste Straitéise agus Beartais ná obair leis an bhFeidhmeannas chun straitéis chorparáideach d'Fhiontraíocht Éireann a fhorbairt.

Is iad seo a leanas comhaltaí an Choiste Straitéise: Terence O'Rourke (Cathaoirleach), John Mc Mahon, Dave Shanahan, Conor Hanley agus Helen Ryan.

Tagann an Coiste le chéile de réir mar is gá. Bhí ceithre chruinniú aige in 2020.

5. An Coiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní : Tá Cathaoirleach an Bhoird ar an gcoiste seo, a bheidh mar Chathaoirleach, agus ar a laghad beirt comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird, ceaptha ag an mBord.

An ról atá ag an gCoiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní ná tacú leis an mBord a dhualgais maoirseachta a chomhlíonadh trí chomhairle agus moltaí a thabhairt don Bhord maidir le ceapachán, luach saothair agus measúnú ar fheidhmíocht an POF agus pleanáil comharbais don POF i gcomhréir le beartas an Rialtais. Is iad comhaltaí an Choiste Feidhmíochta agus Pleanála Acmhainní ná Terence O'Rourke (Cathaoirleach), Elaine Coughlan agus Lisa Dillon.

Tagann an Coiste le chéile de réir mar is gá. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste in 2020.

6. An Coiste um Athbhreithniú ar Acmhainní Straitéiseacha: Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin ar an gcoiste seo agus ar a laghad triúr Stiúrthóirí neamhspleácha neamhfheidhmiúcháin ceaptha ag an mBord, duine amháin díobh atá mar Chathaoirleach.

Bhunaigh an Bord an Coiste um Athbhreithniú ar Acmhainní Straitéiseacha de chuid Fhiontraíocht Éireann in Eanáir 2020 chun creat a fhorbairt le haghaidh dáileadh acmhainní agus chun forbairt a dhéanamh ar chur chuige maidir le luach ar airgead agus tionchar a mheas agus a chur in iúl. Is iad Geoff Meagher (Cathaoirleach), Julie Sinnamon (POF), Declan Hughes agus John McMahon comhaltaí an Choiste um Athbhreithniú ar Acmhainní Straitéiseacha.

Tagann an Coiste le chéile de réir mar is gá. Bhí cruinniú amháin ag an gCoiste in 2020.

RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN BHOIRD (Ar lean)

Sceideal an Fhreastail, na dtáillí agus na gcostas

Tá sceideal den tinreamh ag cruinnithe Boird agus Coistí in 2020 leagtha amach thíos:

	Bord	Comhair-leach an Bhoird	Iniúchóireacht & Riosca	IPRC	Straitéis & Polasaí	Feidhmíocht & Pleanáil Acmhainní	Athbhreithniú ar Acmhainní Straitéiseacha	Táillí 2020 €	Speansais 2020 €
Líon na gcruinnithe	***14**	**2**	**4**	**4**	**4**	**1**	**1**		
Terence O'Rourke	14	2			2	1		20,607	1,258
Julie Sinnamon	14	2		4			1	-	10,247
Elaine Coughlan	13	2				1		12,021	-
Lisa Dillon	14					1		12,021	-
Colum Horgan	14		4					12,021	-
Declan Hughes	14	2		3			1	-	-
John McMahon	14			4	4		1	12,021	-
Geoff Meagher	14	2	4				1	12,021	-
Helen Ryan	13		4		4			12,021	324
Dave Shanahan	13				4			12,021	-
Conor Hanley	14				4			12,021	-
Clodagh Cavanagh	14		4					12,021	-
Iomlán								128,796	11,829

* Lena n-áirítear cruinniú a reáchtáladh trí chomhfhreagras i nDeireadh Fómhair 2020 agus cruinniú an Bhoird ar an 9 Meán Fómhair 2020 gan na comhaltaí Boird feidhmiúcháin ná an lucht bainistíochta i láthair.

San áireamh leis na costais iomlána de €11,829, tá €615 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird. Baineann an t-iarmhéid de €11,214 le caiteachas a d'íoc Fiontraíocht Éireann thar ceann na gcomhaltaí Boird. Baineann na costais le costais iompair agus chothabhála tabhaithe ag an POF agus ag na comhaltaí Boird le linn dóibh a bheith ag freastal ar chruinnithe an Bhoird agus ar imeachtaí cliaint eile de chuid Fhiontraíocht Éireann, misin trádála thar sáile san áireamh.

Ní bhfuair beirt comhaltaí Boird, Iníon Julie Sinnamon (POF) agus an tUas. Declan Hughes, Rúnaí Cúnta, an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, táille Boird i gcomhréir leis an bprionsabal 'Duine Amháin, Tuarastal Amháin'.

Príomhathruithe pearsanra

I gcomhréir leis an Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998, rachaidh beirt comhaltaí Boird, a chaith an seal is faide in oifig óna gceapachán deireanach, ar scor ón oifig ar chuimhneachán lá bunaidh Fhiontraíocht Éireann gach bliain.

Bhí an tUas. Colum Horgan agus an tUas. Geoff Meagher le dul ar scor ar an 23 Iúil 2020. Athcheapadh an bheirt acu ar an 26 Meitheamh 2020.

Chuir Iníon Julie Sinnamon in iúl don Bhord ar an 12 Feabhra 2020 go raibh sí chun éirí as a ról mar POF. Nuair a tháinig deireadh leis an bpróiseas cuimsitheach earcaíochta, ceapadh an tUas. Leo Clancy mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin nua ar an 15 Márta 2021 ag Bord Fhiontraíocht Éireann. Chuaigh Iníon Sinnamon ar scor ar an 30 Bealtaine 2021 agus thosaigh an tUas. Clancy amach ar a ról nua ar an 31 Bealtaine 2021.

Nochtuithe arna n-éileamh ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann Fiontraíocht Éireann le riachtanais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Lúnasa 2016. Éilíonn an Cód na nochtuithe seo a leanas:

Mionsonrú ar shochair gearrthéarmacha na bhfostaithe

Leagtar amach sochair ghearrthéarmacha fhostaithe os cionn €60,000 i Nóta 7(b).

Costais chomhairliúcháin

Cuimsíonn costais chomhairliúcháin costas na comhairle eachtraí a thugtar don bhainistíocht agus ní chuimsíonn siad feidhmeanna 'gnó mar is gnách'.

	2020 €	2019 €
Measúnú Tráchtála & Teicniúil	846,232	495,433
Iniúchadh Inmheánach, Bainistíocht Riosca & Iniúchtaí Cláir	110,481	463,348
Athbhreithnithe Airgeadais & Próisis	82,256	141,681
Dlíthiúil	195,416	254,611
Eile	209,076	267,849
Costais chomhairliúcháin iomlána	**1,443,461**	1,622,922

Costais dhlíthiúla agus socraíochtaí

Ní raibh aon chostais dhlíthiúla ann sa tréimhse thuairiscithe maidir le socraíochtaí, imeachtaí comhréitigh agus imeachtaí eadrána a bhain le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo an caiteachas a fabhraíodh maidir le comhairle ghinearálta dhlíthiúil a fuair Fiontraíocht Éireann, a nochtar sna Costais sainchomhairleoireachta thuas.

Caiteachas taistil agus cothabhála

Tá ceannoifig Fhiontraíocht Éireann suite i bPáirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath. Tá líonra oifigí réigiúnach agus thar sáile ag Fiontraíocht Éireann freisin. Féachtar ar thaisteal taobh amuigh d'Éireann do bhaill foirne atá bunaithe in Éirinn mar Thaisteal Idirnáisiúnta. Is Taisteal Baile é taisteal a dhéanann baill foirne atá lonnaithe in aon cheann de na 38 oifig thar lear laistigh de dhlínse a n-oifige ceaptha. Féachtar ar thaisteal taobh amuigh den dlínse ina bhfuil oifig an bhaill foirne lonnaithe mar thaisteal idirnáisiúnta.

Déantar caiteachas taistil agus cothaithe a aicmiú mar seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Intíre		
Bord*	9,964	32,081
Fostaithe	676,989	2,750,387
Idirnáisiúnta		
Bord*	1,865	17,068
Fostaithe	527,714	2,481,217
Iomlán	**1,216,532**	5,280,753

* lena n-áirítear taisteal agus cothú de €615 a íocadh go díreach le comhaltaí an Bhoird in 2020 (2019 - €13,765). Baineann an t-iarmhéid de €11,214 (2019 - €35,384) le caiteachas a d'íoc Fiontraíocht Éireann thar ceann chomhaltaí an Bhoird agus an POF.

Caiteachas fáilteachais

Cuimsíonn an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe an caiteachas fáilteachais seo a leanas:

	2020 €	2019 €
Fáilteachas Foirne	4,576	25,812
Fáilteachas Cliaint	86,892	239,434
Iomlán	**91,468**	265,246

Ráiteas comhlíonta

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú. Chomhlíon Fiontraíocht Éireann go hiomlán an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú do 2020.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

Terence O'Rourke,
Cathaoirleach

Leo Clancy,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

17 Meitheamh 2021

RÁITEAS FAOI RIALÚ INMHEÁNACH

Scóip na Freagrachta

Thar ceann Fhiontraíocht Éireann, admhaím freagracht an Bhoird maidir le cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Cuireann an fhreagracht seo san áireamh riachtanais Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú a chomhlíonadh (2016).

Cuspóir chóras an rialaithe inmheánaigh

Dearadh córas an rialaithe inmheánaigh chun riosca a bhainistiú ag leibhéal inghlactha seachas fáil réidh leis. Mar sin, ní féidir leis an gcóras ach gealltanas réasúnta seachas gealltanas iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a aimsiú go tráthúil.

Bhí córas an rialaithe inmheánaigh, a thagann leis na treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i bhFiontraíocht Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí dáta ceadaithe na ráiteas airgeadais.

Acmhainn chun déileáil le riosca

Tá Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca (CIR) ag Fiontraíocht Éireann, ar a bhfuil ceathrar comhaltaí Boird a bhfuil an saineolas cuí acu, agus a bhfuil duine díobh mar Chathaoirleach ar an gcoiste. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire in 2020.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Fiontraíocht Éireann atá dea-bhainistithe, feidhm ag a bhfuil acmhainní leordhóthanacha de shaineolas neamhspleách seachtrach agus lena ndéantar clár oibre a aontaíodh le CIR a riar.

Tá polasaí bainistíochta riosca forbartha ag CIR ina leagtar amach an méid riosca a nglacann sé leis agus an próiseas bainistíochta riosca atá i bhfeidhm, agus ina dtugtar mionsonraí faoi róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Eisíodh an polasaí don fhoireann ar fad agus glactar leis go n-oibreoidh baill na foirne agus iad ag cloí le polasaithe bainistíochta riosca Fhiontraíocht Éireann, go gcuirfidh siad an lucht bainistíochta ar an eolas maidir le haon rioscaí a thiocfaidh chun cinn agus go ndéanfaidh siad laigí a rialú, agus go nglacfaidh siad freagracht as aon rioscaí nó rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann ina n-aithnítear agus ina dtugtar tuairisc ar phríomhrioscaí agus ar na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun déileáil leo agus, a oiread agus is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí ann ina n-aithnítear na príomhrioscaí ar gá d'Fhiontraíocht Éireann aghaidh a thabhairt orthu agus rinneadh na rioscaí sin a aithint, a mheasúnú agus a rangú bunaithe ar a dtábhacht. Déanann CIR an clár a athbhreithniú agus a thabhairt suas chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear torthaí na measúnaithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a dháileadh le cinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal atá inghlactha.

Tugtar mionsonraí sa chlár rioscaí faoi na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagrachtaí a mhaolú agus faoin bhfreagracht maidir le hoibríocht rialaithe a leagtar ar bhaill foirne ar leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe leis na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó ar fad doiciméadaithe
- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht dá réir
- Tá córas cuí buiséadaithe ann agus buiséad bliantúil ar a ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithniú
- Tá córais ann atá ceaptha chun slándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint, agus
- Nósanna imeachta rialaithe thar mhaoiniú deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha lena gcinntítear rialú leordhóthanach ar cheadú deontas agus ar fhaireachán agus athbhreithniú ar dheontaithe chun a chinntiú go bhfuil maoiniú deontais curtha i bhfeidhm chun na críche atá beartaithe.

Tionchar COVID-19 ar an gcreat riosca agus rialaithe

Tá measúnú leanúnach déanta ag Fiontraíocht Éireann ar an gcreat rialaithe ó tharla ráig COVID-19 agus an bogadh go cianobair don fhoireann ar fad. Leathnaíodh na hardáin teicneolaíochta shlána a bhí ann cheana don fhoireann ar fad chun cianobair a éascú agus cuireadh bearta cibearshlándála feabhsaithe i bhfeidhm, traenáil agus tástáil san áireamh. Cuireadh bearta eile i bhfeidhm maidir le cigireachtaí deontais chun na rioscaí a mhaolú a bhain leis an gcosc ar chuairteanna ar láthair an chliaint. Déantar measúnú ar thionchar na rioscaí ó COVID-19 mar chuid de phróiseas bainistíochta riosca na gníomhaireachta agus leanfaidh Fiontraíocht Éireann de na bearta ar fad a dhéanamh atá riachtanach chun rioscaí ábhartha a shainaithneofar a mhaolú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Leagadh síos nósanna imeachta foirmiúla maidir le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar na heasnaimh rialaithe a chur in iúl go tráthúil, más iomchuí, do na grúpaí seo a leanas: iad siúd atá freagrach as beart ceartaitheach a dhéanamh, an lucht bainistíochta agus an Bord. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá na príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha sainaitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun oibriú na bpríomhrialuithe sin a mhonatóiriú agus easnaimh ar bith atá sainaitheanta a thuairisciú
- Tá socruithe maidir le tuairisciú leagtha síos ar gach leibhéal ar a bhfuil freagracht as an mbainistíocht airgeadais sannta
- Déanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe go rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht i gcoinne buiséad/réamhaisnéisí.

I rith na bliana, aithníodh i rialaithe réitigh phárolla na gníomhaireachta go ndearnadh ró-íocaíochtaí tuarastail de luach iomlán €85,107, de bhotún. Aisíocadh na ró-íocaíochtaí go hiomlán leis an ngníomhaireacht.

Rinneadh leasú ar na creataí rialaithe iomchuí párolla chun cinntiú nach dtarlódh na hearráidí céanna agus nach ndéanfaí aon ró-íocaíochtaí ar thuarastal sa todhchaí.

Soláthar

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha a chinntiú. Déantar aird a tharraingt ar cheisteanna a thagann anuas maidir le rialú soláthair sna ceisteanna rialaithe inmheánaí thíos.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ag Fiontraíocht Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá an mhonatóireacht agus an t-athbhreithniú a dhéanann Fiontraíocht Éireann ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha, obair an Choiste um Iniúchóireacht agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar obair na n-iniúchóirí, obair na n-iniúchóirí seachtracha agus obair an lucht ardbhainistíochta i bhFiontraíocht Éireann atá freagrach as creat an rialaithe airgeadais inmheánaigh a fhorbairt agus a choinneáil.

Dearbhaím go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar an éifeachtúlacht atá ag na rialuithe inmheánacha do 2020 ar an 10 Márta 2021.

Ceisteanna maidir le rialú inmheánach

Soláthar neamh-chomhlíontach

I rith 2020, rinneadh caiteachas €119,312 a thabhú i leith earraí agus seirbhísí le ceithre sholáthraí, áit nár chloígh na nósanna imeachta a leanadh leis na treoirlínte maidir le soláthar. I ngach cás bhí baint acu le soláthar seirbhísí práinneach ag eascairt as COVID-19. Tá creat-chomhaontuithe curtha i bhfeidhm anois do dhá cheann de na seirbhísí sin agus cuirfear i bhfeidhm iad don dhá cheann atá fágtha.

Terence O'Rourke
Cathaoirleach

17 Meitheamh 2021

Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas and Cúlchistí Ioncaim Coinnithe
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Ioncam			
Deontais an Oireachtais - An Roinn Fiontar, Trádála & Fostaíochta	2	1,068,071	296,993
Cistiú ó Ranna Rialtais Eile	3	24,546	5,711
Acmhainní Féin	4	9,720	10,393
Glanchistiúcháin Iarchurtha do Shochair Scoir	8 (d)	17,301	17,984
Brabús ar dhiúscairt/aistriú Shócmhainní Seasta	11	43,698	49,151
IONCAM IOMLÁN		1,163,336	380,232
Caiteachas			
Tacaíocht Airgeadais do Thionscal	5	984,956	243,939
Íocaíocht amach do Ghníomhaireachtaí Eile Stáit maidir le Tacaíochta Airgeadais do Thionscal	6	3,782	855
Riarachán, Oibriúchán agus Cur Chun Cinn	7	88,744	89,909
Costais Sochair Scoir	8 (c)	20,373	21,211
Gluaiseacht i Luach Shócmhainní Seasta	9	(55,532)	12,024
Athrú ar Luach Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí	10	(307)	425
CAITEACHAS IOMLÁN		1,042,016	368,363
Barrachas roimh Leithghabhálacha		121,320	11,869
Leithghabhálacha			
Rannchuidiú (le)/ón Státchiste	12	(11,024)	(9,234)
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil	13	(68,656)	(13,186)
Aistriú (go)/ón gCuntas Réamhíocaíochtaí Stáit	14	(34,037)	3,739
Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithghabhálacha		7,603	(6,812)
An t-Iarmhéid tugtha ar aghaidh at Tús na Bliana		2,848	9,660
An t-Iarmhéid Tugtha ar Aghaidh ag Deireadh na Bliana		10,451	2,848

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

Terence O'Rourke
Cathaoirleach

Leo Clancy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

17 Meitheamh 2021

Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach
Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

	2020 €'000	2019 € '000
Barrachas/(Easnamh) tar éis Leithghabhálacha	7,603	(6,812)
Gnóthas/(caillteanas) taithí ar dhliteanais na scéime Sochair Scoir	(9,808)	2,576
Athrú ar na boinn tuisceana atá taobh thiar de luach reatha na nDliteanas sochair scoir faoi láthair	(36,196)	(47,601)
Brabús/(caillteanas) achtúireach iomlán sa bhliain	(46,004)	(45,025)
Coigeartú ar chistiú Sochar Scoir iarchurtha	46,004	45,025
Ioncam Cuimsitheach iomlán don bhliain	7,603	(6,812)

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

Terence O'Rourke
Cathaoirleach

Leo Clancy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

17 Meitheamh 2021

Ráiteas faoin Staid Airgeadais
amhail ar an 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Sócmhainní Seasta			
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	16	1,765	1,884
Airgeadas	17	524,599	455,824
Sócmhainní Seasta Iomlána		526,364	457,708
Iasachtaí Lamhaltais d'Aonáin Leasa Phoiblí	18	46,715	11,565
Sócmhainní Reatha			
Infháltais	19	4,159	3,931
Airgead tirim agus Coibhéis Airgid Tirim		24,271	22,073
		28,430	26,004
Dliteanais Reatha			
Suimeanna Iníoctha (Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)	20	17,979	23,156
Glansócmhainní Reatha		10,451	2,848
Oibleagáidí Sochair Scoir	8(e)	(572,754)	(509,449)
Sócmhainní Cistithe Iarchurtha	8(e)	572,754	509,449
Glansócmhainní Iomlána		583,530	472,121
A Fhreagraíonn don			
Cuntas Caipitil	13	526,364	457,708
Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit	14	46,715	11,565
Cúlchistí Coinnithe		10,451	2,848
		583,530	472,121

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Ráiteas faoi Shreafaí Airgid agus Nótaí 1 go 26.

Thar ceann Bhord Fhiontraíocht Éireann:

Terence O'Rourke
Cathaoirleach

Leo Clancy
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

17 Meitheamh 2021

Ráiteas faoi Shreafaí Airgid Thirim
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Sreafaí airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Farasbarr ioncaim thar Chaiteachas		121,317	11,869
Claochlaithe do			
Díbhinní infhaighte		(2,804)	(3,826)
Ús Infhaighte		(11)	-
Laghdú i Luach Shócmhainní Seasta		(55,532)	12,024
Brabús ar Dhiúscairt Shócmhainní Seasta Airgeadais		(43,698)	(49,151)
(Méadú)/Laghdú ar Luach Sócmhainní Dreasachta Airgeadais		(307)	425
(Méadú)/Laghdú sna hInfháltais gan Díbhinní san áireamh		(193)	1,127
Méadú/(Laghdú) i Suimeanna Infhaighte gan Ranníocaíochtaí don Státchiste san áireamh		(2,599)	5,495
Ranníocaíocht don Státchiste		(13,602)	(131)
Tionchar athruithe ar rátaí eachtracha malairte		203	(370)
Glan-insreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		2,774	(22,538)
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta			
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a cheannach			
Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh	16	(543)	(1,117)
Airgeadas:			
Infheistíochtaí i Scaireanna	17(c)	(28,466)	(26,140)
Nótaí ar Iasachtaí In-chomhshóite	17(d)	(4,325)	-
Ciste Caipiteal Síl agus Fiontair	17(a)	(38,968)	(46,700)
Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí déanta	18	(36,137)	-
Fáltais ó dhiúscairt Shócmhainní Seasta			
Airgeadas:			
Infheistíochtaí i Scaireanna	11(b)	37,180	62,513
Ciste Caipiteal Síl agus Fiontair	11(b)	65,696	35,385
Fáltais d'Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí	18	2,418	3,314
Sreafaí glana airgid thirim ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		(3,145)	27,255
Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe			
Díbhinní faighte		2,772	3,972
Sreafaí glana Airgid Thirim ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais		2,772	3,972
Glanlaghdú in Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim		2,401	8,689
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Tirim ag tús na bliana		22,073	13,014
Tionchar athruithe ar rátaí eachtracha malairte		(203)	370
Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgead Tirim ag deireadh na bliana		24,271	22,073

Polasaithe Cuntasaíochta
don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020

1. Polasaithe Cuntasaíochta Suntasacha

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus na polasaithe cuntasaíochta suntasacha glactha ag Fiontraíocht Éireann. Cuireadh iad go léir i bhfeidhm go seasta i rith na bliana agus i rith na bliana roimhe sin.

(a) Eolas ginearálta

Bunaíodh Fiontraíocht Éireann faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998. Tá ceannoifig Fhiontraíocht Éireann suite i bPáirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath 3. Is Aonán Leasa Phoiblí (ALP) í Fiontraíocht Éireann. Soláthraíonn Aonán leasa phoiblí earraí nó seirbhísí ar mhaithe leis an leas ginearálta poiblí, pobail nó sóisialta agus, áit a soláthraítear cothromas ar bith, is chun tacú le príomhchuspóirí an aonáin a dhéantar sin seachas chun brabach a thabhairt do sholáthraithe cothromais, scairshealbhóirí nó comhaltaí.

Is é príomhchuspóir Fhiontraíocht Éireann mar atá leagtha amach i gCuid II Alt 7(1) den Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann) 1998, ná:

- tionscal agus fiontar a fhorbairt sa Stát
- margaíocht earraí agus tionscail sheirbhíse a chur chun cinn, cúnamh a thabhairt dóibh agus iad a fhorbairt
- fiontair a chur chun cinn i measúnú agus foirmliú straitéisí
- bonn teicneolaíochta agus cumas na bhfiontar a fhorbairt maidir le nuáil, taighde, forbairt agus dearadh a dhéanamh
- bonn scileanna i dtionscail a threisiú
- infheistíochtaí a dhéanamh i ngnóthais thionsclaíocha a chomhlíonann ceanglais na n-achtachán atá i bhfeidhm faoi láthair, agus tacaíochtaí a thabhairt dóibh
- cibé scéimeanna, deontais agus saoráidí airgeadais eile a riar ar gá eisíoc a dhéanamh ina leith ar chistí de chuid an Aontais Eorpaigh agus ar chistí eile a údaróidh an tAire ó am go ham le comhthoiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Cé go n-infheistíonn Fiontraíocht Éireann caipiteal gnáthscaireanna i gcliant-chuideachtaí, ní hé gnóthas brabaigh ar an infheistíocht an t-aon chúis a ndéantar an infheistíocht sin agus úsáidtear aon bhrabach a ghnóthaítear chun príomhchuspóir Fhiontraíocht Éireann a mhaoiniú.

(b) Ráiteas Comhlíontachta agus Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhodhnú chun cur san áireamh míreanna áirithe ar luach cóir, i gcomhlíonadh an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais agus i bhfoirm atá ceadaithe ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Fiontraíocht Éireann), 1998.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe a úsáidtear i ráitis airgeadais Fhiontraíocht Éireann. Is é an euro an t-airgeadra feidhmiúil atá ag Fiontraíocht Éireann mar is é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina bhfuil an ghníomhaireacht ag feidhmiú.

(c) Ioncam

Déantar ioncam a chur san áireamh ar bhonn fabhraithe seachas díobh seo a leanas:

Deontais ón Oireachtas
Aithnítear deontais ón Oireachtas ar bhonn na bhfáltas airgid.

Ioncam Roinnte
Aithnítear Ioncam Díbhinne nuair a bhunaítear an ceart íocaíocht a fháil, agus nuair is dócha go bhfaighfear an t-ioncam agus gur féidir an méid a thomhas go beacht. Nuair a bhíonn Fiontraíocht Éireann ag eisiúint sonraisc dhíbhinne, ní fios an bhfuil cúlchistí indáilte dóthanacha ag an gcuideachta Infheistiúcháin agus mar sin ní féidir a mhaíomh go bhfuil an ceart íocaíocht a fháil bunaithe. Mar sin, aithníonn Fiontraíocht Éireann ioncam a fuarthas sa bhliain airgeadais chuí nó a shonrasctar sa bhliain airgeadais chuí agus a fhaightear sa chéad ráithe den bhliain ina dhiaidh sin.

Aisíocaíochtaí tacaíochta airgeadais atá iníoctha
Bíonn Tacaíochtaí Airgeadais do Thionscal iníoctha má tharlaíonn cúinsí áirithe, ar nós leachtaithe/díscaoilte, mar atá leagtha amach sa litir tairisceana. Déantar aisíocaíochtaí tacaíochta airgeadais atá iníoctha a aithint ar bhonn na bhfáltas airgid.

d) Tacaíochtaí Airgeadais do Thionscal

Déantar dliteanas a aithint sna Ráitis Airgeadais chomh luath agus a chomhlíontar na critéir sainmhínithe agus aitheanta, nuair nach féidir le Fiontraíocht Éireann tarraingt siar go réadúil de bharr nádúr na hoibleagáide agus nuair atá na coinníollacha sonraithe ar fad comhlíonta ag an deontaí.

(e) Tacaíocht Inaisíoctha Airgeadais do Thionscal - Iasachtaí Lamhháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí

Aicmítear Tacaíochtaí Airgeadais Caipitil In-aisíoctha mar iasachtaí lamhháltais d'aonáin leasa phoiblí, i.e. iasachtaí a bhronntar chun na cuspóirí atá ag an aonán leasa phoiblí a fhorbairt, ní gá iad a aisíoc ar éileamh agus bronntar iad ar ráta níos ísle ná ráta úis an mhargaidh atá i réim nó gan ús. Aithnítear Tacaíochtaí Airgeadais Caipitil In-aisíoctha ar dtús sa Ráiteas faoi Staid Airgeadais ag an méid a íocadh. Déantar an tsuim ghlanluacha sna ráitis airgeadais a choigeartú ina dhiaidh sin chun aon ús fabhraithe iníoctha nó infhaighte a léiriú. Déantar athbhreithniú bliantúil ar Thacaíochtaí Airgeadais Caipitil In-aisíoctha le haghaidh laigí agus aithnítear aon laigí sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Is iad seo na tacaíochtaí airgeadais caipitil atá in-aisíoctha do thionscal:

Tacaíocht Airgeadais In-aisíoctha
Tá clásal in-aisíoctha ag Nótaí ar Iasachtaí Tacaíochtaí Airgeadais Caipitil agus Réamhíocaíochtaí In-aisíoctha ar leith, lena gceadaítear an tacaíocht airgeadais ar fad nó cuid di a aisghabháil.

Deontais Inaisíoctha eisithe ag Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus Oifigí Fiontar Áitiúil
Rinneadh foráil san Acht um Boird Fiontar Contae (Díscaoileadh) 2014 do dhíscaoileadh na mBord Fiontar Contae agus Cathrach (BFCanna) agus aistriú a bhfeidhmeanna agus a sócmhainní agus dliteanais chuig Fiontraíocht Éireann ar an 14 Aibreán 2014. Ón 14 Aibreán 2014 ar aghaidh, déantar feidhmeanna na BFCanna a sholáthar faoi shocrú oibriúcháin, trí na húdaráis áitiúla, tar éis bhunú líonra Oifigí Fiontar Áitiúla (OFÁnna).

Na deontais faoi bheart 1 a bhí á n-eisiúint ag na BFCanna agus atá á n-eisiúint anois ag na OFÁnna, tá clásal in-aisíoctha acu a cheadaíonn cuid den tacaíocht airgeadais a aisghabháil. Is sócmhainní de chuid Fhiontraíocht Éireann iad na deontais in-aisghabhála seo agus, mar sin, léirítear iad i Ráiteas faoi Staid Airgeadais na gníomhaireachta.

Tá an méid atá in-aisghabhála maidir leis an tacaíocht airgeadais in-aisíoctha don tionscal léirithe sa Ráiteas faoi Staid Airgeadais mar Iasachtaí Lamhháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí agus tá an maoiniú a bhaineann leis curtha san áireamh sa Chuntas Réamhíocaíochtaí Stáit.

(f) An Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit

Léirítear sa Chuntas Réamhíocaíochtaí Stáit an t-airgead a réamhíoctar le Fiontraíocht Éireann agus le cliant-chuideachtaí BFC/OFÁ trí bhíthin na tacaíochta airgeadais in-aisíoctha a aicmítear mar iasachtaí lamháltais d'aonáin leasa phoiblí.

(g) Infheistíochtaí

Infheistíochtaí Luaite
Déantar infheistíochtaí a luaitear ar stocmhalartán aitheanta a thomhas ag a luach cóir agus déantar gluaiseachtaí a thaifead sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Infheistíochtaí Eile
Déantar infheistíochtaí eile a thomhas ag costas lúide laigí ós rud é nach féidir a luach cóir a thomhas go beacht.

Díscríobh Infheistíochtaí
Nuair a bhíonn measúnú an lucht bainistíochta ar luach na n-infheistíochtaí cothrom le náid, mar gheall ar dhócmhainneacht nó cúis éigin eile, déantar na hinfheistíochtaí sin a dhíscríobh.

Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair
Déantar réamhíocaíochtaí leis na cistí seo a thomhas ag an luach cóir agus déantar gnóthais agus caillteanais ar an luach cóir a thaifead tríd an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe bunaithe ar sciar inchurtha na nglansócmhainní tuairiscithe ciste ag baint úsáid as na cuntais iniúchta nó bainistíochta is déanaí atá ar fáil. Díorthaítear na glansócmhainní ciste ó luach cóir na mbuninfheistíochtaí. Tá na treoirlínte a lean na Bainisteoirí Cistí chun teacht ar luachálacha na mbuninfheistíochtaí i gcomhréir le caighdeáin ábhartha chuntasaíochta gach ciste agus leis na treoirlínte Idirnáisiúnta Luachála um Chaipiteal Cothromais Phríobháidigh agus Fiontair (IPEV), i gcás inarb infheidhme.

Gnóthachain agus Caillteanais
Déantar gnóthachain agus caillteanais réadaithe d'athruithe i luach infheistíochtaí a aithint sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe.

Comhdhlúthú
Ní léirítear comhdhlúthú de thorthaí cuideachtaí infheistiúcháin sna ráitis airgeadais. An tuairim atá ag Fiontraíocht Éireann ná go mbeadh comhdhlúthú mar sin míthreorach, ag féachaint don éagsúlacht atá i ngnólachtaí na gcuideachtaí atá páirteach agus don dualgas ginearálta atá ann ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fírinneach cóir ar a gníomhaíochtaí forbartha tionscail.

(h) Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

Déantar sócmhainní Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a shonrú ag a gcostas lúide dímheas carntha, aon fhoráil do laigí san áireamh. Cuirtear ar fáil dímheas don réadmhaoin, gléasra agus trealamh ar fad, seachas talamh ruílse agus saothar ealaíne, ag rátaí a ríomhtar chun costas gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, de réir méid cothrom thar a saolré fhóinteach mheasta mar seo a leanas:

• Mótarfheithiclí	20% in aghaidh na bliana
• Foirgnimh	2% in aghaidh na bliana
• Athchóiriú ar Fhoirgnimh atá ann cheana	20% in aghaidh na bliana
• Feabhsuithe ar Réadmhaoin Léasachta	20% in aghaidh na bliana
• Daingneáin & Feisteas	25% in aghaidh na bliana
• Ríomhairí	33% in aghaidh na bliana
• Trealamh Teicniúil	25% in aghaidh na bliana
• Talamh	0% in aghaidh na bliana
• Saothair Ealaíne	0% in aghaidh na bliana

Freagraíonn an luach iarmharach don mhéid measta a bhféadfaí a fháil faoi láthair ó dhiúscairt shócmhainne, tar éis costas measta na diúscartha a bhaint, dá mbeadh an tsócmhainn ag aois agus sa riocht a bhítear ag súil leis cheana ag deireadh a saolré fhóinteach.

Déantar caiteachas ar shócmhainní le costas aonair faoin tairseach caipitlithe (€2,500) a lua sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain ina dhéantar é.

(i) Lagú Sócmhainní

Déantar measúnú ar shócmhainní, seachas na cinn arna dtomhas ar luach cóir, do chomharthaí laige ag deireadh gach bliana. Má fhaightear fianaise oibiachtúil gur tharla laigí, déantar foráil laigí a aithint sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

(j) Soláthar in aghaidh Fiach Amhrasach

Féichiúnaithe Trádála
Tá foráil ar leith leagtha síos d'fhiacha amhrasacha.

(k) Sochair Scoir

Rinneadh dlí den Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014 (Uimh. 13 de 2014) ar an 16 Iúil 2014, agus rinneadh foráil ann do dhíscaoileadh Fhorfás agus do bhunú Fhiontraíocht Éireann mar fhostóir dlíthiúil ar leith (roimhe sin bhí baill foirne Fhiontraíocht Éireann ar iasacht ó Fhorfás). De réir na reachtaíochta:

(i) Bhunaigh Fiontraíocht Éireann a scéim um Shochair Scoir féin (arna maoiniú go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuillir as airgead a sholáthraíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta). Chuaigh baill foirne ó Fhiontraíocht Éireann a bhí ina mbaill de scéim um Shochair Scoir Fhorfás isteach i scéim nua um Shochair Scoir Fhiontraíocht Éireann ar théarmaí aoisliúntais a bhí chomh tairbheach leo siúd a bhí acu faoi Scéim Fhorfás díreach roimh dháta an aistrithe.

(ii) Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as costais Sochar Scoir ball foirne a théann ar scor tar éis 31 Iúil 2014.

(iii) Glacann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagracht dhlíthiúil as scéimeanna um Shochair Scoir Fhorfás atá ann cheana, as pinsinéirí Fhiontraíocht Éireann agus as iarfhoireann a bhfuil sochair choinnithe aici.

Feidhmíonn Fiontraíocht Éireann an Scéim Sochair Scoir do Sheirbhísí Poiblí Aonair (an Scéim Aonair), scéim sochair sainithe d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí atá in aois an phinsin ar nó tar éis 1 Eanáir 2013. Déantar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair a aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais um Shochair Scoir na sochair scoir a thuill fostaithe agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí foirne i leith sochar scoir a chuirtear ar ais chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i leith na príomhscéime agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i leith na Scéime Singile. Déantar méid a fhreagraíonn don mhuirear sochar scoir a aithint mar ioncam sa mhéid is go féidir é a aisghabháil, agus déantar é a fhritháireamh in aghaidh na ndeontas a fuarthas i rith na bliana chun íocaíochtaí sochar scoir a chomhlíonadh.

Léirítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha sa Ráiteas faoi Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019

sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Léiríonn dliteanais Sochar Scoir luach reatha na n-íocaíochtaí sochar scoir don todhchaí arna dtuilleamh ag an bhfoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú sochar scoir iarchurtha an tsócmhainn chomhfhreagrach a aisghabhálfar i dtréimhse sa todhchaí ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

Déantar dliteanais ó scéim Sochair Scoir a thomhas ar bhonn achtúireach ag baint úsáide as modh na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa.

(l) Léasanna

Léasanna oibriúcháin
Mar léasóir
Aicmítear mar léasanna oibriúcháin na léasanna ina gcoinníonn Fiontraíocht Éireann na rioscaí agus na sochair úinéireachta ar fad, a bheag nó a mhór, tar éis an chomhaontaithe léasa. Taifeadtar suim ghlanluacha na sócmhainní léasaithe sa Ráiteas faoi Staid Airgeadais agus tugtar cuntas uirthi i gcomhréir leis an bpolasaí cuntasaíochta do Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh. Aithnítear ioncam cíosa de réir méid cothrom sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

Mar léasaí
Muirearaítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, de réir méid cothrom, thar thréimhse an léasa ach amháin nuair atá méaduithe cíosa ann atá nasctha le boilsciú ginearálta ionchasach. Sa chás sin aithnítear na méaduithe sin tráth a bhfabhraithe.

(m) Airgeadra Eachtrach

Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadra eachtrach a aistriú ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an Ráitis faoi Staid Airgeadais. Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a aistriú ag na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart bunaidh. Pléitear leis na brabúis agus na caillteanais a thagann dá bharr sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.

(n) Breithiúnais Chriticiúla Chuntasaíochta agus Príomhfhoinsí an Amhrais maidir le Meastacháin

Éilíonn ullmhúchán na Ráiteas Airgeadais go ndéanfadh an bhainistíocht breithiúnais, meastacháin agus foshuímh a mbíonn tionchar acu ar na méideanna a thuairiscítear do shócmhainní agus dliteanais amhail ag an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a≈thuairiscítear maidir le hioncam agus caiteachas i rith na bliana. Ciallaíonn nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin.

Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais.

Sócmhainní Seasta Airgeadais Neamhthrádáilte - Síol agus Fiontar Cistí Caipitil
Cinntear luach na Sócmhainní Seasta Airgeadais (Cistí um Chaipiteal Síl agus Fiontar) nach bhfuil á dtrádáil i margaí gníomhacha trí theicnící luachála a úsáid atá curtha i bhfeidhm ag na Bainisteoirí Cistí a dhéanann breithiúnas maidir le héagsúlacht modhanna a roghnú agus a dhéanann meastacháin atá bunaithe den chuid is mó ar shonraí agus coinníollacha inbhraite atá i bhfeidhm ar gach dáta tuairiscithe. Tá na treoirlínte a lean na Bainisteoirí Cistí chun teacht ar na luachálacha i gcomhréir le caighdeáin ábhartha chuntasaíochta gach ciste agus leis na treoirlínte Idirnáisiúnta Luachála um Chaipiteal Cothromais Phríobháidigh agus Fiontair, i gcás inarb infheidhme.

Tá cúrsaí maidir le COVID-19 ag athrú i gcónaí amhail ar dháta ceadaithe na ráiteas airgeadais seo agus tá na cúrsaí sin ag cur isteach go fóill ar go leor cuideachtaí. Léirítear leis na luachálacha a cuireadh i láthair ar an 31 Nollaig 2020 aon tionchair a bhí ag COVID-19, iad bunaithe ar mheasúnú is fearr an Bhainisteora Ciste agus ar an bhfaisnéis a bhí ar fáil ar an dáta tuairiscithe.

Oibleagáid Sochair Scoir
Déantar an bonn tuisceana atá mar bhun ag na luachálacha achtúireacha, a ndéantar na méideanna a aithnítear sna Ráitis Airgeadais a chinneadh ina leith (rátaí lascaine, rátaí méadaithe i leibhéil chúitimh sa todhchaí agus rátaí báis san áireamh), a thabhairt suas chun dáta gach bliain bunaithe ar na cúinsí reatha eacnamaíocha, agus d'aon athrú ábhartha ar théarmaí na sochar scoir agus na bpleananna iar-scoir.

D'fhéadfadh na foshuíomhanna athrú de bharr:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí ardcháilíochta corparáideacha

(ii) leibhéil cúitimh amach anseo, coinníollacha margaidh saothair amach anseo

Lagú Sócmhainní

- Infheistíochtaí Eile
Déantar infheistíochtaí eile a thomhas ag costas lúide laigí ar an dáta tuairiscithe. Bíonn na comharthaí laigí bunaithe ar phróiseas athbhreithnithe a úsáideann na cuntais iniúchta nó bainistíochta is déanaí de chuid na gcuideachtaí infheistiúcháin nó faisnéis ghnó ábhartha eile. Má bhíonn fianaise laigí ann, déantar foráil laigí a aithint sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe don bhliain. Áit a bhfuil fianaise ann nach mbaineann an fhoráil laigí a bhí ann roimhe seo le hábhar, déantar na forálacha sin a mhalartú.

- Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí
Aicmítear deontais in-aisíoctha mar iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí (ALP). Déantar iasachtaí Lamháltais ALP a athbhreithniú gach bliain do chomharthaí laigí bunaithe ar stair aisíoctha an deontaí agus tuairim an lucht bainistíochta maidir le hinbhailitheacht an fhiachais. Aithnítear foráil ar leith sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, áit a bhfuiltear in amhras faoi aisíoc an fhiachais.

2. Deontais an Oireachtais - An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (Vóta 32)

Is iad seo a leanas na Deontais ón Oireachtas d'Fhiontraíocht Éireann arna vótáil ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, mar atá léirithe sna ráitis airgeadais:

	Nótaí	Fotheideal	2020 €'000	2019 € '000
Deontas le haghaidh Tacaíocht Airgeadais do Thionscal		A7.2	108,382	34,925
Deontas le haghaidh Oifigí Fiontair Áitiúla	5(a)	A8	79,388	37,845
Deontas le haghaidh Dul Chun Cinn agus Caiteachais Riaracháin		A7.1	80,208	80,267
Deontas le haghaidh Trealamh Caipitil		A7.3	1,500	1,800
Deontas don Scéim Deontais Atosaithe		A7.4	652,000	-
Clár Forbartha Eolaíochta & Teicneolaíochta		B4.1	127,293	126,741
Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha		B9	19,300	15,415
			1,068,071	296,993

Luaitear an deontas do chaiteachas Promóisin agus Riaracháin de €80.208m glan ar ranníocaíochtaí i leith sochar scoir na bhfostaithe de €2.397m, €2.039m a seoladh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (i leith scéim um shochair scoir na mball foirne d'Fhiontraíocht Éireann) agus €0.358m a seoladh chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (i leith na scéime seirbhíse singile sochar scoir).

3. Cistiú ó Ranna Rialtais Eile

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
An Ciste Oiliúna Náisiúnta- (an Roinn Oideachais agus Scileanna) Vóta 28		3,500	3,500
Scéim Dearbhán Trádála Ar Líne OFÁ - (An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide & Comhshaoil) Vóta 29 Fo-cheannteideal A5		20,439	1,961
An Ciste Infheistíochta Caipitiúla Bia- (an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara) Vóta 30 Fotheideal C4	3(a)	557	250
Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí (An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) Vóta 11 Fotheideal B6	3(b)	50	-
		24,546	5,711

a) An Ciste Infheistíochta Caipitiúla Bia

D'fhormheas an Rialtas an Ciste Infheistíochta Caipitiúla Bia in 2018 le go bhféadfadh an tionscal bia agus deochanna tacú le tionscnaimh i réimsí na héifeachtúlachta feabhsaithe, na táirgeachta méadaithe agus na hinfheistíochta caipitiúla. Cuireann an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara an cistiú seo ar fáil.

b) Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí

Is ciste iomaíoch é Ciste Nuálaíochta na Seirbhíse Poiblí a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt do smaointí nuálacha ó eagraíochtaí seirbhíse poiblí, le maoiniú suas go €0.060m an tionscadal ar fáil. Ba cheart go mbeadh na tionscadail dírithe go mór ar thorthaí, tionchair, inscálaitheacht, inaistritheacht agus foghlaim laistigh den tSeirbhís Phoiblí. Moltar comhoibriú idir eagraíochtaí Seirbhíse Poiblí.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

4. Acmhainní Féin

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Ioncam ó Dhíbhinní		2,804	3,826
Ús ar Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí		11	-
Aisíocaíochtaí Tacaíochta Airgeadais		2,853	1,170
Ioncam ó Tháillí	4(a)	2,242	3,741
Ioncam Cíosa - Foligean Oifigí		667	576
Ioncam Eile	4 (b)	1,143	1,080
		9,720	10,393

I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta Fhiontraíocht Éireann, aithnítear ioncam ó dhíbhinní nuair a bhunaítear an ceart chun íocaíocht a fháil, nuair is dócha go bhfaighfear í agus nuair is féidir an méid a thomhas go beacht. Cuireadh in iúl d'Fhiontraíocht Éireann in 2020 gur leachtaíodh/díscaoileadh 27 (2019 - 28) cuideachta go foirmeálta a raibh díbhinní gan íoc acu dar luach €1.443m (2019- €1.179m). Mar thoradh, ní féidir an méid sin a bhailiú.

I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta Fhiontraíocht Éireann, aithnítear ioncam Aisíoca Tacaíochta Airgeadais nuair is dócha go bhfaighfear an t-airgead agus nuair is féidir an méid a thomhas go beacht. Bíonn Tacaíochtaí Airgeadais in-aisíoctha má tharlaíonn cúinsí áirithe ar nós leachtaithe/díscaoilte, mar a leagtar amach sa litir tairisceana. I rith 2020, fuarthas Aisíocaíochtaí Tacaíochta Airgeadais de €2.853m (2019 - €1.170m). Cuireadh in iúl d'Fhiontraíocht Éireann in 2020 gur leachtaíodh/díscaoileadh 3 (2019 - 4) chuideachta go foirmeálta a raibh Tacaíocht Airgeadais in-aisíoctha de €0.083m (2019 - €1.010m) acu. Mar thoradh, ní féidir an méid sin a bhailiú.

(a) Ioncam ó Tháillí

	2020 €'000	2019 € '000
Seirbhísí Proifisiúnta	1,657	1,143
Ioncam ó Thionscadal Mhargaidh	585	2,598
	2,242	3,741

(b) Ioncam Eile

	2020 €'000	2019 € '000
Ranníocaíocht Eagraíochtaí Eile do na Forchostais Lárnacha	137	158
Ranníocaíocht d'Oideachas in Éirinn	636	730
Eile	370	192
	1,143	1,080

Is é 'Education in Ireland' an bratbhranda faoina ndéantar earnáil ardoideachais na hÉireann agus an earnáil Bhéarla a chur chun cinn go hidirnáisiúnta. I rith 2020 fuair 'Education in Ireland' ranníocaíochtaí de €0.557m (2019 - €0.544m) ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ranníocaíochtaí €0.079m (2019 - €0.186m) ó institiúidí tríú leibhéal.

5. Tacaíocht Airgeadais do Thionscal

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
(i) Forbairt Chuideachtaí			
Fostaíocht		10,567	12,873
Tacaíocht do Shócmhainní Seasta		22,644	28,903
Infreastruchtúr Teicneolaíochta		205	160
Tacaíocht Margaíochta agus Aistrithe Eolais		14,013	21,990
Féidearthacht		2,760	2,376
Forbairt agus Oiliúint Bainistíochta		10,028	8,104
Deontais Chomhairliúcháin		4,003	999
An Ciste um Fhiontraíocht a Chothú - Deontais um Plean Gnó	5(c)	29,150	-
Ionaid Fiontar Phobail		2,311	151
An Ciste um Fhorbairt Fiontar Réigiúnaí		7,145	6,022
Grúpaí Réigiúnacha Nuálaíochta agus Teicneolaíochtaí (Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide)		1,234	-
		104,060	81,578
(ii) Tríú Páirtithe			
Ionaid Nuálaíochta Ghnó		2,200	2,200
Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann		3,544	3,185
Oifigí Fiontair Áitiúla	5(a)	102,226	42,794
Scéim Deontais Atosaithe	5(b)	645,651	-
		753,621	48,179
(iii) Forbairt Eolaíochta & Teicneolaíochta			
Gníomhaíocht TF&N a athrú ó bhonn i bhFiontraíocht	5(d)	30,683	24,712
Comhoibriú na Tionsclaíochta le hEarnáil an Tríú Leibhéal	5(e)	49,171	47,025
Poitéinseal Tráchtála Phobal Taighde na hÉireann a Réadú	5(f)	26,719	27,534
Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha	5(g)	20,702	14,911
		127,275	114,182
Le muirearú ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe		984,956	243,939
Tacaíocht Airgeadais don Tionsclaíocht Caipitlithe ar an Ráiteas Staide Airgeadais			
Infheistíochtaí i Scaireanna	5(h) / 17(c)	28,466	26,140
Nótaí ar Infheistíochtaí in Iasachtaí In-chomhshóite	17(d)	4,325	-
Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair	17(a)	38,968	46,700
Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí	18	37,250	3,084
Tacaíocht Airgeadais Iomlán do Thionscal		1,093,965	319,863

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

(a) Oifigí Fiontair Áitiúla

Feidhmíonn Oifigí Fiontair Áitiúla (OFÁnna) i ngach Údarás Áitiúil, áit a dtugann siad raon tacaíochtaí deontais agus feidhmeanna forbartha cumais don earnáil mhicrifhiontair thar ceann Fhiontraíocht Éireann. Tá ionad feabhais OFÁ ag Fiontraíocht Éireann chun feidhmeanna a chomhlíonadh atá comhaontaithe idir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Fiontraíocht Éireann. Is é ról an aonaid seo ná raon tacaíochtaí a thabhairt do na OFÁnna a fheabhsaíonn tionchar na OFÁnna ar fhorbairt micrifhiontar agus gnólachtaí beaga, ag cur lena n-éifeachtúlacht. Cuimsíonn an tacaíocht a thugtar tacaíocht straitéiseach, riaracháin, theicniúil agus airgeadais. Bhí na OFÁnna, an chéad áit don nuálaíocht, sa líne thosaigh ag tabhairt tacaíocht do ghnó le linn ghéarchéim COVID-19. Dáileadh maoiniú breise caipitil de €59m ar OFÁnna, €55m chun na scéimeanna COVID-19 seo a leanas a sholáthar: Scéim na nDearbhán Leanúnachais Ghnó, Scéim fhadaithe na nDearbhán do Thrádáil ar Líne agus an Scéim Spreagthaí do Chliant agus €4m chun iarrachtaí Brexit sa Limistéar Teorann a mhaolú.

(b) Scéim Deontais Atosaithe

Ar an 15 Bealtaine 2020, d'fhógair an Rialtas an Scéim Deontais Atosaithe. Faoin scéim sin, tabharfar cúnamh deontais go díreach do mhicreaghnólachtaí agus do ghnólachtaí beaga chun cabhrú leo leis na costais maidir le hathoscailt agus athfhostaíocht i ndiaidh dhúnadh COVID-19. Tá an Scéim á riar ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, atá freagrach as maoirseacht ghinearálta na Scéime de réir Chinneadh an Rialtais, as athbhreithniú leanúnach na Scéime agus as maoiniú don Scéim a dháileadh ar na hÚdaráis Áitiúla. Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as an maoiniú ceadaithe faoin Scéim a íoc le gach Údarás Áitiúil agus as cuntas a thabhairt ar an maoiniú i gcomhréir leis an treoir íocaíochta ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Tá an tÚdarás Áitiúil freagrach as na rudaí seo a leanas, laistigh dá limistéar: na hiarratais ar fad a phróiseáil, ceaduithe íocaíochta a eisiúint agus deontais a íoc le gnólachtaí cáilithe faoin Scéim.

(c) An Ciste um Fhiontraíocht a Chothú

In 2020 cheadaigh an Rialtas an Ciste um Fhiontraíocht a Chothú, a thacaíonn le gnóthais a raibh drochthionchair eacnamaíocha ag ráig COVID-19 orthu. Feidhmíonn an Ciste faoi Scéim ceadaithe ag Coimisiún AE ("an Scéim") laistigh den Chreat Sealadach maidir le bearta Státchabhrach chun tacú leis an ngeilleagar le linn ráig reatha COVID-19. Is é aidhm na scéime ná gnólachtaí a chothú, agus ag an am céanna a chinntiú go mbeidh siad fós inmharthana le linn, agus i ndiaidh, thionchar COVID-19. Tá sé mar aidhm ag an scéim freisin dul i ngleic le heaspa nó ganntanas leachtachta tobann agus leanúnachas gníomhaíochta eacnamaíche a chothú trí thacú le gnóthais a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu de thoradh ráig COVID-19. Íocadh €74.4m ar an iomlán in 2020 le cliaint Fhiontraíocht Éireann faoin gCiste um Fhiontraíocht a Chothú agus tá na híocaíochtaí sin curtha san áireamh sna tacaíochtaí cliant atá liostaithe sa tábla thíos:

	Áirithe sna Nótaí	2020 € '000
Deontas um Plean Gnó	5	29,150
Infheistíochtaí i Scaireanna	17(c)	5,178
Nótaí ar Infheistíochtaí in Iasachtaí In-chomhshóite	17 (d)	4,025
Réamhíocaíochtaí In-aisíoctha	18	34,141
Nótaí ar Iasachtaí	18	1,920
		74,414

(d) Gníomhaíocht TF&N a athrú ó bhonn i bhFiontraíocht

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Ciste T&F, a chuireann tacaíocht ar fáil do thaighde, forbairt agus nuálaíocht teicneolaíochta agus ghnó a bhaineann le gach céim d'fhorbairt cuideachta, agus Bainistíocht Nuálaíochta, a thacaíonn le soláthar oiliúna agus comhairliúcháin do chuideachtaí i réimse T&F agus i mbainistíocht na nuálaíochta.

(e) Comhoibriú idir an Tionscal agus an Earnáil 3ú Leibhéal

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Tairseacha Teicneolaíochta, a dhéanann foráil maidir le tacaíocht do líonraí taighde fheidhmigh in Institiúidí Teicneolaíochta, dírithe ar scála dóthanach a chruthú chun gur féidir leo tionchar a bheith acu ar thionscal ina gceantair féin ar dtús agus go náisiúnta ina dhiaidh sin; Comhpháirtíochtaí Nuálaíochta, a thacaíonn le comhthionscadail T&F a bhfuil cliant-chuideachtaí de gach gníomhaireacht forbartha in Éirinn agus coláistí páirteach iontu, agus formhór an T&F á dhéanamh laistigh d'institiúid tríú leibhéal nó d'eagraíocht phoiblí taighde; Ionaid Theicneolaíochta, a thugann tacaíocht do bhunú agus cothabháil ionad a bhfuil mar aidhm acu caidreamh dlúth a fhorbairt le cuideachtaí (cuideachtaí móra agus beaga/FBManna agus cuideachtaí ilnáisiúnta) ionas gur féidir leo eolas agus scileanna a aistriú faoi theicneolaíochtaí a bhfuil baint dhíreach acu leis an ngnó; Comhoibriú Idirnáisiúnta, a thugann tacaíocht do ghníomhaíochtaí a bhaineann le Fís 2020 san earnáil tríú leibhéal; Dearbháin Nuálaíochta, a chumasaíonn rochtain do chuideachtaí ar sholáthróirí eolais i gcoláistí tríú leibhéal agus an clár New Frontiers, a chuireann oiliúint, tacaíocht agus meantóireacht ar fáil d'fhiontraithe ar mian leo forbairt a ngnólachtaí nua a thapú.

(f) **Cumas Tráchtála Phobal Taighde na hÉireann a Bhaint Amach**

Cuimsíonn an ghníomhaíocht seo na fobhearta seo a leanas: Ciste Tráchtálaithe, a thugann tacaíocht do thaighdeoirí acadúla chun torthaí an taighde a bhfuil cumas tráchtála ag baint leis a bhrú ar aghaidh ionas gur féidir é a aistriú ina thionscal; Neartú Aistriú na Teicneolaíochta, atá deartha chun tacaíocht a thabhairt do líonra foirne tiomnaithe laistigh d'fheidhm thráchtálaithe institiúidí tríú leibhéal chun a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as torthaí taighde a bhfuil cumas tráchtála ag baint leo; agus Gorlanna, a thugann cúnamh airgid do thógáil agus bainistíocht ionad gorlainne atá bainteach le hOllscoileanna agus Institiúidí Teicneolaíochta chun seachthairbhí teicneolaíochta agus comhoibriú struchtúrtha idir ghnóthais sa cheantar agus sa choláiste a spreagadh.

(g) **An Ciste Nuálaíochta um Theicneolaíochtaí Bunathraitheacha (CNTB)**

Is córas uathúil maoiniúcháin T&F ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta í an ghníomhaíocht seo agus déanann Fiontraíocht Éireann í a riar. Tá an córas dírithe ar chomhthionscadail ar scála (>€2 mhilliún), inar féidir le hiarratasóirí a bheith ar an meascán is fearr de thaighdeoirí atá bunaithe in Éirinn ó chuideachtaí ilnáisiúnta, ó FBManna agus ón réimse acadúil atá de dhíth chun réiteach bunathraitheach a sholáthar don mhargadh sa mheántéarma. Is féidir aon chomhcheangal iarratasóirí a bheith i gceist, ach go gcaithfidh aon FBM amháin ar a laghad a bheith páirteach i ngach tionscadal.

(g) **Infheistíochtaí i Scaireanna**

Tagraíonn an infheistíocht i scaireanna do 170 gnóthas (2019 -197).

6. Eisíocaíochtaí le Gníomhaireachtaí Eile Stáit

	Nótaí	2020 €'000	2019 €'000
Údarás na Gaeltachta			
Ciste T&F	5(d)	1,288	855
Tacaíocht Airgeadais do Thionscal		164	-
An Ciste um Fhiontraíocht a Chothú		2,330	-
		3,782	855

7. Riarachán, Oibriúchán agus Cur Chun Cinn

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Luach Saothair agus Costais Phá Eile	7(a)	64,845	62,675
Luachanna Saothair Comhaltaí Boird (Luach Saothair an POF san áireamh)		335	366
Costais Taistil		1,361	5,726
Cíosa, Rátaí, Muirir Seirbhíse agus Árachas		9,335	8,901
Deisiúcháin, Cothabháil agus Muirir Léasa		624	842
Solas, Teas agus Glanadh		708	962
Priontáil, Postas agus Stáiseanóireacht		389	542
Cumarsáid agus Costais TF		3,480	3,023
Táillí proifisiúnta		3,397	3,071
Fógraíocht agus Margaíocht		2,755	2,324
Táille Iniúchóireachta		87	87
Costais Oibriúcháin Eile		821	903
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh faoi bhun na Tairsí Caipitlithe	7(e)	607	487
		88,744	89,909

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

(a) Luach Saothair agus Costais Pá Eile

	2020 €'000	2019 € '000
Tuarastail		
Tuarastail	58,225	55,665
Ragobair	25	36
Liúntais	605	623
Costais Eile Foireann-bhainteach		
Ranníocaíocht an Fhostóra le Leas Sóisialach	3,888	3,677
Ranníocaíocht an Fhostóra le Scéimeanna Pinsin	274	174
Oiliúint agus Forbairt na Foirne	817	1,221
Costais Earcaithe/Athlonnaithe	858	872
Costais Eile a bhaineann leis an bhFoireann	153	407
	64,845	62,675

Tá na costais Earcaithe agus Athlonnaithe bainteach don chuid is mó le hAthshannachán foirne sa Líonra Oifigí Thar Sáile/Réigiúnacha. Áirítear le Costais Eile a bhaineann leis an bhFoireann: Fóirdheontas don cheaintín, síntiúis ghairmiúla na mball foirne (faoi réir ag BIK), Clár Cúnaimh Fostaithe, Scagthástáil Sláinte agus Pleanáil don Scor.

Bhí 775 duine san iomlán fostaithe (coibhéis lánaimseartha (CL)) ar an 31 Nollaig 2020 (2019 - 768).

(b) Mionsonrú ar Shochair Ghearrthéarmacha na bhFostaithe

Rangaítear sochair ghearrthéarmacha fostaithe gur mó iad ná €60,000 sna bannaí seo a leanas:

Raon ó	Go	Líon na bhFostaithe 2020	Líon na bhFostaithe 2019
€60,000-	€69,999	88	87
€70,000-	€79,999	88	81
€80,000-	€89,999	90	123
€90,000-	€99,999	113	79
€100,000-	€109,999	30	20
€110,000-	€119,999	17	17
€120,000-	€129,999	7	5
€130,000-	€139,999	2	-
€140,000-	€149,999	3	3
€150,000-	€159,999	3	4
€160,000-	€169,999	3	2
€170,000-	€179,999	3	-
€180,000-	€189,999	1	1

Nóta: Chun críche an nochta seo, cuimsíonn sochair fostaithe gearrthéarmacha maidir le seirbhísí a tugadh i rith na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní chuimsíonn siad ÁPCS an fhostóra.

(c) Ranníocaíocht Bhreise Aoisliúntais

I rith 2020 asbhaineadh ranníocaíochtaí breise pinsin-bhainteacha de €1.968m (2019 - €2.075m) d'fhoireann Fhiontraíocht Éireann agus íocadh iad leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. I rith 2020 d'asbhain Comhairle Dearaidh agus Ceardaíochta na hÉireann ranníocaíochtaí breise pinsin-bhainteacha de €0.021m (2019 - €0.009m) den fhoireann. Íocadh an t-airgead sin le Fiontraíocht Éireann agus thug Fiontraíocht Éireann an t-airgead don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

(d) Luach saothair an Phríomhphearsanra Bainistíochta

B'ionann an cúiteamh iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta in 2020 agus €834,740 (2019 - €678,244). Is ionann an príomhphearsanra bainistíochta agus an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, comhaltaí an Bhoird agus an triúr Stiúrthóirí Feidhmiúcháin. Ní fhaigheann comhaltaí an Bhoird aon sochair iarfhostaíochta ná fhoirceanta. Tá feidhm ag socruithe caighdeánacha sochar scoir na hearnála poiblí i leith an POF agus an triúr Stiúrthóirí Feidhmiúcháin.

Ba é seo a leanas an pacáiste íocaíochta don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin in 2020: bunphá bliantúil de €189,610, socruithe caighdeánacha maidir le sochair scoir san earnáil phoiblí agus carr comhlachta faoi réir an tsochair chomhchineáil (€12,375). Ní bhfuair an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin aon íocaíocht a bhaineann le feidhmíocht in 2020.

(e) Sócmhainní Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh faoi bhun na Tairsí Caipitlithe

Déantar caiteachas ar shócmhainní le costas aonair faoin tairseach caipitlithe de €2,500 a lua sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe sa bhliain inar ceannaíodh iad.

8. Scéim Sochair Scoir

(a) Rinneadh foráil do dhíscaoileadh Fhorfás san Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh) 2014 (Uimh. 13 de 2014), a achtaíodh ar an 16 Iúil 2014; rinneadh foráil san acht freisin: do bhunú Fhiontraíocht Éireann mar fhostóir dlíthiúil ar leith; le go bhféadfadh Fiontraíocht Éireann a scéim um shochair scoir féin a fhorbairt, ag cur in iúl go bhféadfadh baill den fhoireann a bhí ina mbaill de Scéim um shochair scoir Fhorfás dul isteach i Scéim nua Fhiontraíocht Éireann ar théarmaí aoisliúntais a bhí chomh tairbheach leo siúd a bhí acu faoin Scéim Fhorfás díreach roimh an dáta aistrithe agus go gcuirfeadh Fiontraíocht Éireann na Dliteanais Sochar Scoir bhainteacha san áireamh. Glacann an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta freagracht dhlíthiúil as scéimeanna um shochair scoir agus as pinsinéirí agus iarfhoireann le sochair choinnithe de chuid Fhorfás atá ann cheana. Tá Fiontraíocht Éireann freagrach as costais sochar scoir na ndaoine a théann ar scor ó Fhiontraíocht Éireann tar éis an 31 Iúil 2014, faoin Acht um Fhorbairt Tionscail (Forfás a Dhíscaoileadh), 2014.

Scéim	Na Baill Foirne atá Clúdaithe	Cineál
Fiontraíocht Éireann	(a) Baill foirne a d'earcaigh Forfás suas go dtí an 5 Aibreán 1995 a tháinig chun bheith inphinsin tar éis an dáta sin, (b) Baill foirne a d'earcaigh Forfás tar éis an 5 Aibreán 1995, (c) Líon beag ball foirne a bhí clúdaithe roimhe sin ag Scéimeanna FÁS / AnCo, (d) Líon beag ball foirne a bhí clúdaithe roimhe sin ag Scéim Aoisliúntais Chuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teo. (e) Líon beag ball foirne a bhí clúdaithe roimhe sin ag Scéimeanna na mBord Fiontar Contae agus Cathrach.	Sochar Sainithe Neamh-mhaoinithe Ranníocach agus Neamhranníocach
	Iarfhoireann ÚFT agus iad siúd a d'earcaigh Forfás sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995	Sochar Sainithe Ranníocach arna chistiú go dtí 31/12/2009 féach nóta (a.2)
	Iarfhoireann Eolas (seachas iad siúd a bhí clúdaithe ag scéim an t-iar-NBST thíos) agus iad siúd a d'earcaigh an t-iar-Fhorfás sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995	Sochar Sainithe Neamhranníocach Neamhchistithe
	Líon beag ball foirne NBST mar a bhí ag fónamh ar 31/12/1987	Sochar Sainithe Ranníocach Neamhchistithe
	Líon beag foirne ó Chomhairle Earraí na hÉireann a bhí fostaithe ar an 31 Lúnasa 1991	Sochar Ranníocach Sainithe arna chistiú go dtí 31/12/2009. Féach nóta (a.2)
	Foireann de chuid an Bhoird Tráchtála roimhe seo (seachas iad siúd atá clúdaithe ag scéim Chomhairle na nEarraí Éireannacha thuas) a bhí ina bhfostaithe inphinsin ar 23 Iúil 1998	Sochar Sainithe Ranníocach Neamhchistithe

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

(a.1) Tá freagracht ar Fhiontraíocht Éireann chomh maith as costais sochar scoir na mball foirne atá ina mbaill de scéim shingil pinsin na seirbhíse poiblí (scéim shingil).

(a.2) Faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009, aistríodh sócmhainní ón dá scéim chistithe um shochair scoir chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an 31 Nollaig 2009. Tá na scéimeanna um shochair scoir a bhaineann leis an dá chiste sin fós i bhfeidhm do na baill atá páirteach iontu cheana gan tionchar ar shochair ná ar fhorálacha bainteacha do na baill sin. Seoltar ranníocaíochtaí an fhostóra agus an fhostaí i leith na scéimeanna chuig an Státchiste agus íoctar costais sochar scoir ar scor faoi Dheontas an Oireachtais focheannteideal A7-1 anois.

(b) Nochtadh Sochar Scoir faoin FRS 102

Éilítear i gCaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102 (FRS 102) go léireofar i ráitis airgeadais, ar a luach cóir, na sócmhainní agus na dliteanais ó oibleagáidí aoisliúntais an fhostóra agus aon mhaoiniú bainteach, agus go n-aithneofar na costais a bhaineann le sochair aoisliúntais a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina ngnóthaíonn na fostaithe iad.

(c) Miondealú ar an Muirear Iomlán Sochar Scoir

	2020 €'000	2019 € '000
Costais Seirbhíse	16,952	15,228
Ús ar Dhliteanais Scéimeanna Sochair Scoir	5,818	8,422
Ranníocaíochtaí Fostaithe	(2,397)	(2,439)
	20,373	21,211

(d) Maoiniú Glan Iarchurtha do Shochair Scoir sa bhliain

	2020 €'000	2019 € '000
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costas sochar scoir na bliana reatha	22,770	23,650
Cistiú chun sochair scoir a íoc	(5,469)	(5,666)
	17,301	17,984

		2020 €'000	2019 € '000
(e)	**Oibleagáidí Sochar Scoir**	(572,754)	(509,449)
	a chuimsíonn:		
	Luach Reatha na nDliteanas ar Scéimeanna Sochair Scoir	(572,754)	(509,449)
	Athrú i nDliteanais Scéimeanna Sochair Scoir		
	Luach Reatha oibleagáidí na scéimeanna ag tús na bliana	(509,449)	(446,440)
	Costas Seirbhíse Reatha	(16,952)	(15,228)
	Costais Úis	(5,818)	(8,422)
	Íocaíochtaí do Phinsinéirí	5,469	5,666
	Gnóthachain/(caillteanas) ó thaithí ar Oibleagáidí Sochar Scoir	(9,808)	2,576
	Athrú ar na boinn tuisceana atá taobh thiar de luach reatha na nDliteanas sochair scoir faoi láthair	(36,196)	(47,601)
	Luach reatha oibleagáidí na scéimeanna ag deireadh na bliana	(572,754)	(509,449)

Aithníonn Fiontraíocht Éireann mar shócmhainn suim a fhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir bunaithe ar an mbonn tuisceana a ndéantar cur síos air thíos agus ar bhonn roinnt teagmhas a tharla roimh ré. Áirítear leis na teagmhais sin an bonn reachtúil a bhí ann do bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus na polasaithe agus cleachtais atá i bhfeidhm faoi láthair maidir leis an tseirbhís phoiblí a mhaoiniú. Níl aon fhianaise ag Fiontraíocht Éireann nach leanfaidh an polasaí maoinithe seo ar aghaidh ag cur cistithe ar fáil de réir an chleachtais reatha.

Ba é €572.754m an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do shochair scoir ar an 31 Nollaig 2020. Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar an mbonn tuisceana airgeadais atá leagtha amach i Nóta 8 (f). Déantar an bonn tuisceana a úsáidtear, atá bunaithe ar chomhairle achtúireach phroifisiúnta, a chur in iúl don Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

(f) Bhí an luacháil a úsáideadh do nochtuithe FRS 102 bunaithe ar luacháil iomlán achtúireach ar an 31 Nollaig 2020. Ba é seo a leanas an bonn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a ríomh faoi FRS 102 ar an 31 Nollaig 2020:

		Aonad Réamh-Mheasta 2020	Aonad Réamh-Mheasta 2019
Modh Luachála:			
Ráta Lascaine		0.80%	1.15%
Méaduithe Tuarastail sa Todhchaí		2.90%	2.95%
Méaduithe Sochar Scoir sa Todhchaí		2.40%	2.45%
Ráta Úis		1.40%	1.45%
Meánionchas saoil ualaithe do na táblaí mortlaíochta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a dhearbhú ag:			
Aois an Bhaill 65 (Ionchas saoil i mblianta)	Fireann	21.7	21.5
	Baineann	24.1	23.9
Aois an Bhaill 45 (ionchas saoil ag aois 65 i mblianta)	Fireann	24.0	24.0
	Baineann	26.1	26.0

(g) **Sochair Scoir a Mhaoiniú**

Táthar ag súil leis gur €5.33m a bheidh sna híocaíochtaí d'oibleagáidí neamh-mhaoinithe in 2021.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

9. Gluaiseacht i Luach Shócmhainní Seasta

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Dímheas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh	16	662	446
Gluaiseacht i Luach Cóir Chistí Caipiteal Síl agus Fiontair	17(a)	(75,791)	(10,292)
Gluaiseacht i Luach Cóir Infheistíochtaí Luaite	17(b)	(1,405)	(12)
Foráil do lagú i Luach na nInfheistíochtaí Neamhluaite	17(c)	20,976	21,713
Laghdú ar Luach Infheistíochtaí - Díscríobh re: Cuideachtaí Leachtaithe/díscaoilte	17(c)	26	169
		(55,532)	12,024

10. Athrú ar Luach Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Díscríobhanna don Bhliain	18	425	1,010
Gluaiseacht sa bhForáil d'Fhiacha Amhrasacha don Bhliain	18	(732)	(585)
		(307)	425

11. Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta (glan)

Cuimsíonn an Brabús ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta Airgeadais:

2020	Costas Bunaidh €'000	Foráil Roimhe Seo maidir le Laigí €'000	Suim Ghlan Leabhair € '000	Suim a Iompraíonn Luach Cóir €'000	Fáltais Díola €'000	Brabús/ (Caillteanas) ar Dhiúscairt glan €'000
Sócmhainní Seasta Airgeadais:						
Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair	-	-	-	46,107	65,696	19,589
Infheistíochtaí i Scaireanna - Luaite	-	-	-	-	-	-
Infheistíochtaí i Scaireanna - Neamhluaite	17,810	4,739	13,071	-	37,180	24,109
	17,810	4,739	13,071	46,107	102,876	43,698

2019	Costas Bunaidh €'000	Foráil Roimhe Seo maidir le Laigí €'000	Suim Ghlan Leabhair € '000	Suim a Iompraíonn Luach Cóir €'000	Fáltais Díola €'000	Brabús/ (Caillteanas) ar Dhiúscairt glan €'000
Sócmhainní Seasta Airgeadais:						
Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair	-	-	-	29,414	35,385	5,971
Infheistíochtaí i Scaireanna - Luaite	-	-	-	138	223	85
Infheistíochtaí i Scaireanna - Neamhluaite	26,224	7,029	19,195	-	62,290	43,095
	26,224	7,029	19,195	29,552	97,898	49,151

Bhí suimeanna de €2.180m (2019 - €1.225m) maidir le diúscairt infheistíochtaí á gcoinneáil in eascró ag tríú páirtithe thar ceann Fhiontraíocht Éireann ar an dáta tuairiscithe. I gcomhréir le polasaí cuntasaíochta Fhiontraíocht Éireann, aithneofar na suimeanna sin tráth a bhfála ag Fiontraíocht Éireann.

12. Ranníocaíocht le/(ón) Státchiste

Baineann Ranníocaíocht leis an Státchiste le hIoncam Acmhainne Féin farasbairr thar an tsuim a cheadaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Áirítear le hIoncam Acmhainne Féin fáltais ó dhíol/fuascailt scaireanna, ioncam ó dhíbhinní, aisíocaíochtaí deontais, diúscairt trealaimh chaipitil agus táillí gairmiúla.

	2020 €'000	2019 € '000
Fáltais Bhreise thar an méid a cheadaigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta		
Ioncam Acmhainne Féin Caipiteal	4,676	9,217
Aisíoc de dheontas Oireachtais - Oifigí Fiontar Áitiúla	-	17
Aisíoc de Chistí na Scéime Deontais Atosaithe nár úsáideadh	6,348	-
	11,024	9,234

13. Cuntas Caipitil

	Nótaí	2020 €'000	2020 €'000	2019 €'000	2019 €'000
Iarmhéid Tosaigh			457,708		444,522
Glanghluaiseachtaí ar:					
Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh	16	(120)		672	
Infheistíochtaí i Scaireanna	17	(4,202)		(15,064)	
Nótaí ar Iasachtaí In-chomhshóite	17	4,325		-	
Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair	17	68,653		27,578	
Aistriú ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Coinnithe			68,656		13,186
Iarmhéid Deiridh			526,364		457,708

Léirítear sa Chuntas Caipitil airgead a infheistíodh i Maoin, Gléasra agus Trealamh, Scaireanna i gcuideachtaí luaite agus neamhluaite, Nótaí ar Iasachtaí In-chomhshóite, agus Infheistíochtaí i gCistí Caipiteal Síl agus Fiontair.

14. Cuntas Réamhíocaíochtaí Stáit

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Iarmhéid Tosaigh		11,565	12,220
Deontais In-aisghabhála a íocadh ag OFÁnna	18	1,113	3,084
Aistriú go dtí an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Ioncaim Forchoimeádta			
Cúlchistí maidir le hIasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí	18	34,037	(3,739)
Iarmhéid Deiridh		46,715	11,565

Léirítear sa Chuntas Réamhíocaíochtaí Stáit an t-airgead a réamhíoctar le Fiontraíocht Éireann agus le cliant-chuideachtaí BFC (díscaoilte)/OFÁ trí bhíthin na tacaíochta airgeadais in-aisíoctha, atá fós gan íoc, lúide foráil d'fhiacha amhrasacha.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

15. Cánachas

Déantar foráil in Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, do dhíolúine ó cháin ar ioncam comhlachtaí stáit neamh-thráchtála seachas nuair atá an t-ús infhaighte faoi réir na cánach ag an bhfoinse (m.sh. DIRT). Déantar an glanmhéid d'ioncam den chineál sin a chur do shochar an Ráitis faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe. Tá Fiontraíocht Éireann faoi dhliteanas cánacha fostóra in Éirinn agus comhlíonann sí na hoibleagáidí gaolmhara siarchoinneála, tuairiscithe agus íocaíochta. I roinnt tíortha ina bhfuil sí ag feidhmiú, fuarthas dearbhú nach bhfuil cánacha fostaíochta áitiúla i bhfeidhm faoin alt um Sheirbhísí Rialtais den chomhaontú cuí um chánachas dúbailte.

16. Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh

	Talamh, Foirgnimh & Feabhsúcháin Léasacha €'000	Feithiclí Mótair €'000	Suitigh, Feistis, Ríomhairí & Saothar Ealaíne €'000	Iomlán €'000
Costas				
Ar an 1 Eanáir 2020	29,931	258	4,912	35,101
Suimeanna breise	394	-	149	543
Diúscairtí	-	-	(760)	(760)
Ar an 31 Nollaig 2020	30,325	258	4,301	34,884
Dímheas				
Ar an 1 Eanáir 2020	28,670	199	4,348	33,217
Athrú don Bhliain	434	19	209	662
Diúscairtí	-	-	(760)	(760)
Ar an 31 Nollaig 2020	29,104	218	3,797	33,119
Glanluach de réir na Leabhar				
Ar an 31 Nollaig 2020	1,221	40	504	1,765
Ar an 31 Nollaig 2019	1,261	59	564	1,884

17. Sócmhainní Seasta Airgeadais

Déantar achoimre ar shuimeanna glanluacha shócmhainní airgeadais Fhiontraíocht Éireann thíos

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Sócmhainní Airgeadais arna dtomhas ag Luach Cóir			
Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair	17 (a)	391,429	322,777
Infheistíochtaí i Scaireanna Luaite	17 (b)	4,243	2,838
Sócmhainní Airgeadais arna dtomhas ag Costas Iúide Lagú			
Infheistíochtaí i Scaireanna Neamhluaite	17 (c)	124,652	130,209
Nótaí ar Iasachtaí In-chomhshóite	17 (d)	4,275	-
Sócmhainní Seasta Airgeadais Iomlán		524,599	455,824

(a) Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair

Cuireann Fiontraíocht Éireann airgead ar fáil faoi Alt 6 den Acht um Fhorbairt Tionscail, 1995, le haghaidh Caipiteal Síl agus Fiontair chun cabhrú le fiontair leathnú amach agus gníomhaíochtaí nua a fhorbairt nó chun nuálaíochtaí nó teicneolaíochtaí nua a thabhairt isteach. Déantar réamhíocaíochtaí Fhiontraíocht Éireann a aistriú chuig gnóthais infheistíochta agus déantar iad a comhcheangal le maoiniú ón earnáil phríobháideach. Déanann Bainisteoir Cistí gach ciste den chineál sin a bhainistiú.

Ba é an olltoradh buiséid don bhliain ná:

	2020 €'000	2019 € '000
Suim ghlanluacha ag an Luach Cóir		
Ar an 1 Eanáir	322,777	295,199
Suimeanna breise	38,968	46,700
Diúscairtí	(46,107)	(29,414)
Brabús/(Caillteanas) ar ghluaiseacht luach cóir i rith na bliana	75,791	10,292
Ar an 31 Nollaig	391,429	322,777

Deimhníodh luach cóir na n-infheistíochtaí sna cistí um Chaipiteal Síl agus Fiontar ag úsáid meascáin de theicnící luacha chóir a chuir na Bainisteoirí Cistí i bhfeidhm.

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

(b) Infheistíochtaí i Scaireanna Luaite

Is ionann Infheistíochtaí Liostaithe agus scaireanna cuideachtaí atá luaite i stocmhalartán aitheanta. Dearbhaíodh Luach Cóir na n-Infheistíochtaí liostaithe le tagairt don mhargadhphraghas luaite ar an dáta tuairiscithe. Ba é luach cóir na scaireanna liostaithe ar an 31 Nollaig 2020 ná €4.243m (2019 - €2.838m).

	2020 €'000	2019 € '000
Suim ghlanluacha ag an Luach Cóir		
Ar an 1 Eanáir	2,838	2,916
Scaireanna athaicmithe ó Neamhluaite go Luaite - Costas	-	300
Scaireanna athaicmithe ó Neamhluaite go Luaite - Lagú	-	(252)
Suimeanna breise	-	-
Diúscairtí	-	(138)
Brabús/(Caillteanas) ar ghluaiseacht luach cóir i rith na bliana	1,405	12
Ar an 31 Nollaig	4,243	2,838

Baineann gluaiseacht an luacha chóir in 2020 le gnóthachain luacha chóir ar scaireanna atá i seilbh in Eqtec PLC,VR Educational Holdings PLC, Zutec PLC agus Integumen PLC agus caillteanais luacha chóir ar scaireanna atá i seilbh in Kollect on Demand Holdings AB.

(c) Infheistíochtaí i Scaireanna Neamhluaite

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Costas			
Ar an 1 Eanáir		331,139	340,324
Scaireanna athaicmithe ó Neamhluaite go Luaite		-	(300)
Nótaí ar Iasachtaí In-chomhshóite athraithe go Cothromas		50	-
Suimeanna breise		28,466	26,140
Diúscairtí		(17,810)	(26,224)
Díscríobhanna maidir le cuideachtaí leachtaithe/díscaoilte	9	(7,340)	(8,801)
Ar an 31 Nollaig		334,505	331,139
Foráil do Lagú ar Luach			
Ar an 1 Eanáir		200,930	195,130
Scaireanna athaicmithe ó Neamhluaite go Luaite		-	(252)
Fuascailt Dhiúscairtí		(4,739)	(7,029)
Scaoileadh Díscríobhanna re: cuideachtaí leachtaithe/díscaoilte	9	(7,314)	(8,632)
Méadú sa bhforáil		20,976	21,713
Ar an 31 Nollaig		209,853	200,930
Glanluach de réir na Leabhar			
Ar an 31 Nollaig		124,652	130,209

(d) **Nótaí ar Infheistíochtaí in Iasachtaí In-chomhshóite**

	Nótaí	2020 €'000	2019 € '000
Costas			
Ar an 1 Eanáir		-	-
Suimeanna breise		4,325	-
Athrú go Scaireanna		(50)	-
Ar an 31 Nollaig		4,275	-
Foráil do Lagú ar Luach			
Ar an 1 Eanáir		-	-
Méadú sa bhforáil		-	-
Ar an 31 Nollaig		-	-
Glanluach de réir na Leabhar			
Ar an 31 Nollaig		4,275	-

18. Iasachtaí Lamháltais d'Aonáin Leasa Phoiblí

Déantar deontais in-aisíoctha a aicmiú mar iasachtaí lamháltais d'aonáin leasa phoiblí, i.e. iasachtaí a bhronntar chun críocha cuspóirí an aonáin leasa phoiblí a chur chun cinn. Na deontais in-aisíoctha a eisíonn Fiontraíocht Éireann agus na hOifigí Fiontair Áitiúla do chliant-chuideachtaí, ní gá iad a aisíoc ar éileamh agus bronntar iad ar ráta níos ísle ná ráta úis an mhargaidh atá i réim nó gan ús.

Bhí na hiasachtaí lamháltais seo a leanas ag Fiontraíocht Éireann ag deireadh na bliana

	Tacaíocht Airgeadais In-aisíoctha BCF/OFÁ €'000	Tacaíocht Airgeadais In-aisíoctha €'000	Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha €'000	Iomlán €'000
Iarmhéid tosaigh amhail ar an 1 Eanáir 2020	12,687	703	(1,825)	11,565
Tacaíochtaí in-aisíoctha íoctha le cuideachtaí	1,113	36,137	-	37,250
Ús fabhraithe agus neamhíoctha maidir le haonáin leasa phoiblí	-	11	-	11
Deontais in-aisíoctha faighte ó chuideachtaí	(2,317)	(101)	-	(2,418)
Díscríobhanna don bhliain	(392)	(33)	-	(425)
Gluaiseacht i bhForáil don bhliain	-	-	732	732
Gluaiseacht ghlan don bhliain	(1,596)	36,014	732	35,150
Iarmhéid deiridh amhail ar an 31 Nollaig 2020	11,091	36,717	(1,093)	46,715
Infhaighte laistigh de 12 mí	2,212	417	(1,093)	1,536
Infhaighte tar éis 12 mí	8,879	36,300	-	45,179
Méid Iomlán dlite	11,091	36,717	(1,093)	46,715

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2019

19. Infháltais

	2020 €'000	2019 € '000
Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:		
Féichiúnaithe Trádála	288	985
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhraithe	3,089	2,016
CBL Inghnóthaithe	170	-
Laghduithe Phárolla	11	-
Féichiúnaithe Eile	598	930
	4,156	3,931

In Aibreán 2010, bhunaigh an tAire Airgeadais an Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa (CRO) mar phróiseas athbhreithnithe simplí agus éifeachtach d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), do thrádálaithe aonair agus d'fhiontair feirme a dhiúltaigh bainc atá ag glacadh páirt sa scéim GNBS creidmheas a thabhairt dóibh, agus chun polasaí creidmheasa a fhiosrú chun cabhrú leis an Aire cinneadh a dhéanamh faoi ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach sa todhchaí chun an sreabhadh creidmheasa a mhéadú. Tugann Fiontraíocht Éireann tacaíocht don Oifig Athbhreithnithe Creidmheasa (CRO) agus aisghabhtar na costais ar fad ó na bainc rannpháirteacha. Bhí €0.156m (2019 - €0.254m) (san áireamh le Féichiúnaithe Eile) ag dul d'Fhiontraíocht Éireann as caipiteal sealadach oibre ar an 31 Nollaig 2020.

20. Suimeanna Iníoctha - Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin

	2020 €'000	2019 € '000
Creidiúnaithe Tráchtála	742	1,840
Fabhruithe	7,224	6,163
Creidiúnaithe Tacaíochta Airgeadais	107	70
CBL Iníoctha	-	247
Laghduithe Phárolla	-	1,133
Seirbhísí Proifisiúnta a Choinníonn Siar Cáin atá Dlite	177	185
Ranníocaíocht don Státchiste	6,656	9,234
Réamhíocaíochtaí Conartha	3,038	4,249
Eile	35	35
	17,979	23,156

21. Ceangaltais

(a) Léasanna oibriúcháin

B'ionann méid na n-íocaíochtaí a rinneadh faoi na Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh a muirearaíodh sna ráitis airgeadais agus €7.372m (2019 - €6.988m). Tá íocaíochtaí faoi na Léasanna Oibriúcháin ar Fhoirgnimh de €7.053m dlite in 2021. Is iad iomlán na n-íocaíochtaí léasa íosta don todhchaí faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas ná:

	2020 €'000	2019 € '000
bliain amháin ar a mhoille	7,053	7,250
níos moille ná bliain amháin ach cúig bliana ar a mhoille	18,717	18,140
níos moille ná cúig bliana	20,224	23,768
	45,994	49,158

(b) Ceangaltais Tacaíochta Airgeadais

Meastar go mbeidh luach €725m (2019 - €534m) ar na híocaíochtaí gur dócha go n-eascróidh siad as ceangaltais tacaíochta airgeadais faoi scéimeanna éagsúla tacaíochta, scéimeanna AE san áireamh.

(c) Cistí Caipiteal Síl agus Fiontair

Meastar go mbeidh luach €149m (2019 - €147m) ar na híocaíochtaí gur dócha go n-eascróidh siad as ceangaltais Chistí um Chaipiteal Síl agus Fiontar faoi chomhaontuithe éagsúla conartha.

(d) Ceangaltais Chaipitil

Ní dócha go n-eascróidh aon íocaíocht ábhartha amach anseo as ceangaltais tógála caipitil.

22. Réadmhaoin

(a) Talamh agus Foirgnimh Ruílse

Is le Fiontraíocht Éireann Talamh agus Foirgnimh sna háiteanna seo a leanas:

	Glanluach Leabhar amhail ar an 1.12.20 €'000	Glanluach Leabhar amhail ar an 31.12.19 €'000
Suíomh		
Áth Luain	-	-
Corcaigh	10	10
Dún Dealgan	-	-
Gaillimh	-	-
Glas Naíon	-	-
Sionainn	-	-
Sligeach	-	-
Port Láirge	-	-
	10	10

Nótaí leis na Ráitis Airgeadais
don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2020

(b) Maoin Léasach

Tógann Fiontraíocht Éireann oifigí ar léas ag na suíomhanna seo a leanas:

	Dáta Éaga	Clásal Scoir		Cíos Bliantúil €'000
Suíomh				
Ceannoifig - Baile Átha Cliath				
An Pointe Thoir (P4A)	2031	2027		1,388
An Pointe Thoir (P4C)	2031	2027		1,388
Oifigí Réigiúnacha				
Leitir Ceanainn	2021			29
Trá Lí	2029			49
An Pháirc Thiar - Sionainn	2028	2022		430
Oifigí Thar Sáile				
Amstardam	2025		*	88
Béising	2021		**	159
Bostún	2024			100
An Bhruiséil	2021			60
Chicago	2021			83
Cóbanhávan	2021			30
Dubai	2021		*	98
Dusseldorf	2026		*	127
Hong Cong	2021			83
Iostanbúl	2020			
Johannesburg	2021		**	38
Londain	2026		*	487
Lyon	2021			24
Manchain	2021			14
Melbourne	2021			28
Milano	2024		*	96
Mumbai	2028			100
Munich	2021			39
Páras	2028			352
San Francisco	2021			86
Seattle	2022			42
Toronto	2026		**	113
Vítneam	2021			56

Faigheann Fiontraíocht Éireann spás oifige ar cíos ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, sna suíomhanna atá liostaithe thíos, bunaithe ar mheabhráin thuisceana.

Suíomh	Dáta Éaga	Clásal Scoir		Préimh Bhliantúil €'000
Austin			**	74
Búdaipeist				15
Nua-Eabhrac			**	684
Maidrid				59
Moscó				35
Prág				36
Riyadh				12
São Paulo				32
Súl				74
Shanghai				49
Singeapór				88
Stócólm				50
Sydney				98
Tóiceo				103
Vársá				57
Iomlán				7,053

* Cuimsítear cíos íoctha maidir le foléasú spáis oifige do ghníomhaireachtaí eile.

** Cuimsítear cíos íoctha maidir le foléasú spáis gorlainne do chliant-chuideachtaí.

23. Páirtithe Gaolmhara - Nochtadh Idirbhearta

Is ionann príomhphearsanra bainistíochta Fhiontraíocht Éireann agus an POF, comhaltaí an Bhoird agus an triúr stiúrthóirí feidhmiúcháin. Ba é €0.835m an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta (2019 - €0.678m). Chun miondealú a fháil ar an luach saothair agus na sochair a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta féach le do thoil ar Nóta 7 (d).

Ghlac Fiontraíocht Éireann le nósanna imeachta de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le nochtadh na gComhaltaí Boird dá leasanna agus chloígh Fiontraíocht Éireann leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana.

Cloígh na comhaltaí Boird agus Fiontraíocht Éireann le treoirlínte na Roinne Airgeadais a chlúdaíonn cúrsaí a bhaineann le leas pearsanta. In imeacht an lae, is féidir le Fiontraíocht Éireann tacaíocht airgeadais agus infheistíochtaí i scaireanna tosaíochta agus gnáthscaireanna a cheadú agus dul i mbun socruithe conarthacha eile le gnóthais a bhfuil comhaltaí Bhord Fhiontraíocht Éireann fostaithe iontu nó a bhfuil leas eile acu iontu.

Nuair a bhí baol coinbhleacht leasa ann, ní bhfuair comhaltaí Boird doiciméid ón mBord faoin idirbheart beartaithe agus níor ghlac na comhaltaí sin páirt nó níor fhreastail siad ar phléití faoi na hábhair sin. Is féidir sceideal de na hidirbhearta seo a fháil ar iarratas.

Tugtar mionchuntas thíos ar na ceaduithe agus íocaíochtaí maidir le Tacaíocht Airgeadais agus idirbhearta eile i rith na bliana a tugadh do chuideachtaí ina bhfuil comhaltaí den Bhord fostaithe nó go bhfuil baint acu leo. Cuimsíonn sé seo scairshealbha in institiúidí airgeadais a bhfuil leas acu i gCistí um Chaipiteal Síl agus Fiontar a bhfuil infheistíochtaí déanta ag Fiontraíocht Éireann iontu.

Déantar mionsonrú orthu seo mar a leanas:

	2020 €'000	2019 € '000
Tacaíocht Airgeadais Formheasta	14,780	3,931
Tacaíocht Airgeadais Íoctha	16,490	13,067
Tacaíocht d'Institiúidí Taighde Formheasta	10,478	13,486
Tacaíocht d'Institiúidí Taighde Íoctha	23,036	23,229
Infheistíochtaí Síl agus Fiontair Formheasta	-	15,000
Infheistíochtaí Síl agus Fiontair Íoctha	9,597	12,498
Fáltais ó Infheistíochtaí Síl agus Fiontair	9,274	5,767
Deontais íoctha le hÚdaráis Áitiúla	30,078	1,323
Íocaíochtaí le Soláthraithe	1,888	1,506
Ioncam Eile Faighte	10,350	459

24. Méid Comparáideach

Rinneadh méideanna áirithe comparáideacha a athghrúpáil agus a athlua ar an mbonn céanna leo siúd don bhliain reatha.

25. Teagmhais i nDiaidh an Dáta Thuairiscithe

Ní raibh aon teagmhas ann idir an dáta tuairiscithe agus an dáta a ndearnadh na ráitis airgeadais seo a cheadú a fhágann gur gá na ráitis airgeadais a choigeartú.

Aithníonn an Bord go bhfuil an phaindéim COVID-19 fós ina theagmhas suntasach. Cé go bhfuil tionchar COVID-19 ar staid airgeadais Fhiontraíocht Éireann neamhchinnte faoi láthair, tá monatóireacht leanúnach á déanamh ag an mBord ar chúrsaí, i gcomhar leis an lucht bainistíochta.

Measann an Bord go bhfuil sé oiriúnach na ráitis airgeadais seo a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, toisc go gcuireann an t-aonán seirbhís phoiblí ar fáil a mhaoinítear le hairgead a chuireann an Státchiste ar fáil, trína máthair-roinn (An Roinn Fiontar, Gnó agus Fostaíochta).

26. Ceadú na Ráiteas Airgeadais

Thug Bord Fhiontraíocht Éireann ceadú do na ráitis airgeadais ar an 12 Bealtaine 2021.

Líonra Oifigí Fhiontraíocht Éireann

Réigiún/Oifig		Guthán	Seoladh
CEANNOIFIG	Baile Átha Cliath	+(353 1) 727 2000	The Plaza, Páirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Áth Cliath 3, D03 E5R6
AN CEANNCHEATHRÚ NÁISIÚNTA D'FHIONTRAÍOCHT AGUS FORBAIRT RÉIGIÚNACH	Sionainn	+(353 61) 777 000	4500 Ascaill an Atlantaigh, an Páirc Thiar, Sionainn, Co. an Chláir, V14 Y177
LÍONRA RÉIGIÚNACH			
BAILE ÁTHA CLIATH/AN LÁR-OIRTHIR	Baile Átha Cliath	+(353 1) 727 2000	The Plaza, Páirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Áth Cliath 3, D03 E5R6
LÁR NA TÍRE	Áth Luain	+(353 90) 648 7100	Bóthar Bhaile Átha Cliath, Áth Luain, Co. na hIarmhí, N37 NX72
OIRTHUAISCEART	Dún Dealgan	+(353 42) 935 4400	Páirc Tionscail Fhionnúrach, Dún Dealgan, Co. an Lú, A91 RYY1
IARTHUAISCEART	Sligeach	+(353 71) 915 9700	Páirc Ghnó Fhionasclainn, Sligeach, F91 VK3V
	Leitir Ceanainn	+(353 74) 916 9800	CoLab, Bóthar an Chalafoirt, Leitir Ceanainn, Co. Dún na nGall, F92 CPX7
LÁR IARTHAIR	Sionainn	+(353 61) 777 000	4500 Ascaill an Atlantaigh, an Páirc Thiar, Sionainn, Co. an Chláir, V14 Y177
	Trá Lí	+(353 66) 714 9394	13/14 Sráid Deiní, Trá Lí, Co. Chiarraí, V92 XY5C
DEISCEART/OIRDHEISCEART	Corcaigh	+(353 21) 480 0200	Industry House, Ascaill Rosa, Baile an Easpaig, Corcaigh, T12 WCH2
	Port Láirge	+(353 51) 333 500	Páirc Tionscail Phort Láirge, Bóthar Chorcaigh, Port Láirge, X91 K46F
IARTHAR	Gaillimh	+(353 91) 735 900	Páirc Ghnó Mervue, Gaillimh, H91 XE9N
OIFIG THAR LEAR			
MEIRICEÁ THUAIDH	Austin	+(1 512) 792 5499	515 Congress Ave, Svuít 1750, Austin, TX 78701, SAM
	Bostún	+(1 617) 292 3001	535 Boylston St, 5ú Urlár, Bostún, 02116 MA, SAM
	Chicago	+(1 312) 881 7331	455 N Cityfront Plaza Drive, NBC Tower, Svuít 3030, Chicago, Illinois, SAM
	Nua-Eabhrac	+(1 212) 371 3600	345 Park Avenue, 17ú Urlár, Nua-Eabhrac, NY 10154-0037, SAM
	Seattle	+(55 11) 3149 7650	1201 Third Avenue, Leibhéal 23, Seattle, WA 98101, SAM
	San Francisco	+(1 650) 250-1231	650 California street, 7ú Urlár, San Francisco, CA 94108, SAM
	Toronto agus Montréal	+(1 416) 934 5033	1 University Avenue, Svuít 1604, Toronto, ON M5J 2PI, Ceanada
AN MEÁNOIRTHEAR, AN AFRAIC & MEIRICEÁ THEAS	Dubai	+(971 4) 3760 400	15ú Urlár, Office 15A, The H Hotel Office Tower, No. 1, Sheikh Zayed Road, Bosca PO 115425, Dubai, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha (AEA)
	Johannesburg	+(27 87) 1600364	24 Fricker Road, Illovo, Sandton 2196, an Aifric Theas
	Riyadh	+(966 1) 1 407 1570	c/o Ambasáid na hÉireann, Diplomatic Area, PO Box 94349, Riyadh 11693, Ríocht na hAraibe Sádaí
	São Paulo (an Bhrasaíl)	+(55 11) 3149 7650	Alameda Santos, 787, conjunto 61, Cerqueira Cesar – São Paulo, CEP 01419-001, An Bhrasaíl

Líonra Oifigí Fhiontraíocht Éireann

Réigiún/Oifig		Guthán	Seoladh
AN EORAIP	Amstardam	+(31 20) 676 3141	World Trade Center, Strawinskylaan 1351, 1077 XX Amstardam, an Ísiltír
	An Bhruiséil	+(32 2) 673 9866	Sablon Tower 14ú urlár, Rue Joseph Stevens 7, Jozef Stevensstraat, Bruxelles 1000 Brussel, an Bheilg
	Búdaipeist	+(36 1) 301 4950	Bank Center, Gránit torony, 1054 Budapest, Szabadság tér 7, an Ungáir
	Cóbanhávan	+(46 7) 09 900 353	KLP New Corporate Community, Orestad City, Cóbanhávan, an Danmhairg
	Dusseldorf	+(49 2) 11 470590	Derendorfer, Allee 6, 40476 Dusseldorf, an Ghearmáin
	Londain	+(44 207) 438 8700	2ú Urlár, Shaftesbury House, 151 Shaftesbury Avenue, Londain, WC2H 8AL, an RA
	Lyon	+(33 0) 428 6786 89	23 Rue Crepet, 69007, Lyons, an Fhrainc
	Maidrid	+(34 91) 4364 086	Casa de Irlanda, Paseo de la Castellana 46 - 3, 28046 Maidrid, an Spáinn
	Manchain	+(44 0) 161 638 8716	Bruntwood Ltd, Business Centre Lowry House, Manchain
	Milano	+(39 02) 8800991	Via De Amicis 53, 20123 Milano, an Iodáil
	Moscó	+(7 495) 937 5943	C/O Ambasáid na hÉireann, Grokholski pereulok 5, 129010 Moscó, an Rúis
	Munich	+(49 1) 743 4540 23	Satellite Office, Ludwigstrasse 8, München
	Páras	+(33 1) 5343 1200	27 rue de Berri, 75008 Páras, an Fhrainc
	Prág	+(420 2) 5719 9621	Trziste 13, 118 00 Prág 1 Poblacht na Seice
	Stócólm	+(46 8) 459 2160	Hovslagargatan 5, 4ú urlár, SE-111 48 Stócólm, an tSualainn
	Vársá	+(48 22) 583 1200	Rannóg Tráchtála, Ambasáid na hÉireann - Fiontraíocht Éireann, ulica Mysia 5, 00-496 Vársá, an Pholainn
RÉIGIÚN AN AIGÉIN CHIÚIN AGUS NA HÁISE	Béising	+(86 10) 8448 8080	C/O Rannóg Tráchtála, Ambasáid na hÉireann, C612A Foirgneamh Oifigí, Beijing Lufthansa Ctr., No. 50 Liangmaqiao Road, Chaoyang District, Béising 100125, an tSín
	Hong Cong	+(85 2) 2845 1118	Room 504 (5/F), Tower 2 Lippo Centre, 89 Queensway, Admiralty, Hong Cong
	Kuala Lumpur	+(60 3) 2167 8200	Ireland House, The AmpWalk, No 218, Jalan Ampang, Kuala Lumpur, WP Kuala Lumpur, 50450 Kuala Lumpur, an Mhalaeisia
	Melbourne	+(61 1) 300 482 611	The Hub, 162 Collins Street, Melbourne, VIC 3000, an Astráil
	Mumbai	+(91 22) 490 556 80	An Rannóg Tráchtála, Consalacht na hÉireann, The Executive Centre, Capital Building, Bandra Kurla Complex, Mumbai 400 051, an India
	Súl	+(82 2) 721 7250	Ireland House, 13ú Urlár, Leema Building, 146-1 Susong-dong, Jongro-ku, Súl 03152, an Chóiré
	Shanghai	+(86 21) 6010 1380	Ardchonsalacht na hÉireann, An Rannóg Tráchtála, Svuít 700A, West Tower, Shanghai Centre, 1376 Nanjing Road West, Shanghai 200040, an tSín
	Singeapór	+(65 673) 32180	Ireland House, 541 Orchard Road #08-00, Liat Towers, Singeapór 238881
	Sydney	+(61 2) 9273 8514	Level 26, 1 Market Street, Sydney 2000, NSW, an Astráil
	Tóiceo	+(81 3) 3263 0611	Ireland House, 2-10-7 Kojimachi, Chiyoda-ku, Tóiceo, 102-0083, an tSeapáin
	Vítneam (Cathair Ho Chi Minh)	+(84 28) 7302 8186/8144	65-67 Le Loi, District 1, Cathair Ho Chi Minh, Vítneam

ENTERPRISE IRELAND

Fiontraíocht Éireann, The Plaza, Páirc Ghnó an Phointe Thoir, Baile Átha Cliath 3
Teil (01) 727 2000
www.enterprise-ireland.com

Is féidir an Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais seo a léamh ar líne ag:
www.enterprise-ireland.com/annualreport2020

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa d'Éirinn 2014-2020.
Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach.

An tAontas Eorpach
Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa

Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa d'Éirinn 2014-2020.
Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann agus ag an Aontas Eorpach.

Tá cuid de na tionscnaimh infheistíochta a dtacaíonn Fiontraíocht Éireann leo
á gcómhaoiniú chomh maith ag Ciste Forbraíochtaí Réigiúnaí na hEorpa (CFRE).

© Fiontraíocht Éireann Meitheamh 2020